

# Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020



# Méara Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

Mar Mhéara Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, is tógáil croí dom an Tuarascáil Bhliantúil 2020 seo a chur i láthair, mar ceapaim gur léiriú í ar gach rud atá maith faoi Phort Láirge mar áit chónaithe, oibre, agus infheistíochta. Ba iontach an chaoi ar oibrigh muintir Phort Láirge le chéile in 2020 go comhoibríteach, foireann Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, an pobal reachtúil agus cultúrtha i gcoitinne, an earnáil dheonach agus ionadaithe tofa.

Coinníodh an leibhéal seachadta seirbhísí atá ar fáil i ngach rannóg de Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge agus tosaíodh ar sheirbhísí úra le dul i ngleic leis an iliomad dúshlán atá roimh an tsochaí. Ba mhaith liom obair Ghlaao an Phobail a mholadh go háirithe, as aghaidh a thabhairt chomh gasta sin ar riachtanais na ndaoine is leochailí i sochaí, agus as tacaíochtaí fisiceacha agus sóisialta a chur ar fáil dóibh siúd is mó a ndeachaigh srianta COVID-19 i bhfeidhm orthu.

Is tógáil croí dom gur lean cuid mhór seirbhísí rithábhachtacha agus bunriachtanacha ar aghaidh agus go ndeachaigh siad i dtaithe ar chúrsaí ar líne agus fíorúil, cé go raibh na doirse tosaigh dúnta.

## Príomhfheidhmeannach

Is mór agam an deis a bheith ábalta breathnú siar ar an obair atá déanta ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge le linn 2020, bliain ina raibh athrú an-mhór agus gasta romhainn maidir lenár modh seanbhunaithe oibre. Mar eagraíocht, ghníomhaigh muid go gasta agus go héifeachtúil agus d'fhan muid dírithe ar ár bhfeidhm lárnach, seirbhísí poiblí a chur ar fáil do mhuintir Phort Láirge.

Le linn 2020, an tosaíocht a bhí againn i gcónaí ná sláinte agus folláine mhuintir Phort Láirge agus ár bhfoirne féin a chosaint, mar aon le seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil. Mar eagraíocht, d'oibrigh muid lenár lucht gnó chun tacaíochtaí agus cosaint a chur ar fáil a mholfadh tionchar na srianta agus cailleadh ioncain. D'oibrigh muid le rialtas náisiúnta chun leathadh amach gasta na dtacaíochtaí airgeadais a chinntiú, agus d'athraigh muid ár bpolasaithe agus nósanna imeachta féin chun an tsochaí a éascú, agus bhí gnó ábalta feidhmiú nuair a bhí sé ceadaithe.

Mar Mhéara ar Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, d'oibrigh mé leis an bhfeidhmeannas le cinntiú gur coinníodh ár gcruinnithe agus gur tháinig siad ar ais ar bhonn foirmiúil chomh gasta agus chomh héifeachtach agus is féidir, ag cinntiú go raibh muid ag feidhmiú chun cinntí a dhéanamh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Michael Walsh, PF agus a Fhoireann Bhainistíochta, leis an bhfoireann ar fad i gComhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, le mo chomhchomhairleoirí agus le baill an Oireachtais as an obair le linn na bliana deacra agus neamhghnáiche seo. Áit níos láidre agus níos comhtháite is ea Port Láirge mar gheall ar ár mianach agus ár ndíograis chomhchoiteann.



**Comh Damien Geoghegan**  
Méara Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge  
– Méara Iomlánach

Lean muid orainn chun ár gclár uailmhianach infheistíochta bonneagair a chur chun cinn, agus fuair muid maoiniú náisiúnta do réimse leathan tionscadal, síneadh an Riain Ghlais isteach i Lár na Cathrach mar shampla, agus deontas pleanála do na Céanna Thuaidh CFS, níos mó ná €2.5m infheistíocht i bhForbairt Gheilleagraic Thuaithe mar aon le hathrú mór maidir leis an bpolasaí faoin Athrú Aeráide. Sa bhliain 2020, thosaigh Comhairle Phort Láirge próiseas pleanála forbartha úr le rannpháirtíocht shuntasach ón bpobal in ainneoin srianta COVID19.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge as fíorshirbhís phoiblí a léiriú i mbliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill thofa agus leis an bhfoireann bhainistíochta sinsearaí as ceannaireacht a chur ar fáil i gcónaí le linn na bliana is neamhghnáiche i stair Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge.








**Michael Walsh**  
Príomhfheidhmeannach –  
Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge



## Ráiteas Misin

Is é ár misean ná Port Láirge a dhéanamh mar an áit is fearr agus is féidir dá mhuintir go léir agus dóibh siúd ar mian leo cónaí ann, cuairt a thabhairt air, nó obair nó infheistíocht a dhéanamh anseo.

# CLÁR

	<b>Do Chomhairle</b>	<b>1</b>
	<b>Daoine agus Pobail</b>	<b>9</b>
	<b>Cultúr Fáis a Chruthú</b>	<b>21</b>
	<b>Dúshraith Láidir</b>	<b>39</b>
	<b>Cúrsaí Airgeadais</b>	<b>53</b>



# DO CHOMHAIRLE



Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge tiomanta do leas Phort Láirge a fheabhsú. Feidhmíonn an eagraíocht de réir luachanna an daonlathais, uilechuimsitheachta, ionracais, cáilíochta, trédhearcachta agus cuntasachta. Agus tosaíocht á déanamh do dhaoine, táimid tiomanta do raon leathan seirbhísí a sholáthar go héifeachtúil. Oibríonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge faoi chreat raon leathan reachtaíochta agus rialachán a rialaíonn an chaoi a ndéanaimid ár ngnó.

### Méaraí & Cathaorligh:




**Comh Damien Geoghegan**  
Méara Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge  
– Méara Iomlánach



**Comh James Tobin**  
Cathaoirleach Dúiche Dhún Garbhán & Lios Mór



**Comh Eddie Mulligan**  
Leas-Mhéara Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge



**Comh Pat Nugent**  
Leas-Chathaoirleach Dúiche Dhún Garbhán agus Lios Mór



**Comh David Daniels**  
Méara Cheantar Cathrach Phort Láirge



**Comh Seán Power**  
Cathaoirleach Dúiche an Chomaraigh



**Comh Mary Roche**  
Leas-Mhéara Cheantar Cathrach Phort Láirge



**Comh John O'Leary**  
Leas-Chathaoirleach Dúiche an Chomaraigh



## An Chomhairle Iomlánach 2020

Ainm	Páirtí	Toghcheantar
Liam Brazil	Fine Gael	An Comarach
Declan Clune	Neamhspleách	An Comarach
Ger Barron	Páirtí an Lucht Oibre	An Comarach
John O'Leary	Fianna Fáil	An Comarach
Seáníe Power	Fine Gael	An Comarach
Tom Cronin	Fianna Fáil	Dún Garbhán / An Lios Mór
Declan Doocey	Fine Gael	Dún Garbhán / An Lios Mór
Damien Geoghegan	Fine Gael	Dún Garbhán / An Lios Mór
Pat Nugent	Fine Gael	Dún Garbhán / An Lios Mór
Séamus O'Donnell	Neamhspleách	Dún Garbhán / An Lios Mór
John Pratt	Páirtí an Lucht Oibre	Dún Garbhán / An Lios Mór
Thomas Phelan	Páirtí an Lucht Oibre	Dún Garbhán / An Lios Mór
James Tobin	Fianna Fáil	Dún Garbhán / An Lios Mór
Conor D. McGuinness	Sinn Féin	Dún Garbhán / An Lios Mór
Joe Conway	Neamhspleách	An Trá Mhór-Cathair Phort Láirge Thiar
Jim Griffin	Sinn Féin	An Trá Mhór-Cathair Phort Láirge Thiar
Susan Gallagher	Comhaontas Glas	An Trá Mhór-Cathair Phort Láirge Thiar
Joe Kelly	Neamhspleách	An Trá Mhór-Cathair Phort Láirge Thiar
Lola O'Sullivan	Fine Gael	An Trá Mhór-Cathair Phort Láirge Thiar
Eamon Quinlan	Fianna Fáil	An Trá Mhór-Cathair Phort Láirge Thiar
Jody de Paor	Comhaontas Glas	Cathair Phort Láirge Thoir
Davy Daniels	Neamhspleách	Cathair Phort Láirge Thoir
Pat Fitzgerald	Sinn Féin	Cathair Phort Láirge Thoir
Eddie Mulligan	Fianna Fáil	Cathair Phort Láirge Thoir
Mary Roche	Neamhspleách	Cathair Phort Láirge Thoir
Adam Wyse	Fianna Fáil	Cathair Phort Láirge Thoir
Breda Brennan	Sinn Féin	Cathair Phort Láirge Theas
Frank Quinlan	Fine Gael	Cathair Phort Láirge Theas
John Hearne	Sinn Féin	Cathair Phort Láirge Theas
Donal Barry	Neamhspleách	Cathair Phort Láirge Theas
Séamus Ryan	Páirtí an Lucht Oibre	Cathair Phort Láirge Theas
Jason Murphy	Fianna Fáil	Cathair Phort Láirge Theas

## Príomhoifigigh

Príomhfheidhmeannach	
Michael Walsh	Príomhfheidhmeannach
Stiúrthóirí Seirbhísí	
Fergus Galvin	Bóithre, Uisce & Timpeallacht
Ivan Grimes	Tithíocht, Pobal & Seirbhísí Éigeandála
Kieran Kehoe	Corparáideach, Cultúr, Acmhainní Daonna & Córáis Faisnéise
Bernard Pollard	Ceannaire Airgeadais
Michael Quinn	Leas-Phríomhfheidhmeannach & Forbairt Eacnamaíoch agus Pleanáil
Oifigigh Shinsearach	
Jane Cantwell	Leabharlann Cathrach agus Contae
John Croke	Innealtóir Cónaithe Tionscadail
Niall Curtin	Príomhoifigeach Dóiteáin
Billy Duggan	OFS Forbairt Eacnamaíoch
Ian Fitzpatrick	OFS Soláthar
Jack Doyle	Ceannaire ar Chórais Faisnéise
Catherine Horan	OFS Tithíocht
Carmel Hourigan	OFS Acmhainní Daonna
Gabriel Hynes	Innealtóir Sinsearach Bóithre
Paul Johnston	Innealtóir Cónaithe Sinsearach Tithíocht
Rupert Maddock	Ailtire Sinsearach
Pat McCarthy	Oifigeach Sinsearach Uisce
Eamonn McEaney	Bainisteoir/Coimeádaí Sheoda Phort Láirge
Liam McGree	Pleanálaí Sinsearach
Raymond Moloney	OFS Timpeallacht
Donal Murphy	Cuntasóir Airgeadais
Bryan O'Kane	Cuntasóir Bainistíochta
Don Tuohy	OFS Pobal
Richard Walsh	Ceannaire Fiontraíochta, Oifig Fiontraíochta Áitiúil

## Brústocaireacht a rialáil

Ar thosach feidhme an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015, an 1 Meán Fómhair 2015, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe faoi alt 6 (4) den Acht liosta a fhoilsiú a thaispeánfaidh ainm, grád agus mionsonraí gairide an ról agus na bhfreagrachtaí de gach “Oifigeach Poiblí Ainmnithe” de chuid an chomhlachta. Tá dhá chuspóir leis an liosta:

1. Cead a thabhairt don phobal na daoine sin atá ina nOifigigh Phoiblí Ainmnithe a shainnithint; agus
2. Mar acmhainn do bhrústocairí a chomhdaíonn tuairisceán ar an gClár a bhféadfadh go mbeadh orthu sonraí Oifigeach Poiblí Ainmnithe a aimsiú.

## Coistí um Beartas Straitéiseach (SPCanna)

Is éard atá in SPCanna ná coistí údaráis áitiúla i gcomhairlí cathrach agus contae a bhfuil comhairleoirí tofa, ionadaithe ó ghnó, ceardchumainn, grúpaí comhshaoil / caomhnaithe agus baill pobail agus dheonacha ina measc. Tá sé de chúram ar na Coistí um Beartas Straitéiseach, mar choistí na comhairle, comhairle agus cúnamh a thabhairt don chomhairle i gceapadh, i bhforbairt agus in athbhreithniú an bheartais.

Níl aon sainchúram ag SPCanna maidir le gnáthábhair oibríochta chun seirbhísí a sholáthar. Tá sé i gceist ag an gcóras SPC deis a thabhairt do chomhairleoirí agus do leasanna earnála ábhartha páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas déanta beartas ó na céimeanna luatha.

Feidhmíonn Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge 5 Choiste um Beartas Straitéiseach (SPC), agus an Stiúrthóir Seirbhíse ábhartha ag freastal ar gach ceann acu. Roghnaíonn an Chomhairle Cathaoirligh na SPCanna ag an SPC. Is fochoistí de chuid Chathair agus Chomhairle Phort Láirge iad na SPCanna agus caitheadh siad cloí le Buan-Orduithe agus rialacha nós imeachta na comhairle.

## Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíochta SPC

### Michael Quinn – Stiúrthóir Seirbhíse

#### Ballraíocht: Baill Tofa

An Comh Lola O’Sullivan (Cathaoirleach)
An Comh Conor D. McGuinness
An Comh Declan Clune
Comh Eddie Mulligan
An Comh Gerard Barron
An Comh Mary Roche – ceaptha Meitheamh 2020
An Comh Pat Fitzgerald
An Comh Pat Nugent

#### Ionadaithe Earnála:

David Lane	Ceardchumainn
David Walsh	Gnó
Garrett Wyse	LRP Ionchuisiú Sóisialta
Gerty Murphy	LRP Pobal & Deonach
Jennifer Harris	LRP Timpeallacht
Kevin Kiersey	Feirmeoireacht

#### Bhí 5 chruinniú ag an SPC in 2020

- 29 Eanáir
- 26 Bealtaine
- 22 Iúil
- 28 Deireadh Fómhair
- 2 Nollaig

#### Rinneadh na hábhair seo a leanas a phlé:

- Na Céanna Thuaidh agus tograí caipitil eile
- Scéimeanna Dreasachta Eacnamaíochta
- Plean Téarnaimh Eacnamaíochta COVID-19
- Dréachtphlean Forbartha Chathair & Chontae Phort Láirge 2022-2028
- Fodhlithe Trádála Ócáideacha
- Straitéis Miondíola Chathair & Chontae Phort Láirge 2020
- Scéim Píolótach Feabhsúcháin Aghaidheanna Siopa
- Tionscadal INTERREG - Blasanna Áitiúla
- Straitéis Dhigiteach Phort Láirge



## SPC Comhshaoil, Bithéagsúlachta agus Athraithe Aeráide

### Fergus Galvin – Stiúrthóir Seirbhíse

#### Ballraíocht: Baill Tofa

An Comh Pat Fitzgerald (Cathaoirleach)
An Comh Jim Griffin
An Comh John Hearne
An Comh Susan Gallagher
An Comh Ger Barron
An Comh Damien Geoghegan
An Comh Breda Brennan
An Comh Joe Kelly

#### Ionadaithe Earnála:

Tom Hogan	Ionadaí Ceardchumainn
Alan Walshe*	LRP – Ionadaí Timpeallachta – D'éirigh as i Meán Fómhair 2020
Obianju Ekedozie	LRP – Ionadaí um Ionchuisiú Sóisialta
Brid O'Heir	Ionadaí Pobail agus Deonach
Laura O'Brien-Forbes	Cumann Feirmeoirí na hÉireann

\*Ionadaí nua le dul i mbun oibre i mí Feabhra 2021 – Ethel McKenna Uas., Iontaobhas Fiadhúla na hÉireann

#### Bhí 3 chruinniú ag an SPC in 2020

- 14 Eanáir, 2020
- 23 Meán Fómhair, 2020
- 15 Nollaig, 2020

#### Rinneadh athbheithniú agus plé ar na beartais / fodhlíthe seo a leanas:

- Straitéis um Oiriúnú Aeráide agus Cairt Gníomhaíochta Aeráide (Cur i láthair)
- Beartas Plaistigh Úsáid Aonair (Comhaontaithe tagairt a dhéanamh don Chomhairle Iomlánach)
- Tuarascáil ar Ath-bhardasú na Seirbhíse Bailithe Bruscair
- Noraivíreas
- Tuirbíní Gaoithe amach ó Chósta Phort Láirge
- Truailiú ó Shoilse agus Feithidí
- Plean RMCEI 2019-2020
- GCC Cáilíocht Uisce 2013-2018
- Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair 2021-2024 – Comhaontaithe dul ar aghaidh chuig comhairliúchán poiblí
- Tuarascáil ar Cháilíocht Aeir

- Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Gníomhaíochta Aeráide
- Tuarascáil ar Rialú Madraí 2019
- Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí Oideachais Comhshaoil
- Straitéis Pointe Muirir Feithiclí Leictreacha
- Plé ar Dhó Ardtalaimh
- Fógra Foriarratais – T. Hogan, Ionadaí na gCeardchumann – Conair Loch Garman-Port Láirge-Luimnigh

## Pleanáil SPC

### Michael Quinn – Stiúrthóir Seirbhíse

#### Ballraíocht: Baill Tofa

An Comh Thomas Phelan (Cathaoirleach)
An Comh Liam Brazil
An Comh Tom Cronin
An Comh Davy Daniels
An Comh Seánie Power
An Comh Eamon Quinlan
An Comh Frank Quinlan
An Comh James Tobin

#### Ionadaithe Earnála:

Sean Carey	Cónaidhm Tógála na hÉireann
Niall Harrington	Ionadaí Gnó
John Galloway	LRP Ionadaí Timpeallachta
Donal Lehane	LRP Ionadaí um Ionchuisiú Sóisialta
Mary O'Halloran	LRP Ionadaí Pobail agus Deonach
John Heffernan	Ionadaí IFA

#### Bhí 4 chruinniú ag an SPC in 2020

- 25 Feabhra, 2020
- 15 Iúil, 2020
- 29 Deireadh Fómhair, 2020
- 27 Samhain, 2020

#### Áirítear leis seo na hábhair a rinneadh a phlé:

- Plean Forbartha Chathair & Chontae Phort Láirge
- Creat Náisiúnta Pleanála Mara
- Straitéis Miondiola Chathair & Chontae

\* Fógra Foriarratais arna tharchur chuig an gComhairle Iomlánach – An Comh Ó Cathasaigh - Dearbhaíonn CCCPL éigeandáil aeráide agus bithéagsúlachta agus bunóidh sé Coiste Gníomhaíochta Aeráide ar a mbeidh comhaltai tofa agus ionadaithe

\*\* Fógra Foriarratais - T. Hogan, Ionadaí Ceardchumainn - Wexford-Waterford-Limerick Corridor

## SPC Iompair & Bonneagair:

Fergus Galvin – Stiúthóir Seirbhíse

Ballraíocht: Baill Tofa

An Comh Séamus O'Donnell (Chairperson)
An Comh Joe Conway
An Comh Joe Kelly
An Comh John O'Leary
An Comh Jody Power
An Comh Declan Doocey
An Comh Jim Griffin

Ionadaithe Earnála:

Thomas Holden	Forbairt/Tógáil
Marian Walsh	Gnó/Tráchtáil
Elaine Mullan	Timpeallacht
Farid Ahmad Mohamman	Ionchuimsiú Sóisialta
Jim Farnan	Pobal agus Deonach

Bhí 3 chruinniú ag an SPC in 2020

- 27 Feabhra, 2020
- 21 Deireadh Fómhair, 2020 (ar Zoom)
- 9 Nollaig, 2020 (ar Zoom)

Rinneadh athbhreithniú agus plé ar na beartais/fodhlíthe seo a leanas:

- Ceadúnais Pháirceála
- Gníomhach chun na Scoile
- Plean Líonra Rothaíochta
- Straitéis Iompair Cheantar Phort Láirge
- Plean Forbartha Chathair Phort Láirge
- Nasc Áitiúil - Scáthlám Bus / Bealaí Bus
- Títhe mótaí & Veaineanna Campála

Athbhreithniú ar fhodhlíthe:

- Calafort
- Trá
- Páirceáil a Rialú

## SPC Tithíochta, Pobail, Cultúir, Spóirt & Áineasa

Ivan Grimes – Stiúthóir Seirbhíse

Ballraíocht: Baill Tofa

An Comh Adam Wyse (Cathaoirleach)
An Comh Donal Barry
An Comh Breda Brennan
An Comh Damien Geoghegan
An Comh Conor D. McGuinness
An Comh John Pratt
An Comh Séamus Ryan
An Comh Jason Murphy

Ionadaithe Earnála:

Richie McDonald	Ionadaí Tionscadail Tógála
Una Dunphy	Ionadaí Ceardchumainn
Mike Farrell	LRP Ionadaí Timpeallachta
Vince Rellis	Ionadaí um Ionchuimsiú Sóisialta
Rosemary Kennedy	Ionadaí Pobail agus Deonach

Bhí 4 chruinniú ag an SPC in 2020

- 25 Feabhra, 2020
- 17 Iúil, 2020
- 16 Deireadh Fómhair, 2020
- 3 Nollaig, 2020

Rinneadh athbhreithniú agus plé ar na beartais/fodhlíthe seo a leanas:

- Scéim Cíosa Dífreálach
- Leithdháiltí Deontas Tithíochta
- Beartas um Iompar Frithshóisialta
- Plean Gníomhaíochta um Thithe Folamh
- Seirbhísí Leabharlainne a leathnú
- Deontais chun Tacú le Pobail Phort Láirge
- Deontais um Chleachtais Ealaíona
- Deontais um Fhéilte Ealaíona
- Cosán na Cáile Phort Láirge

## Tinreamh Comhairleoirí

Comhairleoir	Freastal Iomlán ar Chruinnithe 2020*	Cruinnithe a Tionóladh 2020*	Nóta
An Comh Ger Barron	19	36	
An Comh Donal Barry	29	32	
An Comh Liam Brazil	33	36	
An Comh Breda Brennan	31	35	
An Comh Declan Clune	23	33	
An Comh Joe Conway	27	30	
An Comh Tom Cronin	29	34	
An Comh John Cummins	7	11	Tofa chuig Seanad Éireann Márta 2020
An Comh Conor D. McGuinness	33	37	
An Comh Davy Daniels	28	31	
An Comh Declan Doocey	26	30	
An Comh Pat Fitzgerald	47	51	
An Comh Damien Geoghegan	44	45	
An Comh Jim Griffin	28	29	
An Comh John Hearne	29	32	
An Comh Joe Kelly	34	35	
An Comh Eddie Mulligan	33	34	
An Comh Jason Murphy	29	30	
An Comh Pat Nugent	29	32	
An Comh Marc O’Cathasaigh	3	3	Tofa chuig Dáil Éireann Feabhra 2020
An Comh Séamus O’Donnell	37	46	
An Comh John O’Leary	31	31	
An Comh Lola O’Sullivan	49	50	
An Comh Thomas Phelan	40	41	
An Comh Jody Power	28	32	
An Comh Seánie Power	39	41	
An Comh John Pratt	36	36	
An Comh Eamon Quinlan	29	31	
An Comh Mary Roche	24	28	Comhthofa i mí Feabhra 2020
An Comh Séamus Ryan	30	31	
An Comh Matt Shanahan	2	2	Tofa chuig Dáil Éireann Feabhra 2020
An Comh Laura Swift	2	2	Comhthofa Feabhra 2020 agus d’éirigh sí as oifig ar 6/5/20
An Comh James Tobin	27	33	
An Comh Adam Gary Wyse	40	46	
An Comh Susan Gallagher	22	23	Comhthofa Meitheamh 2020
An Comh Frank Quinlan	19	23	Comhthofa Meitheamh 2020
<b>Total</b>	<b>1,016</b>	<b>1,132</b>	<b>JPC agus CPG san áireamh</b>

\*I measc na gcruinnithe bhí: An Chomhairle Iomlánach, Ceantair Bhardasacha agus Chathracha, SPCanna, CPGanna agus JPCanna.

## Íocaíochtaí Do Chomhairleoirí As Oiliúint agus Comhdhálacha 2020

Comhairleoirí	Comhdhálacha	Oiliúint	Íocaíochtaí Iomlán
An Comh Ger Barron			€-
An Comh Donal Barry			€-
An Comh Liam Brazil			€-
An Comh Breda Brennan			€-
An Comh Declan Clune	€390.66	€449.45	€840.11
An Comh Joe Conway	€552.89	€734.40	€1,287.29
An Comh Tom Cronin	€777.64	€1,224.11	€2,001.75
An Comh John Cummins		€465.75	€465.75
An Comh Davy Daniels		€467.54	€467.54
An Comh Declan Doocey			€-
An Comh Pat Fitzgerald			€-
An Comh Damien Geoghegan		€892.06	€892.06
An Comh Jim Griffin			€-
An Comh John Hearne			€-
An Comh Joe Kelly		€441.30	€441.30
An Comh Conor D. McGuinness		€508.91	€508.91
An Comh Eddie Mulligan	€543.93	€800.90	€1,344.83
An Comh Jason Murphy	€540.34	€935.71	€1,476.05
An Comh Pat Nugent			€-
An Comh Marc O'Cathasaigh			€-
An Comh Séamus O'Donnell			€-
An Comh John O'Leary	€583.59	€1,351.00	€1,934.59
An Comh Lola O'Sullivan			€-
An Comh Thomas Phelan			€-
An Comh Jody Power			€-
An Comh Seánie Power		€288.09	€288.09
An Comh John Pratt		€727.29	€727.29
An Comh Eamon Quinlan	€513.23	€369.72	€882.95
An Comh Mary Roche			€-
An Comh Séamus Ryan			€-
An Comh Matt Shanahan			€-
An Comh Laura Swift			€-
An Comh James Tobin		€488.15	€488.15
An Comh Adam Gary Wyse			€-
An Comh Susan Gallagher			€-
An Comh Frank Quinlan			€-
<b>Iomlán</b>	<b>€3,902.28</b>	<b>€10,144.38</b>	<b>€14,046.66</b>



# DAOINE AGUS POBAIL



## AN GRÉASÁN AGUS NA MEÁIN SHÓISIALTA

Tá Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ag leanúint de bheith ag forbairt a láithreachta ar fud réimse cainéal ar na meáin shóisialta agus figiúirí láidre lucht féachana againn ar Twitter agus ar Facebook (áit a bhfuil 15,330 leantóir againn). Tá an feidhmeannas gréasáin agus meán sóisialta ceangailte leis an Oifig Chumarsáide, rud a chruthaíonn scóip níos leithne don chumarsáid trasna gach réimse seirbhíse.

Tá ag éirí go maith lenár bpríomhleathanach gréasáin [www.waterfordcouncil.ie](http://www.waterfordcouncil.ie), agus béim againn ar eolas ábhartha atá cothrom le dáta agus ar sheirbhísí ar líne ar féidir teacht orthu go furasta. In 2020, bhí méadú 3.5% ar an trácht iomlán ar ár bpríomhleathanach gréasáin agus méadú suntasach le feiceáil ó 2019 ar sheirbhísí idirghníomhacha amhail an áis chuardaigh Phleanála, córas áirithintí do Choinní Tithíochta agus an áis íocaíochtaí ar líne.

Cruthaíodh agus/nó feabhsaíodh roinnt feidhmeannas/suíomhanna gréasáin eile i rith 2020, lena n-áirítear an Mol Tacaíochta Gnó COVID-19, feabhsúcháin ar an fhéilire áirithintí ar líne d'íarratais tithíochta agus na hardáin nua meán sóisialta 'Shop Waterford Support Local' ar Facebook, ar Twitter agus ar Instagram. Tugadh faoi thionscnamh eile, "This is Waterford" mar ar fhorbraiomar feachtas ar na meáin shóisialta agus féilire.

Bhí fás breise ar na meáin shóisialta ar gach cainéal, agus níos mó rannóg fós ag leathnú amach chuig na meáin shóisialta le hiomhá dhearfach de Phort Láirge a thaispeáint. Cén fáth nach dtabharfá cuairt ar leathanach na Leabharlann nó ar an leathanach 'Shop Waterford' ar Instagram!

## SAORÁIL FÁISNÉISE



## Tuarascáil Bhliantúil 2020 – Oifigeach Gaeilge – Oifig na Gaeilge

Mar aon le gach seirbhís eile, bhí obair Oifig na Gaeilge thíos le paindéim COVID-19 i rith na bliana. Bhí cuid mhór imeachtaí agus gníomhaíochtaí i bpearsa le cur ar ceal agus aistriú seirbhísí eile ar líne.



### Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

In ainneoin an cur isteach de bharr na paindéime, lean Oifig na Gaeilge de bheith ag tacú le seachadadh seirbhísí trí mheán na Gaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus reachtaíocht eile agus faoi Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Chontae Phort Láirge 2018-2021.

Rinne baill den phobal trí ghearán le hOifig an Choimisinéara Teanga maidir le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge in 2020. Bhain na gearáin le comharthaí Coróinvírís a bheith i mBéarla amháin sa Ghaeltacht; comharthaí i mBéarla amháin i gCathair Phort Láirge agus an rogha Ghaeilge ar phríomhlíne fóin na Comhairle. Chuathas i ngleic leis an gcéad ghearán acu seo chun sástachta Oifig an Choimisinéara Teanga; níorbh í an Chomhairle a thóg an dara comhartha agus bhíodhas fós ag dul i ngleic leis an tríú gearán faoi dheireadh na bliana.

## Seachtain na Gaeilge

Bhí bunús na n-imeachtaí agus ngníomhaíochtaí a bhí beartaithe chun ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge i mí an Mhárta le cur ar ceal ag an nóiméad deireanach, seachas cúpla imeacht scéalaíochta do pháistí a bhí sna Leabharlanna roimh an dianghlasáil, i gcomhpháirt le Coiste Cúram Leanai Phort Láirge Teoranta agus le Seirbhísi Leabharlainne Phort Láirge. I measc na n-imeachtaí eile a thit amach le tacaíocht Oifig na Gaeilge, bhí Scéalaíocht agus Ceardaíocht do Pháistí le Muireann Ní Chiobháin i Leabharlann Dhún Garbhán agus Lón na Gaeilge do bhail na Comhairle sa Chathair.

## An Ghaeilge i bhFéilte

Lean an tsraith léachtaí Tionól na nDéise de chuid Oifig na Gaeilge in 2020 mar chuid den fhéile **Tionól Níocláis Tóibín** a bhí sa Rinn i mí Feabhra. Thug an file agus an scríbhneoir áitiúil Áine Uí Fhoghlú caint den scoth ar an Sean-Nós **“Songs and singers from bygone times”**. Thacaigh Oifig na Gaeilge le roinnt imeachtaí Gaeilge/dátheangacha ar líne i rith an John Dwyer Trad Weekend a bhí sa chathair i mí Dheireadh Fómhair.

Ar an drochuair, bhí imeachtaí Gaeilge a bhí beartaithe i rith **Féile Bhia Iarthar Phort Láirge** i nDún Garbhán i mí Aibreáin agus an scoil samhraidh bhliantúil **Daoncoil na Mumhan** i gColáiste na Rinne, an Rinn, thíos le srianta na paindéime

## An Ghaeltacht

Lean an tOifigeach Gaeilge de bheith ag obair le pobal Gaeltachta Chontae Phort Láirge i rith na bliana, mar rúnaí ar bhord an chomhlachta forbartha áitiúil **Comhlacht Forbartha na nDéise** san áireamh. Leanadh den obair, laistige de shrianta COVID-19, ar fheidhmiú Phlean Teanga seacht mbliana an Limistéir Pleanála Teanga.

## Scoláireacht Gaeltachta

Ar an drochuair, níor bhronn Oifig na Gaeilge scoláireachtaí ar scoláirí trí Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta in 2020, de bharr nach raibh Coláiste na Rinne in ann cúrsaí samhraidh Gaeilge a chur ar fáil i rith na paindéime.

## Dún Garbhán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta

Lean Coiste Dhún Garbhán le Gaeilge (ar ball dá chuid an tOifigeach Gaeilge) leis an obair chun Plean Gaeilge a fhorbairt le haghaidh Dhún Garbhán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta faoi Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge an Rialtais. Cuireadh céim an taighde i gcrích faoi threoir na gComhairleoirí Pleanála Teanga, An Dr. Vicky Brady agus an Dr. Noel Ó Murchadha, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Claith. Baineadh leas as meascán de mhodhanna taighde cáilíochtúla agus cainníochtúla, lena n-áirítear gairm ar aighneachtaí, ceistneoir ginearálta teanga, ceistneoirí fócasaithe earnála agus agallaimh le grúpaí fócais agus le daoine aonair.

Is i bpersa a rinneadh an taighde go dtí mí an Mhárta agus ar líne níos moille anonn sa bhliain agus breis agus 500 freagra faighte. Baineadh úsáid as torthaí an taighde seo, chomh maith le hanailís ar Shonraí Daonáirimh chun Tuarascáil Taighde a chur le chéile, a bheidh mar bhonn don Phlean Teanga féin. D’eagraigh agus léirigh baill óga de Choiste Dhún Garbhán le Gaeilge an fhéile dhátheangach Féile Ealaíne Péacóg do Dhaoine Óga i mí na Samhna, agus í maoinithe ag Éire Ildánach Phort Láirge. Bhí an fhéile, a bhí le bheith ann i mí Lúnasa, le cur ar athló agus ansin cuireadh ar fáil ar líne í de bharr na paindéime.

## Coiste Logainmneacha

Lean Coiste Logainmneacha na Comhairle lena gcuid oibre i rith na bliana, agus cruinnithe ag tarlú tríd an bhfíschomhdáil. Faomhadh ainmneacha do cheithre fhorbairt tionsclaíochta dhéag san iomlán, agus comhairliúchán déanta le forbróirí príobháideacha agus le Rannóg Tithíochta na Comhairle.

## Tionscadal Ainmneacha Páirceanna na Scoileanna

Mar gheall ar na srianta, níorbh fhéidir scoileanna nua a chur le Tionscadal Ainmneacha Páirceanna na Scoileanna, a bhfuil an tOifigeach Gaeilge ag obair air i gcomhpháirt leis an gCartlannaí agus leis an Oifig Ealaíon, agus tacaíocht á fáil acu ón gclár Port Láirge Ildánach. Diríodh isteach, ina áit sin, ar dheardh agus ar fhorbairt suímh gréasáin chun an t-eolas atá bailithe go dtí seo a chur ar fáil do na scoileanna atá páirteach ann agus don phobal go ginearálta.



# SEIRBHÍS CHARTLANNAÍOCHTA CHATHAIR AGUS CHONTAE PHORT LÁIRGE

Oibríonn Cartlanna Chathair agus Chontae Phort Láirge go leanúnach chun a dheimhniú go gcaomhnaítear agus go gcoimeádtar rochtain ar tháifeadtaí agus ar chartlanna Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus chun scéal mhuintir Phort Láirge a chlárú. Tríd na Seirbhísí Bainistíochta Táifeadtaí, tugann siad tacaíocht d'obair rannóga na Comhairle, chun soláthar seirbhísí a éascú agus chun riachtanais dhlíthiúla a chomhlíonadh agus chun a dheimhniú go bhfuil clárú déanta ar sheachadadh na seirbhísí ar chaoi thrédhearcach agus inrochtana. Rinneadh gach iarracht na riachtanais seo a chomhlíonadh laistigh de na srianta sláinte poiblí a bhí ann de bharr COVID-19 in 2020.

## Deich mBlia na gCuimhneachán Céad Bliain

Lean an tSeirbhís Chartlannaíochta de bheith ag obair leis an Oifigeach Oidhreacht mar chuid de Choiste Dheich mBlia na gCuimhneachán Céad Bliain chun tionscadail a fhorbairt agus chun tacú le taighde ar Dheich mBlia na gCuimhneachán Céad Bliain i bPort Láirge. In 2020, sheol Paul Kehoe, TD agus Aire Stáit ag an Roinn Chosanta leabhar úr ar Richard Mulcahy, a rugadh i bPort Láirge, **“We Shall Win This War” Richard Mulcahy: A Military History**, le Pat Taafe. Tharla seo ar 22 Feabhra mar chuid den chomhdháil lae ar Richard Mulcahy a thit amach sa Seomra Mór, i Halla na Cathrach.

Tar éis don Mhéara, an Comhairleoir John Pratt, fáilte a thabhairt, thug John Bruton, an tIar-Thaioseach agus an tAmbasadóir AE chuig na Stáit Aontaithe, an óráid tosaigh; labhair An Dr. Pat McCarthy ar Dhéanamh an Réabhlóidigh agus labhair an t-údar Pat Taafe ar ról Richard Mulcahy sa Cheanncheathrú Ghinearálta agus i gCogadh na Saoirse. Labhair James Ryan ar mhuintir Uí Riain arbh as Loch Garman iad agus ar Min Ryan, bean Richard Mulcahy. Labhair David McCullagh, Iriseoir, Údar agus Craoltóir, ar Richard Mulcahy mar Pholaiteoir, mar Cheann Páirtí agus mar Aire, agus labhair Kate Manning, an Príomhchartlannaí, ar pháipéir Richard Mulcahy, fad a phléigh Gariel Doherty UCC cuid scríbhinní Richard Mulcahy agus an oidhreacht a d'fhág sé ina dhiaidh. Bhí freastal an-mhaith ar an imeacht seo agus i measc an lucht freastail, bhí baill teaghlaigh de mhuintir Mulcahy agus de mhuintir Uí Riain, lena n-áirítear Elisabet Birney, iníon Richard Mulcahy.

Bhí sraith cainteanna ann ar líne ar Thoghcháin Áitiúla 1920 **‘Waterford and the 1920 Local Elections: Fighting for a Voice and a new Ireland’** agus cuireadh seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ar 12 Samhain 2020 ag úsáid Chainéal YouTube Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.

Rinne an Méara, an Comhairleoir Damien Geoghegan na cainteanna a chur i láthair agus labhair an Dr. Pat McCarthy ar thoghcháin 1920 agus ar Chomhairle Cathrach Phort Láirge; labhair Joanne Rothwell, Cartlannaí na Cathrach agus an Chontae mar gheall ar Chomhairle Contae Phort Láirge; thug Aindrias Ó Cathasaigh, údar **Ainm na Saoirse: Gaeilge Dháil Éireann 1919-1922**, caint ar an nGaeilge agus an Rialtas Áitiúil sa tréimhse seo; labhair Heather Laird, údar **Subversive Law in Ireland**, ar na cúirteanna Dála; labhair an Dr Emmet O'Connor ar Pháirtí Lucht Oibre Phort Láirge 1917-1923 agus labhair Christina O'Connor ar Chumann na mBan i bPort Láirge.

Fógraíodh Ciste Cuimhneachán Pobail agus cuireadh ar fáil é chun tacú le tionscadail phobail ar Dheich mBlia na gCuimhneachán Céad Bliain. Eisíodh tuarascáil chuig na nuachtáin áitiúla i mí na Nollag 2020 ar na tionscadail ar thacaigh an Coiste Deich mBlia na gCuimhneachán Céad Bliain leo.

## Taispeántais agus Cainteanna

Forbraíodh tionscadal darbh ainm “Is Cuimhin Liom/I Remember” agus seoladh i mí an Mheithimh é mar chuid de chlár imeachtaí na Bealtaine. Tugadh cuireadh do dhaoine breacaosta a gcuid scéalta a roinnt ar a bheith ag maireachtáil trí imeachtaí eile agus labhairt ar an teacht aniar a d'fhorbair siad, chun go bhféadfadh a gcuid eispéireas cabhrú le daoine eile déileáil leis an tréimhse seo agus chun go bhféadfaidís cur leis an téama “Is treise Port Láirge le chéile”. Roinneadh na scéalta trí Sheirbhís Ghlaio chun Comhrá Phort Láirge le cúnamh ó Chomhairle Phort Láirge um Dhaoine Breacaosta.

Roinneadh na scéalta, freisin, ar shuíomh gréasáin **This is Waterford** na Comhairle <https://thisiswaterford.ie/i-remember-is-cuimhin-liom-project/>

I rith 2020, choimeád an Chartlann láithreach ghníomhach ar leathanach Facebook Chartlann Chathair agus Chontae Phort Láirge agus bhí sí páirteach sna cláir #WhereInWaterford agus #KnowYour5km #Waterford5km agus sraith iomhánna agus ceisteanna acu a bhféadfadh an pobal a bheith páirteach iontu. Bhí an Chartlann rannpháirteach, freisin, sna feachtais #ExploreYourArchive agus #lovelocalarchives chun cartlanna a oscailt don phobal ar líne tríd an leathanach Facebook.



## Tionscadal Stairsheanchais Phort Láirge Ilchineálach

Tá an tSeirbhís Chartlannaíochta agus Seirbhís na Leabharlann ag obair le Port Láirge Ildánach chun tionscadal stairsheanchais a fhorbairt agus chun tacú le pobail agus le daoine aonair guthanna agus scéalta éagsúla Phort Láirge a bhailiú. In 2020, is ar an oiliúint bhreise agus ar na pleananna don todhchaí a bhí an fócas nó níorbh fhéidir agallaimh bhreise a thaifeadh.

Ar 31 Deireadh Fómhair, thug Tomás MacConmara caint ar líne **Druids, Púca and the Banshee**, faoi na traidisiúin bhéil agus faoin tábhacht a bhaineann leis an stairsheanchas a bhailiú. Cuireadh seo ar fáil ar leathanaigh Facebook na Cartlainne agus na Leabharlainne. Beidh sí ar fáil amach anseo, freisin, mar chaint ar líne ar shuíomh gréasáin thionscadal Phort Láirge ilchineálach. Ar an Aoine an 11 Nollaig, thug Tomás MacConmara seisiún oiliúna ar líne, **Collecting Waterford Memories**, ar bhailiú an stairsheanchais. Bhí seo ann d'ionadaithe tofa, do ghrúpaí pobail agus do dhaoine aonair agus bhain sé le próiseas bailithe an Stairsheanchais agus an chaoi le páirt a ghlacadh i dTionscadal Stairsheanchais Phort Láirge Ilchineálach.

## Tionscadal Logainmneacha

De dheasca na srianta, níorbh fhéidir scoileanna nua a chur le Tionscadal na Logainmneacha a bhfuil an Chartlann ag obair air i gcomhpháirt le hOifigeach Gaeilge Phort Láirge agus le hOifig na nEalaíon le tacaíocht ón gclár Port Láirge Ildánach. Ina áit sin, díriodh isteach ar shuíomh gréasáin a dhearadh chun an t-eolas atá bailithe go dtí seo a chur ar fáil don phobal agus do na scoileanna.

## Seirbhísí Cuardaíochta

Bhí an Chartlann dúnta don phobal i rith an chuid is mó de 2020 de dheasca na srianta, ach lean sí uirthi de bheith ag tabhairt freagra ar fhiosrúcháin tríd an ríomhphost, tríd an nguthán agus tríd an bpost agus freagraíodh 132 fhiosrúchán in iomlán.

## Bainistiú Taifeadtaí

Cuireadh stop le seachadadh comhad idir Márta agus Meitheamh 2020 ach cuireadh tús arís leis i mí an Mheithimh ar bhonn seachtainiúil.

In 2020, leanadh den chomhobair le foireann na Seirbhísí Faisnéise chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir comhad na rannóg agus chun feabhas a chur ar shábháil leictreonach comhad. Tá nuashonrú á dhéanamh ar innéacsanna comhad le moltaí nua-eisithe coinneála an Pholasaí Náisiúnta Coinneála d'Údarás Áitiúla in Éirinn.

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ina ball den fhoireann athbhreithnithe um leasú ar an bPolasaí Náisiúnta Coinneála do thaifeadtaí na nÚdarás Áitiúil, polasaí a chruthaigh an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA).

# SEIRBHÍSÍ POBAIL AGUS SPÓIRT

## Sonraí ar Tháscairí Feidhmíochta a baineadh amach i rith 2020

Táscairí feidhmíochta - Cuspóir – Torthaí 2019 a choimeád agus a fheabhsú	
Táscaire Seirbhíse Náisiúnta	Líon cuairteoirí ar áiseanna a reáchtáilann an ÚA
Toradh 2019	160,518
Spriocanna 2020	162,999
Toradh 2020	64,352

Táscairí Seirbhíse	Líon grúpaí cláraithe leis an PPN	Céatadán de scoileanna agus de ghrúpaí óige áitiúla acu atá páirteach i gComhairle na nÓg
Toradh 2019	646	90
Sprioc 2020	655	90
Toradh 2020	744	90

## SEIRBHÍSÍ POBAIL

1. Tugadh tacaíocht do phobail tríd an Scéim Deontas Pobail chun Tacú le Port Láirge. Tugann an scéim seo cúnamh airgid do chlubanna spóirt áitiúla, do bhailte slachtmhara, do chumainn cónaitheoirí agus do grúpaí pobail agus deonacha chun a dheimhniú go mbeidh siad inmharthana. Bhí 404 iarratasóir ina teideal (ardú 11% ar 2019) agus leithdháileadh €195,500 don tionscnamh seo in 2020.

2. Thar ceann an LCSC, riar an Rannóg Pobail réimse scéimeanna deontas in 2020 agus iad maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe. Faoin **gClár um fheabhsú Pobal** do limistéir faoi mhíbhuntáiste, leithdháileadh €64,039 do thionscadail áirithe ar fud na cathrach agus an chontae faoi dheireadh na bliana. Faoin **gClár um Fheabhsú Pobal: Ionaid Phobail**, a thugann deontais chaipitil chun ionaid phobail agus foirgnimh phobail a chaomhnú, a fheabhsú agus a chothabháil, leithdháileadh €167,006 san iomlán ar 41 eagraíocht. Thug **Ciste Éigeandála COVID-19 2020** deontais do ghrúpaí a bhí páirteach sa chlár **Glaob Phobal Phort Láirge**, arbh iarracht é chun freagairt a thabhairt ar phaindéim COVID-19. Tugadh tús áite d'eagraíochtaí a thobhígh costais mar gheall ar sheachadadh díreach seirbhísí ar an líne tosaigh do dhaoine, amhail Meals on Wheels agus seirbhísí eile cosúil leis sin. €73,177 a leithdháileadh i measc 42 ghrúpa chláráithe. Faoin gCiste Éire Shláintiúil, bhí sé de sprioc ag an **Scéim Miondeontas um Meabhairshláinte an Phobail** tacú le cláir agus le tionscadail nuálacha trasearnála a thugann tacaíocht do mheabhairshláinte grúpaí tosaíochta agus a fheabhsaíonn í. Bhí an deontas seo ar fáil do ghrúpaí pobail áitiúla seachbhrabúsacha, do ghrúpaí deonacha, do ghrúpaí spóirt, do ghrúpaí ealaíne agus do ghrúpaí óige i gCathair agus i gContae Phort Láirge chun tacú le gníomhaíochtaí chun meabhairshláinte agus folláine grúpaí leochaileacha a fheabhsú. €30,000 a leithdháileadh i measc 9 n-eagraíocht.
3. In 2020, lean an Rannóg Pobail leis an tacaíocht **d'fhoirgnimh phobail** a mbaineann pobail áitiúla agus grúpaí deonacha saorúsáid astu.
4. Tá clú ar Phort Láirge as a bheith rannpháirteach sna **Gradaim Mhórtais Ceantair**. In 2020, bhí ionadaíocht ag Port Láirge ag na **Gradaim Náisiúnta Mhórtais Ceantair** nó bhí Dunhill Tourism Walking Trail LTD CLG agus Larchville Lisduggan Combined Residents Association páirteach sa chéad searmanas bronnta dár tharla riamh go fóirúil. Chuir an dá ghrúpa iontrálacha láidre isteach agus bhain Dunhill Tourism Walking Trail LTD CLG an dara háit amach laistigh dá gcatagóir. Tá Déise Women's Shed agus Rathgormack North Waterford Community Development ainmnithe ag an PPN agus déanfaidh na grúpaí seo ionadaíocht thar ceann Phort Láirge ag na **Gradaim Mhórtais Ceantair, 2021**.
5. Ba bhliain láidir eile í 2020 do **Chomhairle na nÓg**, Port Láirge. Ba é an príomhthionscadal a chuir a cuid ball i gcrích ná aip Comunitree a chruthú ar féidir le daoine óga úsáid a bhaint aisti. Cuireadh seo i láthair ag an CCB i mí Dheireadh Fómhair agus glacadh go fonnmar léi. Bhí baill de Chomhairle Phort Láirge páirteach i roinnt comhairliúcháin náisiúnta i rith na bliana. Tá 90% de na meánscoileanna agus de na grúpaí óige áitiúla páirteach i gComhairle Phort Láirge.
6. **Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)**: Tháinig méadú 15% ar an mballraíocht in 2020. Tá 744 bhallghrúpa anois cláráithe leis an PPN. Déanann an Rannóg Pobail páirtmhaoiniú ar obair an PPN agus tugann sí tacaíocht di. Ba phríomhpháirtí í an Chomhairle sna Gradaim Phobail bhliantúla, a d'eagraigh an PPN ar líne in 2020 de dheasca na paindéime. Tugann na gradaim seo aitheantas d'obair na bpobal ar fud na Cathrach agus an Chontae.
7. **An Coiste Comhphóilíneachta (JPC)**: Tá Coiste Comhphóilíneachta fíorghníomhach ag Port Láirge agus é ag dul i ngleic le ceisteanna éagsúla chun Port Láirge a dhéanamh níos sábháilte le haghaidh gach duine. In 2020, d'fhreastail an coimisinéir Harris ar chruinniú mhí an Mhárta agus thug sé cur i láthair maidir leis na hathruithe atá molta ar ranna an Gharda. De dheasca na paindéime, ní raibh ach dhá chruinniú de chuid an Chomhchoiste Póilíneachta ann in 2020 ach lean Coiste Stiúrtha & Maoirseachta an JPC de chruinnithe i rith na bliana chun maoirseacht a dhéanamh ar na cuspóirí agus chun a chinntiú go gcuirfear na gnéithe éagsúla den Phlean Oibre Bliantúil do 2020 i bhfeidhm. Mar chuid den phlean oibre, bhí roinnt mhaith feachtais ann i rith mhíonna na tsamhraidh, e.g. feachtais feasachta ar an bhFioscaireacht, ar an nGlaoscaireacht agus ar an gCibearchoireacht chomh maith le feachtais chun tuairisciú a chur chun cinn ar dhrochíde sa teaghlach agus ar dhrochíde ar sheanáirí. Bhí gradaim an Gharda Shíochána agus Gradaim Óige JPC Phort Láirge ann i mí Feabhra. Thug an t-imeacht seo aitheantas don chúnamh atá daoine óga a thabhairt dá bpobail i gContae Phort Láirge.



Coiste JPC 2020

**8. Comhghuaillíocht um Chabhrú le Daoine Breacaosta:**

I mí na Nollag 2017 a seoladh Straitéis Phort Láirge um Chabhrú le Daoine Breacaosta 2017-2022. Tá na naoi bhfoghrúpa théamacha ann, a cuireadh le chéile chun ceannaireacht a ghlacadh ar sheachadadh na ngníomhaíochtaí a aibhsíodh i rith na gcomhairliúcháin poiblí agus lean siad dá n-obair i rith 2020. In ainneoin thionchar phaindéim COVID-19, thug Comhairle Daoine Breacaosta Phort Láirge faoi pháirt mór oibre in 2020, lena n-áirítear cuid mhór tacaíochtaí do dhaoine breacaosta chun tionchar COVID-19 a mhaolú. Is den iliomad eagraíochtaí poiblí agus neamhphoiblí a dhéantar ballraíocht na Comhghuaillíochta um Chabhrú le daoine breacaosta; an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, LocalLink, Dungarvan Care for the Aged, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus BOO Phort Láirge/Loch Garman san áireamh.

**9. Deontais Féilte Pobail:** Lean ag Rannóg Pobail de bheith ag tacú le féilte pobail i rith na bliana, cé gur cuireadh cuid mhór acu ar ceal nó ar athlár de dheasca na paindéime. Tugadh maoiniú do 34 fhéile ó bhuiséad de €34,350.

**10. Féile Lá Fhéile Pádraig:** Ba é "Paisean dár bPláinéad" téama fhéile 2020. Ar an drochuair, de dheasca shrianta COVID-19, cuireadh an mórshuíl ar ceal ar 11 Márta.

**11. Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil (TIG):** Tá an grúpa seo déanta de ghníomhaireachtaí ábhartha reachtúla agus de thionscnaimh stát-urraithe a bhíonn ag soláthar réimse iomlán seirbhísí don Lucht Siúil; bíonn siad dírithe ar fheabhas a dhéanamh ar an gcaoi a soláthraítear na seirbhísí comhtháite seo ar bhonn praiticiúil. Tá sé de chuspóir ag Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil, Port Láirge, teacht ar bhealaí le torthaí is fearr a bhaint amach don lucht siúil agus feabhas a dhéanamh ar úsáid acmhainní ar fud na ranna rialtais maidir le sainbhearta don lucht siúil. Bhual TIG Phort Láirge le chéile deich n-uaire in 2020; bhí cúig chruinniú ann idir 29 Aibreán 2020 agus 23 Meitheamh 2020 agus rinneadh plé ar shaindheacrachtaí COVID-19 atá ag an bPobal Lucht Siúil. I measc na dtorthaí/na ngníomhartha sonracha, bhí forbairt Anailíse Riachtanas comhtháite agus Plean Straitéiseach do Phort Láirge, rud atá beagnach críochnaithe ach ar cuireadh moill air de dheasca na paindéime agus na srianta. Fuarthas maoiniú don tionscnamh seo ó Mhaoiniú FSS an Chrannechuir Náisiúnta agus ó ghníomhaireachtaí eile. Fuair an Grúpa Idirghníomhaireachta maoiniú don 'Chlár Brataí Bui' atá curtha i bhfeidhm cheana féin ar bhonn céimneach i dtrí scoil i bPort Láirge agus an gheallúint tugtha go dtabharfar maoiniú do dhá scoil eile, ar a laghad, sna trí bliana amach romhainn. Is tionscnamh forásach comhionannais agus éagsúlachta é an 'Clár Brataí Bui' do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna, rud a chuireann timpeallacht an ilchultúrachais agus na héagsúlachta chun cinn agus a thacaíonn léi.

**12. Straitéis um Imeachadh Imirceach:** Go luath in 2018, bhunaigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Coiste Phort Láirge um Fhorbairt Pobail Áitiúil tascgrúpa idirghníomhaireachta chun freagra a thabhairt ar iarratas a rinneadh faoin Straitéis Náisiúnta um Imeachadh Imirceach: Treoirphlean don Todhchaí. Tá sé de fhreagracht ar údarás áitiúla Fóram Imeachtha Imirceach a bhunú agus a gcuid straitéisí imeaschta a nuashonrú. Agus comhairleoir fostaithe chun tús a chur le Fóram Imirceach, bhí cruinnithe tosaigh le cuirí oscailte ann i nDún Garbhán agus i gCathair Phort Láirge. Ba é an toradh a bhí ar chruinnithe agus ar chomhairliúcháin le réimse grúpaí imirceach tar éis an méid sin, ná gur bunaíodh Fóram Imirceach ar a bhfuil ocht suíochán déag. Bhí seoladh oifigiúil an Fhóram ann i mí Feabhra 2019. Is é ról an Fhóram, inter alia, a bheith páirteach i bhforbairt straitéise imeaschta d'iomlán an chontae. Lean grúpa oibre, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó eagraíochtaí áitiúla áirithe, de bheith ag bualadh le chéile in 2020 chun tacú le forbairt na straitéise. Earcaíodh comhairleoirí chun Straitéis Phort Láirge um Imeachadh Imirceach 2021-2024 a fhorbairt, ach ar an drochuair, de dheasca COVID-19, ní fhéadfadh an seoladh tarlú in 2020, ach beidh sé ann go fíorúil i mí an Mhárta 2021.

**13. Freagairt ar COVID-19:** Bhí an Rannóg Pobail i dtús cadhnaíochta maidir le freagairt na Comhairle do phaindéim COVID-19. Ó mhí an Mhárta amach, bhí na baill foirne i dtús na bhfreagairtí, m. sh. tuairisc mhaoirseachta do líne chabhrach Ghlaio an Phobail; páirt ghníomhach maidir le pacáistí cúraim a thabhairt do lucht an ghátair; ag tacú leis an bhFóram Freagartha Pobail; ag eagrú scéimeanna deontais chun tionchar COVID ar dhaoine aonair agus ar phobail a mhaolú; ag tacú leis an tionscnamh Port Láirge Sláintiúil a fhéachann le dul chun cinn a dhéanamh ar fhreagairtí COVID agus a bheith i dtús cadhnaíochta maidir leis na tionscnaimh 'Fan Ceangailte' agus 'Fan Folláin'.

**14. Lean Coiste Phort Láirge um Fhorbairt Pobail Áitiúil**

(LCDC), ar fochoiste neamhspleách de chuid na Comhairle é, de bheith ag bualadh le chéile agus de bheith ag baint torthaí amach maidir le gné an Phobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP). Cuireann seo bonn faoi chur chuige is ciallmhaire, is cuíchóirithe agus is comhordaithe do chlár forbartha áite agus pobail. Tá de bhunfhreagracht ar LCDC pleanáil agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcaiteachas ar an bhforbairt áitiúil. Tá ionadaithe ar an LCDC ó fhorais phoiblí agus neamhphoiblí ón rialtas áitiúil, ó ghníomhaireachtaí stáit, ó phobail áitiúla agus ó ghrúpaí a bhfuil suim acu san fhorbairt, sa tsochaí agus sa gheilleagar. Bhuail an LCDC le chéile naoi n-uaire i rith 2020, agus córam bainte amach acu ag gach cruinniú. Cuireadh cruinnithe mhí Aibreáin agus mhí na Bealtaine ar ceal de dheasca COVID-19 agus is trí Zoom a reáchtáladh an chuid eile de na cruinnithe don bhliain. In 2020, lean an foghrúpa LCDC don tSláinte agus Folláine, a thugann tuairisc don LCDC ag gach cruinniú de chuid an LCDC, de bheith ag obair leis an tionscnamh Port Láirge Sláintiúil a bhí ann le roinnt blianta anuas. De dheasca shrianta COVID-19, rinneadh maoiniú do roinnt gníomhartha a athdháileadh do ghníomhartha eile, an tionscnamh **In This Together - Waterford's Response to COVID-19** san áireamh. Ba thábhachtach an taighde a cuireadh i gcrích, rud a d'aibhsigh agus a rinne ceiliúradh ar fhreagairt an phobail agus na ngrúpaí deonacha agus reachtúla i bPort Láirge do COVID-19 i rith na chéad dianghlása ar cuireadh tús léi i mí an Mhárta 2020. Rinne an tuarascáil cioradh freisin ar thionchar an Fhóram Freagartha Pobail (CRF) agus an ról a bhí aige in éascú agus i gcomhordú na freagartha áitiúla seo. Bhí Comhordaitheoir an Chláir Port Láirge Sláintiúil lárnach maidir le freagairt chiallmhar ar éilimh COVID-19 a éascú in 2020. Bhuail an foghrúpa LCDC ar Fheabhsú Scileanna le chéile roinnt uaireanta in 2020 chun machnamh a dhéanamh ar thionscnaimh le dul i ngleic leis an mbearna scileanna atá ann i bPort Láirge. Leagadh béim faoi leith ar chur chun cinn an tionscnaimh "Scileanna chun Feabhsaithe" go háitiúil. Rinneadh machnamh ar an ngá atá le comhordú a dhéanamh ar an oiliúint agus scilbhisiú a thabharfaidh soláthróirí éagsúla i bPort Láirge in 2021. Rinne fochoiste LCDC SICAP athbhreithnithe rialta ar fheidhmiú an chláir SICAP atá á chur i gcrích ag Comhpháirtíocht Cheantar Phort Láirge agus rinneadh seo a thuairisciú ag gach cruinniú de chuid LCDC.

**15. Ionchuimsiú Sóisialta:** Lean an Ciste Pobail um

Ionchuimsiú Sóisialta a Ghníomhachtú (SICAP), arbh fhiú €1,120,415 don Chathair agus don Chontae é in 2020, de bheith ag cúnadh le pobail agus le daoine aonair faoi mhíbhuntáiste. In 2020, tugadh cúnadh do 65 ghrúpa áitiúla agus do 584 dhuine aonair. Ba í mí-úsáid substaintí an riachtanas a ndeachthas i ngleic leis agus í ag teacht i dtreis. Cuireann Comhpháirtíocht Cheantar Phort Láirge an clár i gcrích agus déanann LCDC monatóireacht ar an dul chun cinn trí obair an phríomhchoiste agus trí obair an fhoghrúpa LCDC SICAP. Chuibhrigh Feidhmeoir an Chláir a ghníomhartha de bharr riachtanais COVID-19, lena n-áirítear tacaíochtaí breise do phobail faoi mhíbhuntáiste agus tacaíochtaí fostaíochta agus gnó.

**16. Plean Forbartha Tuaithe 2014 – 2020 – buiséad**

**€7,522,763:** I rith 2020, rinne an LCDC, agus é ag feidhmiú mar Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Phort Láirge (LAG), dul chun cinn ar chur i gcrích na ngníomhartha forbartha áitiúla a bhí faofa sa Straitéis Forbartha Áitiúla do phobal na tuaithe. Bhí 9 gcruinniú de chuid LAG ann. Rinneadh 36 íocaíocht le tionscnóirí tionscadail i rith 2020 ar luach **€1,167,078.58**. Cruthaíonn na hinfeistíochtaí seo sochair eacnamaíochta, timpeallachta agus pobail lena n-áirítear cruthú post úr trí thionscnaimh úra agus trí leathnú gnólachtaí. I rith 2020, rinneadh dul chun cinn ar 4 Ghairm Phobaldhírthe ar thionscadail, 8 gcruinniú de chuid an choiste mheasúnaithe, 12 chruinniú phoiblí trasna an Chontae agus 3 thionscnamh oiliúna Pobail. Bhain Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Phort Láirge (LAG) an chéad áit amach go náisiúnta in 2020 maidir le cur i gcrích tionscadal (íocaíochtaí).

## Spóirt agus Áineas

Ba é ceann de na príomhchuspóirí a bhí ag WCCC i dtaca leis an spóirt ná an rannpháirtíocht sa spóirt agus sa ghníomhaireacht coirp a mhéadú agus chuige sin tugadh tacaíocht chun áiseanna spóirt a fhorbairt agus pobail ghníomhacha a chur chun cinn. De bharr phaindéim COVID-19, bhí áiseanna spóirt le dúnadh roinnt uaireanta de bharr shrianta an rialtais agus bhí líon na n-úsáideoirí teoranta nuair a bhí cead acu a bheith ar oscailt. In 2020, thug 64,352 dhuine cuairt ar áiseanna a réachtálann an ÚA i bPort Láirge. Seachas Cúrsa Gailf Bhaile Liam, bhí laghdú ar líon na n-úsáideoirí sna háiseanna spóirt eile i 2020.

### Cúrsa Gailf Bhaile Liam

Ní raibh ach laghdú beag ar úsáideoirí na háise seo in 2020 mar go raibh an cúrsa gailf ábalta fanacht ar oscailt níos faide ná mar a bhí saoráidí spóirt eile. Ní raibh an cúrsa dúnta ach ar feadh 12 sheachtain i rith na bliana, seacht seachtaine sa chéad dianghlasáil agus cúig seachtaine idir lár mhí Dheireadh Fómhair agus deireadh mhí na Samhna. Bhí 309 mball ag an gcúrsa gailf bardasach in 2020, agus is ionann seo agus laghdú beag de 6% ó 2019. In ainneoin gurbh éigean an iliomad imeachtaí a chur ar ceal i rith na bliana, bhí Cúrsa Gailf Bhaile Liam ábalta 9 gcumann a óstáil i rith 2020.

### Ionad Spóirt Réigiúnach

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge leis an uasghrádú ar an tsaoráid seo in 2020, mar shampla, cuireadh conairí breise isteach sa chúrsa dhá mhaide, rud a fhágann rochtain níos fusa ag custaiméirí. Cuireadh roinnt imeachtaí ar ceal ag an RSC de dheasca COVID-19 mar nach raibh ceadaithe ach cluichí éilíte gan lucht féachana mar gheall ar threoirínte an rialtais agus dá bharr seo, tháinig laghdú 60% ar an úsáid ón mbliain roimhe.

### Ionad Spóirt Dhún Garbhán

De bharr na paindéime, ní raibh an t-ionad ar oscailt don phobal ach ar feadh 12 sheachtain in 2020, ach lean na scoileanna áitiúla de bheith ag úsáid na saoráide agus na scoileanna ar oscailt.

### Halla Spóirt agus Saoráid Phobail Charraig Phiarais

Ar an ábhar nach raibh clubanna agus eagraíochtaí áitiúla gníomhach de bharr na srianta, bhí laghdú mór ar líon na n-úsáideoirí, gan ach 2,900 i rith 2020 i gcomparáid le 20,660 in 2019.

#### Saoráidí súgartha:


- **Páirc Shúgartha Chnoc Sióin.** Fuarthas páirtmhaoiniú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i dtreo Páirc Shúgartha ar thailte CLG Chnoc Sióin. Rinneadh dul chun cinn ar na pleananna chun an pháirc a thógáil agus comhfhiontar ar bun idir CLG Chnoc Sióin agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Osclaíodh an pháirc shúgartha go hoifigiúil i mí Mheán Fómhair 2020.
- **Páirc Scátála Dhún Garbhán.** Rinneadh dul chun cinn ar thógáil saoráide nua scátála i nDún Garbhán. Táthar ag dúil leis go mbeidh an tsaoráid seo réidh faoi dheireadh 2021.

Bhí comhpháirtíocht rathúil ann idir Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar roinnt tionscadal i rith na bliana, lena n-áirítear Mol Pobail Spóirt Charraig Phiarais, Seachtain Náisiúnta na Rothar, Seachtain Náisiúnta an Áineasa agus an Lá Náisiúnta Súgartha.

# TITHÍOCHT

## Stoc Tithíochta

Cigireacht ar thithe cónaithe príobháideacha ar cíos:



### Cigireacht ar stoc an Údaráis Áitiúil féin

In 2020, rinne Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 2,261 cigireacht bheartaithe agus fhrithghníomhach ar an stoc tithíochta atá againn féin.

Mar gheall ar na cigireachtaí seo, rinneadh 1,867 bhfeabhsúchán agus 1,571 fheabhsúchán a bhí beartaithe lena dheimhniú go mbíonn ár gcuid réadmhaoine ag teacht leis na Caighdeáin Chíos.

Lig WCCC 95 réadmhaoín amach ar cíos arís tar éis do dheisiúcháin mhóra agus uas-ghrádú a bheith déanta orthu chun a dheimhniú go mbeidís ag teacht leis na Caighdeáin Chíos.

Lena chois sin, rinne WCCC 523 cigireacht ar réadmhaoín a d'fhéadfaí a fháil, ar réadmhaoín ar léas agus ar mhorgáistí le ligean ar cíos.

### Rogha Tithíochta ar Léas 2020



28,125

CUAIRT AR SHUÍOMH GRÉASÁIN  
ROGHA TITHÍOCHTA AR LÉAS



238

FÓGARThA  
DON BHLIAIN



1,677

IARRATASÓIRÍ  
A LÉIRIGH SUIM

### Deontais Oiriúnaithe Tithe

Méid na Scéime Deontais	Líon na n-iarratas a ceadaíodh	Luach iarratais 2020
Oiriúnú Tithe do dhaoine faoi mhíchumas. Uasmhéid. €30,000	50	€525,413.81
Scéim Chúnta Luaineachta: uasmhéid €6,000	51	€283,942.28
Cúnamh Tithíochta do dhaoine breacaosta: uasmhéid €8,000	52	€239,703.73
Oiriúnú an Stoic Tithíochta don Mhíchumas	72	€508,241
<b>Iomlán</b>	<b>225</b>	<b>€1,557,300.82</b>

## Iarratais Tithíochta

Iarratais Tithíochta	Líon Iomlán Iarratas don Bhliain 2019	Líon Iomlán Iarratas don Bhliain go Dáta 2020
Iarratas faighte	1,077	1,118
Iarratais a ndearnadh measúnú orthu (lena n-áirítear comhaid a tugadh ar aghaidh ón mí / na míonna roimhe sin)	1,355	1,317
Iarratais dheimhnithe (lena n-áirítear comhaid a tugadh chun tosaigh ó mhí (mhíonna) eile	718	817
Ceadaithe le haghaidh tacaíochtaí tithíochta sóisialta tar éis agallaimh leis an iarratasóir	734	753

## Íocaíochtaí Iarratas ar Thithíocht

Íocaíocht Chúnta Tithíochta	Líon carnach Tionóntachtaí HAP Socraithe go dáta	Líon Carnach Tionóntachtaí Gníomhacha HAP socraithe go dtí an dáta seo
Tionóntachtaí HAP	3,812	2,127

## Tithe Nuathógtha



70

Tithe nuathógtha ÚÁ

78

Nuathógtha ÚÁ

11

Tithe Nuathógtha AHB:  
Tithe nuathógtha Páirt V

159

LÍON NA DTITHE NUATHÓGTHA

0

Fásáin ÚÁ Maoinithe ag DHPLG-  
teoranta do shíleálacha caipitiúla  
faoi Atógáil Éireann

159

IOMLÁN

## Faighte



32

Ceannachán ÚÁ

18

Ceannachán AHB

50

IOMLÁN NA GCEANNACHÁN

## Ar léas Iomlán



76

IOMLÁN AR LÉAS

45

RAS

636

HAP

1,125

ASCHUR IOMLÁN 2020  
FAOI ATÓGÁIL ÉIREANN108% **SPRIOC TÓGÁLA 2020 BAINTE  
AMACH FAOI DHEIREADH R4 2020**

## Sheirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Bhí titim eile ar líon na ndaoine gan dídean i bPort Láirge in 2020, a tháinig de thoradh ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear tiomantas Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, an FSS agus Soláthróirí Seirbhísí do dhaoine gan dídean do chur chuige comhoibríoch comhtháite i leith na heaspa dídine. An cur chuige comhoibríoch seo mar aon le fócas ar sheachaint easpa dídine, ar idirghabhálacha luatha, ar thacaíocht do thionóntaithe agus ar thacaíocht d'fhágáil cliant gan dídean, ba iad a chabhraigh linn an líon a laghdú.

Lóistín éigeandála (LÉ)	Eanáir 2020	Nollaig 2020
Líon na ndaoine single i Lé	70	51
Líon na dteaghlach in Lé	2	1

Sliocht as tuairisceán DECLG

Bhí breis agus 3,744 ghlaoiteoir chuig an ionad ag **Seirbhís Comhtháite Phort Láirge do Dhaoine gan Dídean (WIHS)** i rith 2020 agus é ar oscailt i rith shrianta COVID-19 chun seirbhís agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a bhí gan dídean nó a raibh an easpa dídine á bagairt orthu. Is comhar ilghníomhaireachta é WIHS idir Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, An FSS, Fócas Éireann agus Clann Shíomóin an Iardheiscirt agus is é atá ann go bunúsach ná áit amháin ina mbíonn gach seirbhís ag obair i gcomhpháirt agus ag cur acmhainní agus saineolais le chéile chun an easpa dídine a sheachaint agus chun tacaíochtaí agus seirbhísí a thabhairt láithreach dóibh siúd atá gan dídean nó i mbaol a bheith gan dídean.

Seirbhís Comhtháite Phort Láirge do Dhaoine gan Dídean (WIHS) (Arna oscailt ar 25 Feabhra 2019)	2020
Líon na nglaoiteoirí ag cuardach seirbhísí in WIHS	3,744
Líon na ndaoine gan dídean a tháinig os comhair Fhoireann Easpa Dídine WCCC	1,267
Líon na Measúnuithe Foirmiúla déanta ar easpa dídine	762

#### Measúnuithe ar easpa dídine

D'iarr 1,267 dteaghlach tacaíochtaí maidir le heaspa dídine ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge i rith 2020, rud arbh ardú beag é ar fhiúir 2019 de 1,219.

As an 1,267 dteaghlach a tháinig isteach, fuair 762 acu Measúnú Foirmiúil ar easpa Dídine. Cliseadh teaghlach ba chúis le teacht 33% de na teaghlach, agus tar a éis sin, surfáil toilg/cónaí i dtithe róphlódaithe ba chúis le teacht 15% acu. Fógra chun éirí as nó scor tionóntachta ba chúis le teacht 8% acu i rith 2020.

I gcatagóir na ndaoine singil a bhí 76% (578) dóibh siúd a fuair measúnú foirmiúil ar easpa dídine agus 24% (178) a bhí i gcatagóir na dteaghlach.

Cuireadh stop le 51% (383) dóibh siúd a fuair measúnú foirmiúil ar easpa dídine dul isteach i lóistín éigeandála tríd an obair choiscithe lena n-áirítear idirghabháil teaghlach, obair idirghabhála agus úsáid Sheirbhís Aimsithe Lóistín an HAP (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta) mar mhalairt ar lóistín éigeandála. Mar thoradh ar an obair seo, níor ghá ach do 19% (147) dul i muinín lóistín éigeandála i rith 2020.

#### Seirbhís Aimsithe Lóistín an HAP

Tugadh Seirbhís Aimsithe Lóistín an HAP isteach chuig Port Láirge i mí na Samhna 2018 chun cabhrú le daoine gan dídean agus le teaghlach a bheadh i mbaol a bheith gan dídean teacht ar lóistín agus chun tacaíocht airgid a thabhairt maidir le héarlais agus cíos na chéad mhíosa do na teaghlach sin atá ar ioncain isle. Tá an tseirbhís seo barrthábhachtach i dtaca leis an easpa dídine a chosc cuid mhór agus i dtaca le cabhrú le níos mó daoine imeacht as lóistín éigeandála sealadach i bPort Láirge.

Seirbhís Aimsithe Lóistín an HAP	2020
Líon na dtionóntachtaí a bhí ann ar 01/01/20	117
Líon na dtionóntachtaí a cruthaíodh i rith 2020	195
Líon na dtionóntachta a bhí ann ar 31/12/2020	312

As an 195 thionóntacht a cruthaíodh in 2020, ba theaghlach 75 (38%) acu agus ba dhaoine fásta singile 120 (62%) acu.

Bhí an tSeirbhís Aimsithe Lóistín barrthábhachtach maidir le heaspa dídine a chosc agus cuireadh stop le 65 theaghlach agus 90 duine fásta singil dul isteach chuig lóistín éigeandála de thairbhe gur tugadh an tSeirbhís Aimsithe Lóistín dóibh. Is é a bhí barrthábhachtach freisin maidir le cliant gan dídean a thabhairt amach as lóistín éigeandála agus tacaíocht tugtha do 10 dteaghlach agus 34 dhuine fhásta shingile imeacht as lóistín éigeandála isteach chuig tionóntacht de chuid Sheirbhís Aimsithe Lóistín an HAP.

#### Clár Tithíochta ar dTús

B'athrú feiceálach sonraíoch é i gcathair Phort Láirge arís i rith 2020 go raibh laghdú suntasach ar líon na ndaoine a bhí ina gcodladh amuigh mar thoradh díreach ar fheidhmiú an Chláir Náisiúnta Tithíochta ar dTús.

Clár Tithíochta ar dTús	Tionóntachtaí
Líon tionóntachtaí Tithíochta ar dtús a bhí ann ar 31 Nollaig 2020	26

Tá sé d'aidhm ag an gClár Náisiúnta Tithíochta ar dTús lóistín agus tacaíocht chluthar a thabhairt le dul i ngleic le riachtanais choimpléascacha tithíochta agus sláinte; ina measc seo, áirítear meabhairshláinte agus riachtanais andúile do dhaoine a bhíonn gan dídean agus teacht níos fearr a thabhairt dóibh ar chúram sláinte trí thionachtaí is fearr tithíochta a thabhairt, croí-chonairí comhtháite is láidre a thabhairt agus trí thacaíochtaí a thabhairt i dtreo ath-imeascadh sa phobal.

Beidh 30 tionóntacht de chuid an chláir Tithíocht ar dTús ann i bPort Láirge faoi Mheitheamh 2021.


#### Paindéim COVID-19:

Ba bhliain an-dúshlánach í 2020 do gach duine le teacht na paindéime seo gan choinne agus ba í a bhí dúshlánach do na daoine gan dídean agus do sholáthróirí seirbhísí do dhaoine gan dídean araon. Glacadh le cur chuige comhtháite idir an FSS, Comhairle Phort Láirge agus Soláthróirí Seirbhísí do dhaoine gan dídean chun a chinntiú go mbeadh gach úsáideoir seirbhíse chomh sábháilte agus ab fhéidir agus is teist í ar na bearta iontacha a rinne gach soláthróir seirbhíse nach raibh ann ach 1 úsáideoir seirbhíse a raibh COVID-19 air i rith 2020.





# CULTÚR FÁIS A CHRUTHÚ



## Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontar

### Forbairt Eacnamaíochta Tuaithe:

I rith 2020, chuir an Rannóg Forbartha tuaithe roinnt cuspoirí straitéiseacha chun cinn, rud a d'fhág gur ceadaíodh iarratais faoi na sruthanna maoinithe seo a leanas:

#### Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe

Fuair an tionscadal athghiniúna agus athnuachan a bhí beartaithe do Baile Cheapach Choinn deontas €1.2m faoi Chatagóir 2 den Scéim RRDF. Cuireadh tús, freisin, leis an tionscadal €3.7 milliún de chuid Chatagóir 1 atá dírithe ar Ghairdíní Bhruachaille a athfhorbairt.

#### Scéim Athnuachana Bailte & Sráidbhailte (TVRS)- Beart luathaithe 2020 agus Príomhscéim 2019/2020

In 2020, fuair Port Láirge cead le haghaidh maoiniú deontais de €807,972.81 chun 21 tionscadal de chuid na Scéime Athnuachana Bailte & Sráidbhailte a chur i gcrích. I bhfianaise thionchar COVID-19 ar phobail tuaithe, dhírigh cuid de na moltaí ar roinnt suiteálacha sa ríocht phoiblí a chur i gcrích, rudaí a chabhróidh le buanú chultúr reatha na teagmhála pobail, fad a chuirfear le háilleacht na ngnéithe nádúrtha in áiteanna faoi leith; spreagfar daoine le húsáid a bhaint as na saoráidí áineasa lasmuigh ina gceantair. Is éagsúil na moltaí tionscadail atá ceadaithe, ó fhorbairt a dhéanamh ar Aip Thurasóireachta Tuaithe, ardáin Ríomhthrádála, oibreacha sa ríocht phoiblí amhail comharthaí, suíocháin, plandáil, oibreacha cosáin, stadanna bus, pubaill mhargaidh, ollphubaill, go dtí an fhorbairt atá molta i dTrá Mhór, áit a mbainfear úsáid as an maoiniú le hathearraíocht a bhaint as Cearnóg an Iarnróid mar spás margaidh lasmuigh le riar ar phreabmhargaí agus spás deise d'imeachtaí tráchtála agus sóisialta timpeall ar sheanfhoirgneamh an Stáisiúin Traenach.

**Laistigh den 21 tionscadal, tá 5 príomhthionscadal de chuid TVRS:**

- 1. An Eaglais** – bearta sábháilteachta do choisithe, oibreacha uasghrádaithe ar halla an phobail; suiteáil cuailí méire agus comharthaí turasóireachta agus oidhreachta. **Deontas ceadaithe €68,509.**
- 2. Dún Garbhán** – forbairt creatlaí straitéiseí agus plean feidhmithe do Dhún Garbhán. **Deontas ceadaithe €53,784.**
- 3. Cnoc an Óir** – suiteáil bonneagair TF laistigh de halla an phobail le cianmhol a chruthú; suiteáil scáthlín bus; agus suiteáil comharthaí eolais do thurasóirí. **Deontas ceadaithe €56,856.**

**4. Clais Mhór** – uasghrádú ar shaoráidí an fhoirgnimh pobail (an tIonad Oidhreachta agus an Seanteach Scoile) sa Chlais Mhór agus suiteáil comharthaí turasóireachta agus ollphubaill. **Deontas ceadaithe €85,446.**

**5. An tSráidbhaile** – dearadh agus suiteáil páirce bithéagsúlachta. **Deontas ceadaithe €88,615.00.**

**Bhí tús curtha againn freisin le 5 thionscadal de chuid na Scéime Athnuachana Bailte & Sráidbhailte a bhí ceadaithe ó 2019, ar luach deontais €500,000;**

- 6. Ceapach Choinn** – Feabhsúcháin sa Ríocht Phoiblí.
- 7. Bun Machan** – Limistéar Seirbhíse le aghaidh na forbartha ag an Trá.
- 8. Fionnúir** – dromchlú ar limistéar Babhlála Bóhair, suíomh Babhlála Faiche agus oibreacha sa ríocht phoiblí.
- 9. Dún Aill** – Oibreacha sa Ríocht Phoiblí le rochtain is fearr a thabhairt ar Shiúlán Ghleann Shruth Bhun Abha.
- 10. Léim Uí Bhriain** – soláthar agus suiteáil Páirce Súgartha.



#### Blasanna Áitiúla – Interreg AE

In 2019, chuaigh Forbairt Eacnamaíochta Tuaithe i gcomhar lenár bhfoireann Turasóireachta le páirt a ghlacadh i gClár Blasanna Áitiúla INTERREG AE, agus iad ag breathnú ar chur chuige straitéiseach chun an fhorbairt eacnamaíochta tuaithe a chur i gcrích tríd an oidhreacht, tríd an gcultúr agus tríd an turasóireacht. Rinneadh dul chun cinn mór ar an tionscadal in 2020 agus €40,000 faighte faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhaile - Beart Luathaithe. Cuireadh tús le forbairt aipe le cabhrú le turasóirí teacht ar thuath Phort Láirge mar aon le Plean Forbartha um Éispéiris na dTurasóirí. Leanadh de na cruinnithe ar líne i rith na bliana leis na Páirtithe Tionscadail san Eoraip.

Is contae é Port Láirge atá saibhir ó thaobh na sócmhainní de, ach is ar na lárionaid uirbeacha a thugann bunús na dturasóirí cuairt agus na ceantair thuaithe á n-úsáid mar cheantair idirthurais de thoradh ar easpa éispéireas comhtháite agus drochbhrandáil agus drochmhargaíocht.

**Mar chuid d'fhoireann thrasrannach atá páirteach i gClár Idirbhlansanna INTERREG AE, fuarthas maoiniú chun iad seo a leanas a chruthú:**

**11. Plean Forbartha um Eispéiris na dTurasóirí** – a bhfuil sé de rún aige a chur ar chumas Thuath Phort Láirge éispéiris chomhtháite do thurasóirí a chruthú agus a phoibliú, rud a chruthóidh féiniúlacht is féidir a úsáid le líon na dturasóirí a mhéadú.

**12. Aip Fhionnachtana Phort Láirge** – a chuirfidh ar chumas na dturasóirí iad féin a shá isteach i gcoilár na tuaithe i bPort Láirge. Tabharfar an dá rud chun críche in 2021.

Rinneadh forlíonadh ar na scéimeanna seo le maoiniú faoin gclár CLÁR, Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS), Ciste an Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh (FLAG) chomh maith leis an gClár LEADER de chuid Chompháirtíocht Áitiúil Phort Láirge.



## Forbairt Eacnamaíoch

### An Ché Thuaidh

I rith 2020, tarraingíodh anuas tuairim is €9m de mhaoiniú do thionscadal oibreacha bonneagair na Cé Thuaidh ón gCiste Forbraíochta Réigiúnaí Uirbí (URDF) agus ó Dheontas an Údaráis Náisiúnta Iompair um Bearta Inbhuanaithe Iompair. Chuir seo ar ár gcumas dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar na hoibreacha bonneagair agus muid ag imeacht ó chéim na pleanála go céim na tairisceana. I Meitheamh 2020, fuarthas tairiscintí le haghaidh Cheistneoir Measúnaithe Um Inbhuanaitheacht Ché Thuaidh Phort Láirge (SAQ) do na príomhoibreacha conartha. Mar chuid den phríomhchonradh tá an Mol Iompair, Droichead Iompair Inbhuanaithe agus Bonneagar Rochtana SDZ.

Ceannaíodh roinnt suíomhanna agus cuireadh bailchríoch ar dhá chonradh cumasaithe oibre d'Áthchúrsaí Fóntais agus Scartáil agus Glanadh Suímh ar Bhóthar na Mainistreach agus ar Bhóthar na nDuganna.

I mí Iúil 2020, thug Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge cead pleanála do Falcon Real Estate Development Ireland Teo. le haghaidh forbairt tuairim is 130,000 méadar cearnach laistigh de Zón Forbartha Straitéisí Ché Thuaidh Phort Láirge, lena n-áirítear foirgneamh tráchtála ilchineálach don turasóireacht, miondiól, bia & deochanna agus fóillíocht, 15,000 méadar cearnach de spás oifige, cúig fhoirgneamh cónaithe ina bhfuil 300 árasáin le taobh abhann, óstán 4 réalt agus ionad comhdhála 220 seomra, spás oscailte don phobal, nascadh idir an ríocht phoiblí agus an rian glas.

Tá an fhorbairt phríobháideach ag dul chun cinn agus i mí na Nollag 2020 faoi Mhír 183 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, d'aontaigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge tailte a chur as láimh do Falcon Real Estate Development Ireland Teo. ag Sráid Mhichíl agus ag Zón Forbartha Straitéisí Ché Thuaidh Phort Láirge.



### Tionscadal um Rochtain ar Lár na Cathrach

**Cuireadh roinnt tionscadal i gcrích mar chuid den Tionscadal um Rochtain ar Lár na Cathrach.**

- Cuireadh feabhsúcháin i gcrích in 2020 ar Bhóthar Uí Aonghusa, ar Lána de Brún agus ar Shráid an Chaisteáin.
- Bealach ó Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge go Sráid Colbeck – Dearadh mionsonraithe ar bun fós.

### An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF)

- Mar chuid den mhaoiniú €4.7m a leithdháileadh mar chuid de Scéim LIHAF in 2017
- Tá **Tionscadal LIHAF Chill Barra** críochnaithe anois agus nascbhóthar agus bonneagar anois ann le glacadh le suas le 2,000 aonad; cuirfear tús leis an chéad chéim de thógáil tithe in 2021.
- **LIHAF Gracedieu** – maoiniú ceadaithe.

## Oibreacha Ríochta Poiblí Thrá Mhór

Tar éis an fhógra i mí na Samhna 2018 faoi leithdháileadh €1.35m faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (UDRF), cuireadh tús le hobair thógála in 2020 agus tá sí seo sceidealithe le cur i gcrích in 2021. Is oibreacha iad seo a dhéanfaidh feabhas suntasach ar lár bhaile Thrá Mhór, a chabhróidh le gníomhaíocht tráchtála, a fheabhsóidh an íomha agus a chruthóidh ríocht phoiblí atá deartha ar ardchaigheán agus a léireoidh meas ar oidhreacht staire na háite fad a chruthófar íomhá úrnua chun beocht úr a chur i lár an bhaile.

## Féilte agus Imeachtaí

Thug Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge tacaíocht do 75 fhéile agus imeacht ar luach €1,286,458.

## Plean Athshlánúcháin Eacnamaíochta COVID-19 2020



Íomhá: Seoladh Phlean Athshlánúcháin Eacnamaíochta COVID-19 Phort Láirge ag an Méara, an Comhairleoir John Pratt, atá ag imeacht as oifig.

Mar fhreagairt ar COVID-19 agus an tionchar a bhí aige ar dhaoine agus ar ghnólachtaí ar fud Phort Láirge, d'fhorbair agus d'fheidhmigh grúpa gníomhaireachtaí eacnamaíochta an Plean Athshlánúcháin Eacnamaíochta COVID-19 agus Comhairle Phort Láirge á stiúradh; mar chuid de seo, bhí Oifig Fiontair Áitiúil Phort Láirge, Comhlachas Phort Láirge, Comhlachas Dhún Garbhán agus Phort Láirge Thiar, Visit Waterford agus Grúpa Gnó Phort Láirge.

Dhírigh an plean isteach ar roinnt de na príomhearnála ba mhó a bhí thíos leis, lena n-áirítear Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, miondíol agus fáilteachas sna lárionaid uirbeacha agus sa gheilleagar tuaithe. Ghlac Comhairle Phort Láirge leis an bplean ar 24 Meitheamh. Ba é formhísean an phlean 'daoine agus gnólachtaí a chur ar ais ag obair i gCathair agus i gContae Phort Láirge.'

### Baineadh an méid seo amach i rith fheidhmiú an phlean:

→ Mar fhreagairt láithreach ar an bpaindéim, bunaíodh Mol Tacaíochta Gnó ar líne le daoine a threorú chuig gach píosa tacaíochta agus eolais.

- Tá breis agus €11.5m íoctha ag Comhairle Phort Láirge le cuideachtaí áitiúla faoin Deontas Atosaithe, faoin mBreisiú ar an Deontas Taca Ioncaim (RSG) agus faoi RSG+ agus €4,502 an meánluach a tugadh.
- Thug OFA Phort Láirge cead do 592 Fhiontar bheaga agus meánmhéide le haghaidh Dearbháin Leanúnachais Gnó ar luach iomlán de €1.4m.
- Rinne 336 ghnó iarratas rathúil chuig OFA Phort Láirge le haghaidh Dearbhán Trádála ar Líne (TOV) ar luach iomlán de €781,540.
- Tugadh maoiniú do 3 cuideachta as Port Láirge le haghaidh Scéim Miondíola COVID ar Líne Fhiontar Éireann a raibh meándeontas náisiúnta aici de €36,700.
- Cabhraíodh le 21 iarratasóir lena gcuid iarratas chuig Mícrea-Airgeadas Éireann ar luach €503,420.
- Bhain 474 ghnó leas ag tacaíochtaí Meantóireachta COVID OFA Phort Láirge agus bhain 1,003 leas as oiliúint COVID. Tá seo scartha uatha siúd a bhainfeadh leas a tacaíochtaí comhchosúla a thugann Comhlachas Phort Láirge agus Comhlachas Dhún Garbhán agus Phort Láirge Thiar.
- Tharscaoil Comhairle Phort Láirge an táille bhliantúil cheadúnais S254 do shuíocháin taobh amuigh do 60 gnólacht áitiúil. Tacaíodh le suíocháin taobh amuigh trí Dheontas Suíochán Taobh Amuigh agus ceadaíodh 33 iarratas ar luach iomlán de €46,197.
- Fuarthas €140,000 trí mhaoiniú Bhailte agus Sráidbhailte atá deartha chun cabhrú le bailte agus le sráidbhailte athshlánú ó COVID-19; bhí 3 ghairm ann idir mí Iúil agus mí Lúnasa.
- Seoladh an feachtas Shop Waterford Support Local i mí na Bealtaine agus ní hé amháin gur chruthaigh seo láithreach láidir ar líne i gcomhar le [waterfordfyi.ie](http://waterfordfyi.ie), ach bhí gné-ailt sna meáin chlóite aige agus fógraí raidió ar WLR. Tá an feachtas á chur i bhfeidhm i gcomhar le Comhlachas Phort Láirge agus Comhlachas Dhún Garbhán & Phort Láirge Thiar. Tá an feachtas ag díriú, freisin ar dhaoine a spreagadh le glacadh le dearbháin Shop Waterford.
- Forbraíodh an t-ardán ríomhthráchtála [eWaterford.com](http://eWaterford.com) agus is é Comhlachas Phort Láirge a bhainistíonn anois é.
- Bunaíodh Tascfhórsa um Athshlánú na Turasóireachta Áitiúla le Fáilte Ireland agus forbraíodh feachtas turasóireachta baile le haghaidh 2020. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar 2020, rud a chuirfidh bonn eolais faoi na pleananna d'fheachtas 2021.
- Thug Fáilte Ireland maoiniú ar luach €30,000 faoin gClár Reignite do 'Illuminate Waterford'.

## Bainistíocht Cathrach & Lár an Bhaile

### Lárionaid Uirbeacha Spleodracha

#### Scéimeanna Dreasachta Rátaí

I rith 2020, lean an Rannóg Forbartha Eacnamaíochta de bheith ag réachtáil na Scéime Dreasachta Rátaí le gnólachtaí úra a mhealladh chuig an gcathair agus chuig lár na mbailte.

Tugadh an Scéim Dreasachta Rátaí isteach in 2013 le gnólachtaí úra a spreagadh le seilbh a ghlacadh ar fhoirgnimh fholmha ar fud Chathair, bhailte agus shráidbhailte Phort Láirge. Fuarthas 60 iarratas i rith shaolré na scéime agus d'éirigh le 40 acu. Chruthaigh an 40 gnólacht a fuair tacaíocht faoi na tionscnaimh thíosluaite idir 103.5 agus 111.5 post ar fud Phort Láirge.

Achoimre ar Iarratais a fuarthas go Dáta 2013-2020								
Scéim	Cathair Phort Láirge		Dún Garbhán		Trá Mhór		Bailte Leibhéal 3 agus Leibhéal 4	
	Iarratas déanta	Rathúil	Iarratas déanta	Rathúil	Iarratas déanta	Rathúil	Iarratas déanta	Rathúil
Ealaíona, Ceardaíocht, Ceardaí	24	18	6	2	4	3	6	5
Feistiú Miondíola	10	6	N/B	N/B	0	0	N/B	N/B
Feistiú Oifige	4	3	1	1	2	1	0	0
Neamhiomaíoch	N/B	N/B	N/B	N/B	2	1	1	0
<b>Iomlán</b>	<b>38</b>	<b>27</b>	<b>7</b>	<b>3</b>	<b>8</b>	<b>5</b>	<b>7</b>	<b>5</b>

### Scéim Feabhsúcháin Aghaidheanna Siopaí

In 2020, seoladh Scéim Feabhsúcháin Aghaidheanna Siopaí Fhíolótach agus d'éirigh le hiarratais 16 ghnó ar fud lár Chathair Phort Láirge agus fuarthas maoiniú ar luach €20,000. Is é aidhm na scéime tacú le húinéirí gnó cuma a bhfoirgneamh gnó i lár na cathrach a fheabhsú.

### Forbairt Bainistíochta Miondíola



Íomhá: Seoladh na hurraíochta ar áiteanna ar Chlár Forbartha Bainistíochta Miondíola REI le Lisa Grant, Comhairle Phort Láirge, David Walsh, OFA Phort Láirge agus Maeve Cook, The Book Centre.

I gcomhar le hOifig Fiontraíochta Áitiúla Phort Láirge, thacaigh Comhairle Phort Láirge le 5 úinéirí gnó áitiúla páirt a ghlacadh i gClár Forbartha Bainistíochta Miondíola Feabhas Miondíola Éireann, a chreidtear a bheith ar an gclár forbartha bainistíochta miondíola is mó tionchar agus is múnlaithí in Éirinn.

### Miondíol: Cuma Úrnua



Íomhá: Cainteoirí agus lucht eagraithe na hócáide ag Miondíol: Cuma Úrnua

D'óstáil Comhairle Phort Láirge, i gcomhair le Comhlachas Phort Láirge agus Banc AIB, 'Miondíol: Cuma Úrnua' i mí an Mhárta, le faisnéis a thabhairt do mhiondíoltóirí áitiúla ar léargas ar iompar custaiméirí agus ar threochtaí an mhiondíola agus ar threochtaí na sonraí. Thug Príomhfheidhmeannach Fheabhas Miondíola Éireann, David Fitzsimmons, faisnéis ar thodhchaí an mhiondíola don 80+ duine a d'fhreastail.

## Bratach Chorca

Fuair Port Láirge a chéad chreidiúnú Brataí Corcra, a bhronn An Cumann Bainistíochta Bailte agus Cathracha in 2015, agus d'éirigh leis, ó shin, sna measúnuithe bliantúla ar Zón na Brataí Corcra.

Léiríonn creidiúnú na Brataí Corcra go bhfuil Port Láirge aitheanta mar 'cheantar barr feabhais, go háirithe i ngeilleagar an tráthnóna'; is áit é ar fiú dul ag taisceáladh ann. Aithníonn sé caighdeán agus tarraingteacht lár na Cathrach mar aon leis an tsiamsaíocht agus leis na taitneamhachtaí cultúrtha. Creidtear gur tábhachtach an geilleagar oíche ó thaobh an gheilleagair agus an chultúir de araon. Tríd an Bhratach Chorca agus a páirtithe leasmhara, tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge tiomanta chun an 'Geilleagar Tráthnóna agus Oíche' a fhorbairt, rud a dheimhneoidh go mbeidh cur chuige fócasaithe fadtéarmach ann a bhfuil straitéis shoiléir, polasaithe comhtháite agus comhpháirtíocht rathúil ilearnála aige, chun a chinntiú go mbeidh eispéireas beoga sábháilte ag gach duine.

## Gaisce na nÓg

Is ball é Junior Achievement Ireland (JAI) de cheann de na heagraíochtaí neamhdheonacha oideachais is mó ar domhan, a chabhraíonn le daoine óga ullmhú don todhchaí. Déanann siad foghlaim theagmhálach a thabhairt san fhiontraíocht, san infhostaitheacht, sa litearthacht airgeadais agus i luach ETIM (STEM).

Oibríonn JAI i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun cur le hobair na scoileanna; earcaítear agus oiltear foireann dheonach a bhíonn ag obair le daltaí chun inspioráid agus spreagadh a thabhairt dóibh go ndéana siad an chuid is fearr dá n-oideachas. Cabhraíonn oibríthe deonacha Junior Achievement le daltaí chun naisc a chruthú idir an rud a fhoghlaimíonn siad ar scoil agus an chaoi ar féidir é a chur i bhfeidhm sa domhan fíor. Agus na hoibríthe deonacha seo ag roinnt a ndúthrachta agus a dtaithe, faigheann na daoine óga tuiscint ar ról tábhachtach an oideachais ina dtodhchaí. Spreagtar baill Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun páirt a ghlacadh sa chlár fiúntach seo agus cabhrú chun difear a dhéanamh i saol an pháiste.

## Turasóireacht

Tá tionscal na turasóireachta agus an fháilteachais i bPort Láirge thíos go mór le paindéim COVID-19. Go náisiúnta, bhí laghdú 85% ar an teacht isteach in 2020 agus cailleadh 160,000 post. Is ar na taitneamhachtaí faoi dhíon agus ar an bhfáilteachtas ba mhó a bhí an tionchar.

In 2020, chinn cuid mhór daoine saoire a chaitheamh i bPort Láirge, áfach, agus an tsaoire a dhíriú ar an réimse suíomhanna agus imeachtaí faoin aer atá ar fáil againn anseo. Thaitnigh líon mór cuairteoirí an iliomad tránna agus trialacha atá ar fud an chontae, go háirithe i mí Iúil & i mí Lúnasa nuair a tógadh na srianta náisiúnta taistil. Thug an méadú seo ar úsáid saoráidí faoin aer a chuid dúshlán féin agus suíomhanna mórílimh plódaithe in amanna agus bhí deacrachtaí bruscair, páirceála agus teacht ar leithris dá bharr seo.

Tá dúshlán earnáil na turasóireachta a bhí ann in 2020 ann fós agus is tosaíocht de chuid na Comhairle in 2021 fós tacú leis an tionscal dúchasach is mó in Éirinn a fhostaíonn an líon is mó daoine go réigiúnach.

### Figúirí Turasóireachta 2020:

Níl teacht orthu seo ó Fáilte Ireland go dtí deireadh R1 2021

## Visit Waterford

Is é Visit Waterford an páirtí leasmhar a bhfuil sé de fhreagracht air margaíocht agus poiblíocht a dhéanamh ar Phort Láirge mar cheann scribe turasóireachta. Tá an rath ar Visit Waterford bunaithe ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara maidir le ham agus ballraíocht íoctha; tá sciar mór de bhainistiú agus de reáchtáil na heagraíochta déanta ar bhonn deonach. Faigheann Visit Waterford tacaíocht agus maoiniú ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, freisin.

Seoladh an chéad fheachtas áitiúil de chuid Visit Waterford, **"Waterford, You're Invited, Come and See"** i Meitheamh 2020. Bhí an feachtas feasachta branda seo ar an teilifís, i gcló, ar an raidió agus ar chainéil dhigiteacha agus ba é an bunús a bhí leis ná táirgí uathúla atá le fáil sa chathair agus sa chontae a phoiblíú. Bhí an feachtas ceangailte le feachtas margaíochta Fáilte Ireland, a raibh sé d'aidhm aige, freisin, méadú a dhéanamh ar shaoirí áitiúla in Éirinn. Chonaic spriocluacht féachana ar fud na hÉireann an feachtas nua, a rinne cuairteoirí a spreagadh chun teacht ar an áilleacht nádúrtha agus ar na seoda folaithe atá ar fáil i bPort Láirge ó taobh cultúir, radharcra, eachtraíochta, imeachtaí agus siamsaíochta de.

### Tugann an achoimre seo thíos léargas ar phríomhthorthaí an fheachtais margáiochta seo in 2020:

- Feachtas teilifíse 4 seachtaine ar Virgin Media – 3.5 milliún féachaint
- Líonra Taispeántais 10 seachtaine & fógraí YouTube – 2.4 milliún féachaint
- Poiblíocht 1 seachtaine ar sheónna Ireland AM - lucht éisteachta 667k
- Comórtas Facebook 4 seachtaine (páirtithe Raidió)- lucht féachana 625k
- Comhobair le Blagadóir Taistil – lucht féachana 341K
- Feachtas Raidió 4 seachtaine – Stáisiún Náisiúnta agus Áitiúla – lucht éisteachta 1.3 milliún

### I rith 2020, d'oibrigh Visit Waterford ar roinnt tionscnamh eile lena n-áirítear:

- Scannánaíocht do Country by Country - Craoladh de chuid SAM i R1 2021
- Comhpháirtíocht Díolachán SAM le Fáilte Ireland
- Canadian Fam Trip - Eanáir 2020
- Seó Taistil Holiday World i mBaile Átha Cliath – Feabhra 2020
- Aonach Taistil an Domhain - Samhain 2020
- Athbhrandaíl Bhalún Te Phort Láirge
- Nuashonrú ar shuíomh gréasáin Visit Waterford

## Fáilte Ireland

Leanann an Chomhairle de bheith ag obair go dlúth le Fáilte Ireland chun a dheimhniú go mbíonn Port Láirge san áit is fearr le teacht ar dheiseanna a thagann tríd an Údarás Forbartha Náisiúnta Turasóireachta. Roinnt faisnéise, rannpháirtíocht i gceardlanna agus ailíniú le branda Oirthear Ársa na hÉireann, seo rudaí a dheimhniú go leanann Port Láirge de bheith feiceálach maidir le pleananna poiblíochta agus forbartha Oirthear Ársa na hÉireann.

### Maoiniú Bronnta in 2020:

- €25,000 chun forbairt a dhéanamh ar Cheiliúradh Réigiúnach Lá Fhéile Pádraig na hÉireann 2021.
- €30,000 do 'Illuminating Waterford' ag Winterval 2020.
- €500,000 do Chlár na mBailte Ceann Scríbe i gCathair Phort Láirge lena n-áirítear feabhsúcháin ar Thriantán na Lochlannach, beochan feabhsaithe agus bealach is fusa trí lár na cathrach.

Bunaíodh an Tascfhórsa Athshlánaithe Turasóireachta i mí na Bealtaine 2020, grúpa oibre práinneach agus criticiúil atá tiomanta d'athshlánú thionscadal na turasóireachta. Is baill ghníomhacha an Chomhairle sa Tascfhórsa Athshlánaithe Turasóireachta, san Fhoghrúpa Gníomhaithe Tionscail agus sna foghrúpaí Margáiochta.

### Tacaíochtaí Fáilte Ireland a fuarthas i bPort Láirge in 2020

Scéim	Líon Gnólachtaí
Cairt Sábháilteachta Fáilte Ireland	144 Cláraithe (101 a bhfuil an Chairt Críochnaithe acu)
Ciste Oiriúnúcháin	142 iarratas curtha isteach (111 próiseáilte & íoctha)
Deontas Atosaithe do Leaba agus Bricfeasta	14 iarratas Curtha Isteach (12 próiseáilte & íoctha)

Ag tógáil ar an rath a bhí ar fheachtas margáiochta áitiúil Fáilte Ireland in 2020, bhí sraith úr teilifíse ag RTÉ i gcomhpháirt le Fáilte Ireland 'No Place Like Home' agus bhí Port Láirge mar chuid de agus radhairc ann ó Rian Glas na nDéise agus Geopháirc Dhomhanda UNESCO Chósta an Chopair.

## Discover Ireland/Suíomh gréasáin Oirthear Ársa na hÉireann:

- Ba é leathanach Phort Láirge an leathanach lamairne ba mhó féachaint ar shuíomh gréasáin Oirthear Ársa na hÉireann in 2020.
- Ó bhí Meitheamh 2020 ann, bhí 1,831 atreorú trádála ann chuig gnólachtaí Phort Láirge trína gcuairt ar [www.discoverireland.ie](http://www.discoverireland.ie)

## Eolas Turasóireachta

Leanann an Chomhairle de bheith ag tabhairt tacaíocht bhliantúil d'Oifigí Turasóireachta Thrá Mhór agus Dhún Garbhán, Ionad Oidhreachta na Leasa Móire agus Geopháirc Dhomhanda UNESCO Chósta an Chopair chun a dheimhniú gur féidir le turasóirí go Port Láirge teacht ar eolas ar fud an chontae.

I mbliana, d'éascaigh an Chomhairle soláthar eolais turasóireachta ag Pálás an Easpag tar éis d'Oifig Turasóireachta Fáilte Ireland a bheith dúnta i gCathair Phort Láirge ar bhonn sealadach.

## Conair Gairdíní Phort Láirge

I rith bliain an-dúshlánach don 12 ghairdín agus mhórtheach ar Chonair Gairdíní Phort Láirge, d'aibhsigh feachtas Facebook oidhreacht shaibhir na háite seo ar díol spéise do thurasóirí í, áit a bhí uathúil agus sábháilte faoi na srianta. Tháinig méadú de 3-4% in aghaidh na míosa ar na leantóirí Facebook; agus méadú bliantúil ann de 40% ar líon na leantóirí. Ba iad an 2 phost ba mhó teagmháil ná Teach agus Gairdíní an tSruháin Aoibhinn, Cill Mhíodáin agus gné-alt ar Ghairdíní Bhóthar na Mainistreach, Port an Chalaigh agus an Charthanacht de chuid Phort Láirge Helping Hand. Bhí lucht féachana 11.5K ann san iomlán.

Cé go raibh ar an iliomad gairdíní dúnadh ar feadh tréimhsí sínte, b'airde líon a gcuaríteoirí ná blianta roimhe mar gheall ar na suíomhanna móra faoin aer a bheith ar fáil don áineas. D'éirigh leis na gairdíní an méid a bhí siad a ofráil a oiriúnú, mar shampla, searmanais phósta i nGairdíní Seapánacha Lafcadio Hearn agus saorchead isteach chuig Gairdíní Bhruachaille mar cheiliúradh ar Lá na Seantuistí.

## Bruachail

Nuair a mheabhraítear nach raibh na gairdíní ar oscailt ach ar feadh 18 seachtaine in áit 49 seachtaine mar a bhí in 2019, bhí bliain mhaith ag Bruachail. Tháinig laghdú 60% ar líon iomlán na dturasóirí ach níor tháinig ach laghdú 24% ar líon na dturasóirí a bhí ag íoc. Bhí seo amhlaidh den mhórchuid mar thoradh ar dhúnadh shlí isteach Rian Glas na nDéise agus aistriú chuig córas áirithintí ar líne.

Bliain	2020	2019
Líon iomlán cuairteoirí	18,377	48,037
Cuairteoirí a d'íoc	17,025	22,536

Chuaigh tréimshe na srianta oscailte chun tairbhe do na gairdíní féin mar go ndearnadh cuid mhór oibre sa bhreis san aimsir thirim i mí Aibreáin agus mí na Bealtaine nuair a bhíodh baill foirne gnóthach de ghnáth ag cur fáilte roimh chuaríteoirí. Baineadh ar shiúl crainn a bhí tite; cuireadh síolta úra sna faichí agus rinneadh cuid mhór plandála.

Mhéadaigh áirithintí ar líne ó níos lú ná 10% go breis agus 90%, toradh dearfach ar COVID nó cabhraíonn seo leis an bpleanáil agus leis an smacht gan baint d'eispéireas iomlán an chuaríteora.

Mar thoradh ar an bpaindéim, d'aimsigh daoine sult agus pléisiúr sa dúlra agus iad ag iarraidh éalú amach faoin spéir mhór. Agus gairdíní móra, radhairc áille agus spás chun lá sábháilte a chaitheamh i nGairdíní Bhruachaille, is cinnte gur chuir siad seo le bliain a déarfá a bhí rathúil, i bhfianaise na dtosca mar a bhí.

## Gleannta na Mumhan

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge páirteach i dtionscadal margáíochta turasóireachta idir Chomhairlí Thiobraid Árann, Chorcaí agus Luimnigh agus fócas ar an siúl agus ar imeachtaí eachtraíochta i gcúig shliabhraon, Cnoc Maoldomhnaigh, An Comarach, Cnoc Mór na nGaibhlté, Sliabh an Nóglaigh agus Bealach Eabhra. Seoladh Plean Straitéiseach d'Fhorbairt na Turasóireachta 2020-2025, rud a mhéadóidh ar chumas turasóireachta Ghleannta na Mumhan. Tacóidh seo le deiseanna reatha agus le deiseanna nua turasóireachta. Tá sé d'aidhm ag an Straitéis comhpháirtíochtaí a uasmhéadú, rud a thabharfaidh deiseanna do ghnólachtaí áitiúla nó beidh táirgí agus éispéiris nasctha ann ar fud cheantar Ghleannta na Mumhan. [www.munstervales.com](http://www.munstervales.com)

## Bealaí na gCeilteach

Is éard atá i dtionscadal Bhealaí na gCeilteach ná grúpa páirtithe trasna Mhuir Éireann déanta de Carmarthenshire, Ceredigion, Cill Mhantáin, Loch Garman, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Pembrokeshire Coast National Park Authority. "Bealaí na gCeilteach" ainm na comhpháirtíochta agus i bunaithe chun tionscadal turasóireachta oidhreachta a chruthú a chuirfidh le líon na gcuaríteoirí agus an t-airgead a chaithfidh siad. Forbraíodh an tionscadal le dul i ngleic le nós aistrithe na ndaoine; ag tabhairt le chéile sócmhainní cultúrtha agus oidhreachta in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag le cur le líon na gcuaríteoirí (cuairteoirí lae agus cuairteoirí thar oíche araon), rud a rachaidh chun leas gheilleagar na hÉireann agus na Breataine Bige araon. Tá an tionscadal páirtmhaoinithe ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa tríd an gclár Comhoibre idir Éirinn agus an Bhreatain bheag 2014-2020. [www.celticroutes.info](http://www.celticroutes.info)

## Conairí áineasa Phort Láirge

Ba thábhachtach teacht a bheith ar shaoráidí lasmuigh ar ardchaighdeán ar son shiamsa agus chompord phobail Phort Láirge i rith 2020. Bhí sé ní ba thábhachtaí ná riamh go ndéanfadh daoine aclaíocht laistigh dá réimse ceadaithe chun a sláinte coirp agus meabhrach a choimeád.

Ba dhúshlánach poiblíocht a dhéanamh ar Rian Glas na nDéise agus ar chonairí áineasa eile i rith 2020. Bhí sé rithábhachtach go mbeadh an teachtaireacht chuig an bpobal ag teacht le teachtaireacht an rialtais agus na Foirne Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHE)



## Seo a leanas na príomhthreochtaí a bhaineann le meáin shóisialta Rian Glas na nDéise in 2020:

### Facebook

Mhéadaigh líon na leantóirí Facebook ó 31,082 i mí Eanáir go 32,630 i mí na Nollag. Bhí méadú 5% ann don bhliain ina hiomláine.

Líon na leantóirí	
Eanáir	31,082
Nollaig	32,630

### Twitter

Mhéadaigh líon na leantóirí Twitter ó 5,320 i mí Eanáir go 5,868 i mí na Nollag. Bhí méadú díreach os cionn 10% ann don bhliain ina hiomláine.

Líon na leantóirí	
Eanáir	5,320
Nollaig	5,868

### Forbairtí ar Rianta Glasa eile

Nasc Rian Glas ó Charraig na bhFraochán go lár na Cathrach – dearadh mionsonraithe críochnaithe

Rian Glas ó Phort Láirge go Trá Mhór – maoiniú ceadaithe le haghaidh staidéar féidearthachta ar roghnú an chúrsa agus ar chéim na pleanála.

Rian Glas ó Dhún Garbhán go Mala – i gcomhpháirt le Comhairle Contae Chorcaí, fuarthas maoiniú le haghaidh staidéar féidearthachta ar Rian Glas 76 KM idir Dún Garbhán agus Mala.

Glasbhealach Chill Chainnigh – tosaíodh ar thógáil an chúrsa 24Km idir Ros Mhic Tríúin agus an Ché Thuaidh i gcathair Phort Láirge, rud a naiscfeadh leis an Rian Glas idir Port Láirge agus Dún Garbhán.

### Conairí Áineasa Phort Láirge

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge de bheith ag obair le gníomhaireachtaí stáit, le pobail áitiúla agus leis na príomhpháirtithe leasmhara chun saoráidí áineasa lasmuigh ar ardchaighdeán a phoibliú agus a fhorbairt, go háirithe conairí rothaíochta agus siúil faoi na tionscnaimh Shiúlóidí Phort Láirge agus Chonairí Phort Láirge. Maoiníodh roinnt tionscadail Conairí áineasa faoi Mhaoiniú Thionscadal Éireann 2040 agus faoi chlár forbartha tuaithe lena n-áirítear an Scéim Bonneagair Áineasa lasmuigh agus an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. I rith 2020, fógraíodh maoiniú le haghaidh oibreacha ar thionscadail conairí a bhí le tosú nó a bhí le leanúint ar aghaidh, lena n-áirítear:

### Tionscadail atá maoinithe ag an Scéim Bonneagair Áineasa lasmuigh:

- Forbairt ábhar poiblíochta le haghaidh Shiúlóidí Phort Láirge lena n-áirítear bróisiúr úr Shiúlóidí Phort Láirge, léarscáileanna conairí, físeáin agus grianghraif
- Uasghrádú agus oibreacha feabhsúcháin ar Shiúlóidí Ghleann na hUidhre
- Tionscadal Shiúlóid Chósta Dhún na Mainistreach
- Feabhsúcháin ar Shiúlóid Lady Louisa agus ar Shiúlóid Lúibe an Dúin, Lios Mór
- An fhorbairt atá idir lámha ar Chosán oílithrigh Shlí Dhéagláin
- Tionscnamh Shiúlóidí Inbhear Phort Láirge- An Pasáiste Thoir, Pointe na Síge agus Fáithling
- Leanadh den fhorbairt ar chonairí rothaíochta ar bhóthar Phort Láirge agus ar Shlí Rothaíochta an Atlantaigh Fhiáin, EuroVelo 1.
- Oibreacha Feabhsúcháin ar shiúlóid Ghleann Áine

### Tionscadail atá Maoinithe ag an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte:

- Críochnú an tsinte ar shiúlóid Choill na Cruaiche ó shlí isteach Choill na Cruaiche go Droichead na Machan
- Forbairt cosáin roinnte rothaíochta agus siúil ó Rian Glas na nDéise ag WSVR Chill Mhíodáin go Sráidbhaile Chill Mhíodáin
- Uasghrádú agus oibreacha feabhsúcháin ar Shiúlóid Bhinn na hAirde Móire
- Síneadh ar Shiúlóid Chósta Dhún Mór ó Chuainín Phort Ailigh go Cuainín Bhaile Mhac Dháith

### Tionscadail agus meicníochtaí maoinithe eile:

- Staidéar féidearthachta agus pleanáil le haghaidh Mol Conláistí Cheapach faoi mhaoiniú an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF)
- Fuarthas maoiniú tríd an Roinn Iompair faoin gCiste Cánach Carbóin 2020 le haghaidh staidéar féidearthachta ar Rian Glas a d'fhéadfadh a bheith ann ó Dhún Garbhán go Meallach i gcomhpháirt le Comhairle Chathair Chorcaí
- Fuarthas maoiniú NTA (an tÚdarás Náisiúnta Iompair) le haghaidh staidéar féidearthachta ar Rian Glas atá á mholadh idir Port Láirge agus Trá Mhór
- Tá roinnt conairí agus tionscadail áineasa lasmuigh eile ag céimeanna luatha an choincheapa agus na pleanála

## Seoda Phort Láirge

### Iarsmalanna Phort Láirge

I ndiaidh séasúr turasóireachta thar a bheith rathúil sa bhliain 2019 nuair thug níos mó ná 80,000 cuairteoir táille cuairt ar Iarsmalanna Seoda, rinne an Phaindéim scríos in 2020. Thit líon na gcuariteoirí go tubaisteach nuair a dúnadh an tsochaí ar 13 Márta agus nuair a cuireadh na turais ar fad a bhí curtha in áirithe ón margadh baile agus ón margadh idirnáisiúnta ar ceal dá réir sin. Cé gur osclaíodh na hiarsmalanna i rith mhíonna an tsamhraidh agus arís sa tréimhse roimh an Nollaig d'imir COVID tionchar an-suntasach ar líon na gcuariteoirí toisc go bhfuil an iarsmalann ag brath go mór ar chuariteoirí idirnáisiúnta.

### Músaem Airgid na hÉireann

D'ainneoin an tsuaite seo, d'fhan cohórt beag foirne ag obair taobh sa chúlra agus fuair an músaem dhá shintíús substaintiúla d'airgead Éireannach ón 17ú agus an 18ú haois, troscán Éireannach neamhchoitianta ón 18ú haois agus bailiúchán iontach de phictiúir bheaga Éireannacha. Ba é an luach a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar an dá bhailiúchán ná €600,000 ar bhailiúchán amháin agus €2.5 milliún ar an dara ceann. A bhuíochas leis an dá bhailiúchán seo agus leis na bailiúcháin sin d'airgead Éireannach a bronnadh le ceithre bliana anuas, tá ceann de na bailiúcháin is mó d'airgead stairiúil na hÉireann ar domhan ag Seoda Phort Láirge.

A bhuíochas freisin le flaitiúlacht Noel agus Stephanie Frisby agus tacaíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus Chomhairle Phort Láirge, bhí Seoda Phort Láirge in ann Músaem Airgid na hÉireann a oscailt roimh an Nollaig. Lonnaithe i dTeach an Déin, Cearnóg na hArdeaglaise is é an t-aon mhúsaem in Éirinn atá tiomnaithe d'airgead. Chun na taispeántais a chomhlánú agus chun eispéireas cuairteora níos iomlánaíche a chruthú d'oscail Paul Sullivan, gabha geal agus buí agus seodóir diamant an-chumasach agus an-rathúil, siopa miondíola an-ghalánta agus ceardlann i dTeach an Déin.

### Músaem Ama na hÉireann

Ar an dul céanna, toisc gur bronnadh an bailiúchán is mó de chloig agus d'uaireadóirí Éireannacha ar domhan orainn, is ag Port Láirge atá an t-aon mhúsaem ama ar oileán na hÉireann. Taispeánfaidh an músaem nua, atá lonnaithe sa sean-dánlann ealaine in Greyfriars, uaireadóirí ón oileán ar fad. Athchóiríodh an foirgneamh go hiomlán taobh istigh agus taobh amuigh agus feistíodh é ar chostas de bhreis agus €700,000. Thug daoine príobháideacha beagnach an t-airgead go léir don tionscadal seo agus thug deontóir aonair an-fhlaithiúil €400,000 i dtreo an chostais athchóirithe agus feistiúcháin.

Osclófar an dá mhúsaem nua go hoifigiúil i 2021 nuair a bheidh sé sábháilte déanamh amhlaidh agus nuair a bheidh na hairí rialtais ar tugadh cuireadh dóibh an searmanas oscailte a dhéanamh ar fáil le taisteal go Port Láirge.

I rith na chéad dianghlasála, a bhuíochas le tacaíocht WLR, bhí Seoda Phort Láirge in ann sraith de bhreis agus 80 mionscannán cúig nóiméad mar gheall ar chuid de na nithe is tábhachtaí atá ar taispeáint sa mhúsaem a chraoladh. I mí Lúnasa d'éagraigh foireann an mhúsaem, le tacaíocht airgeadais ó choiste Éire Ildánach Phort Láirge, athléiriú ar phósadh Strongbow agus Aoife, an pósadh is tábhachtaí i stair na hÉireann, chun ceiliúradh a dhéanamh ar chothrom 850 bliain na hócáide sin a tharla sa Triantán Lochlannach ar 25 Lúnasa 1170. Ar an drochuair mar gheall ar an dara ráig den vireas b'éigean an ócáid mhór a beartaíodh a laghdú arís agus arís eile ionas go dtí an pointe i mí Lúnasa nárbh fhéidir ach an t-athléiriú a scannánú agus aird ar na rialacháin maidir le scoiteacht shóisialta. Taispeánfar an ócáid ar theilifís RTÉ i 2021.

Rinneadh dul chun cinn freisin ar fhorbairt an chaifé / na bialainne i bPálás an Easpaig agus tá sé beartaithe go mbeadh ceadúnaí nua ag feidhmiú an lamháltais nuair a athosclóidh an músaem tar éis dhianghlasáil 2021.

Le forbairt na músaem nua, thosaigh Seoda Phort Láirge ar athbhrandáil na músaem lena chinntiú go raibh an margadh go hiomlán ar an eolas ar an iomlán na nithe is díol spéise do chuariteoirí sa Triantán Lochlannach. Tá sé beartaithe pas cuairteora Saoirse Phort Láirge a fhorbairt a ligfidh don chuariteoir rochtain a fháil ar na nithe go léir sa Triantán Lochlannach ar ráta lascaínte agus ar an gcaoi sin cur leis an am a chaitheann cuairteoirí sa chathair ar mhaithe tairbhe bhreise eacnamaíoch.

Táimid dóchasach nuair a athosclaímid go gcinnteoidh an tairiscint nua go mbeidh Port Láirge i riocht maith chun leas a bhaint as an mborradh ollmhór a bhfuil súil leis sa turasóireacht idirnáisiúnta. Beimid in ann dul ar an margadh le rud éigin nua agus an-difriúil mar tá an dá díol spéise nua feistithe ar an gcaighdeán idirnáisiúnta is airde.

## Oifig Fiontair Áitiúil

### Deontais Airgeadais

- Staidéir Féidearthachta – 9 ceadaithe ar luach €114,300;
- Deontais thionscnaimh – 13 ceadaithe ar luach €319,469
- Deontais Leathnaithe Gnó – 10 ceadaithe ar luach €267,391.50
- Deontais Lúfara T&F – 1 ceadaithe ar luach €30,818
- Deontais Chúnaimh Theicniúil – 14 ceadaithe ar luach €22,272.46

### Tacaíocht agus Gníomhaíochtaí Eile

- Dearbháin Leanúnachais Gnó – 592 iarratas ceadaithe ar luach €1,392,343
- Dearbháin Trádála Ar Líne – 460 ceadaithe ar luach €1,096,677
- Oiliúint Fiontair – 113 imeacht oiliúna le 1,858 duine i láthair
- Meantóireacht Ghnó – 679 rannpháirtí
- Clár Fiontair do Dhaltai Scoile – 12 mheánscoil 694 rannpháirtí
- Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla – 17 Imeacht le 247 ag freastal ar
- Breatimeacht – 8 gceardlann le 80 rannpháirtí
- Lean4Micro – 8 ngnó ceadaithe (luach €44,600)
- Micrea-Airgeadas Éireann – Fuair 25 gnó cuidiú le hiarratais – 21 ceadaithe ar luach €503,420



In 2020, ba bhuaiteoir é Baile na Trá Móire, le tacaíocht ón LEO, i nGradaim Begin Together de chuid Bhanc na hÉireann (Dámhachtainí an Bhaile Fiontair roimhe seo). Sa phictiúr g an gcur i láthair bhí (ar gcúl, ó chlé go deas) Laura O’Keeffe (Banc na hÉireann); Lynda Lawton (Comhlachas Phort Láirge); Larry Breen (NearForm); Anne Cheasty (Bailte Slachtmhara na Trá Móire), agus (chun tosaigh, ó chlé go deas) Pamela Pim (Banc na hÉireann); Jacqui Gaule (Oifig Fiontar Áitiúil).

# Seirbhísí Cultúrtha

## Na hEalaíona

### Ba bhliain urghnách i 2020 d'ealaíontóirí.

Cé gur buaileadh grúpaí ealaíon foirmiúla agus struchtúrtha, taibheoirí agus ionaid go trom, b'údar dóchais an obair a chuir ealaíontóirí aonair (gach foirm ealaíne) i gcrích i modhanna agus comhoibríthe digiteacha nua.

I dtreo dheireadh R1 cuireadh gach idirghníomhaíocht phoiblí sna healaíona ar fionraí / ar ceal nó b'éigean iad a athshamlú. Samplaí den chéad cheann a bheadh i Lá Pianó agus oscailt an Ghailearaí nua - agus sampla den dara ceann a bheadh i Lá Filíochta na hÉireann, le os cionn caoga imeacht á dtabhairt os comhair an phobail go luath i mí Aibreáin (an t-imeacht is mó ar líne in Éirinn de chuid Lá Filíochta na hÉireann).



Cuireadh tús agus deireadh leis an mbliain le próiseas bliantúil na ndeontas ealaíon a raibh an buiséid céanna ar fáil dóibh agus a bhí ann le cúig bliana anuas. Arís seachadadh iarratais ar líne agus rinneadh próiseas 2021 a shruthlíniú agus a fheabhsú tar éis aiseolais ó chlár 2020.




56

Iarratas ar Dheontais  
Cleachtais Ealaíon ar maoiníodh

37

díobh



€165,000

a fuair ionaid



€90,000

a fuair etc. agus  
eagraíochtaí / grúpaí Ealaíon

Rith formhór mór an ghnáthriaracháin Ealaíon go réasúnta réidh lena n-áirítear cuidiú leis an aistriú idir láithreachtaí beo agus ar líne d'ealaíontóirí. Moladh WC&CC as cinneadh a dhéanamh go luath ar ngealltanais maidir le tacaíocht airgeadais do chlár Ealaíon a chomhlíonadh.

Thug an tSeirbhís Ealaíon faoi shraith tionscadal a bhí dírithe ar uasoiliúint theicneolaíochta, ar uasoiliúint ealaíontóirí agus ar fholláine ealaíontóirí, lena n-áirítear tionscadal buail isteach a mhair sé seachtaine ar thráthnóna Dé hAoine i mBealtaine / Meitheamh.

Thug an tseirbhís ealaíon, i gcomhpháirtíocht le Garter Lane agus Artlinks.ie, sraith cainteanna, léachtaí agus ceachtanna chomh maith le hinfeistíochtaí agus iasachtaí de phacáistí taifeadta Fíorúla. Áiríodh mar chuid den tionscnamh seo rochtain dhíreach níos mó d'ealaíontóirí ar an tSeirbhís Ealaíon.

Ar a bharr seo go léir úsáideadh modhanna tacaíochta traidisiúnta arís i ngach cineál ealaíne trí dheiseanna fostaíochta, sparánachtaí, deontais agus cláir eile nuair a bhíodar inmharthana. Tairgeadh tacaíochtaí suntasacha faoi na hEalaíona san Oideachas, na hEalaíona i Sláinte, na hEalaíona Óige, Litríocht agus cláir agus comhpháirtíochtaí sainiúla ealaíne eile.

Rinneadh tuilleadh infheistíochta sa chlár caomhnaithe don bhailiúchán ealaíne luachmhar agus suntasach ag seirbhís ealaíon na Cathrach agus an Chontae. Críochnaíodh agus éascaíodh trí mhór-sintiús: - Sintiús John Sexton d'ocht saothar ealaíne tábhachtacha, sintiús David Sheehan de phéintéireacht an Athar Jack Hanlon agus iasacht fhadtéarmach phéintéireacht Mary Palliser ó Saskatchewan i gCeanada.

Le cúnamh na roinne Cultúir, sainaithníodh áitreabh chun an Bailiúchán a stóráil agus tá rún ann an tionscnamh a sheachadadh i 2021.



20

Saothair Chaomhnaithe  
Ealaíne ar an iomlán



3

Morthabhartais  
Ealaíne



10

Saothair ealaíne  
ar an iomlán

Bhog ceann de na tionscadail ceapadóireachta drámaí is mó in Éirinn - a mhair cúig bliana - ar aghaidh go dtí an dara céim nuair a ceapadh Gary Mitchell, príomh-dhrámadóir na hÉireann, chun leabhar de Dhrámaí ón Oirdheisceart nua a chur in eagar - 16 san iomlán, Ceoldráma san áireamh.

Rinneadh iniúchadh gairmiúil ar an Amharclann i nDún Garbhán maidir le Sábháilteacht agus trealamh nach ndéanann dochar don timpeallacht (teicneolaíocht LED).

Chuir Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar shruth nua maoinithe bunaithe ar chlár taighde 4 Chontae don Aos Óg, chuir Gailearaí GOMA agus Gailearaí Rogue iarratas chuig an gComhairle Ealaíon ar mhaoiniú COVID do stiúideonna agus spásanna sábháilteachta gailearaí.

Forbraíodh córas nua deontas ar líne (mar gheall ar aiseolas ó 2019) agus seachadadh go rathúil é lena n-áirítear an chéad bhreithniú iomlán ar líne i bPort Láirge do Dheontais Cleachtais Ealaíon.

Cuireadh tús le comhairliúchán maidir le háitreabh nua i lár na Cathrach do Gailearaí agus Stiúideonna Rogue.

Ghluais Oíche Chultúir go hiomlán ar líne do 2020.

Chuir Giniúint Ceoil Phort Láirge, cuid de Chlár Náisiúnta Oideachais Ceoil na hÉireann, faoi stiúir Loch Garman agus Phort Láirge i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, tús lena tríú bliain ar an bhfód, agus forbraíodh agus seachadadh clár cianrochtana COVID, ag tosú i mí Aibreáin. Tionóladh agallaimh freisin do Stiúrthóir Phort Láirge agus bhí áthas ar an gComhairle an stiúrthóir reatha Shauna McCullogh a athcheapadh.

Cuireadh féile dhamhsa JOLT ar athló i mí na Samhna agus bhog sí go dtí an bhliain nua.

Forbraíodh córas nua deontas ar líne (mar gheall ar aiseolas ó 2019) agus seachadadh go rathúil é, lena n-áirítear an chéad bhreithniú iomlán ar líne i bPort Láirge do Dheontais Cleachtais Ealaíon. Úsáideadh seo an córas seo le haghaidh iarratais a bhain le Féilte Ealaíon freisin.

Bhronn ONP agus Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge coimisiún céatadáin le haghaidh ealaín phoiblí ar Úna Sealy RHA, as portráid chomhaimseartha spreagúil le naisc láidre le Port Láirge.

Bhí Port Láirge mar chuid den chlár náisiúnta Ardán 31 leis an gComhairle Ealaíon chun líonra a chruthú d'ealaíontóirí laige gairme le sparánacht shuntasach agus chun tacú leis.



## Ceathrú Cultúrtha Phort Láirge

### Murals for Communities

Chuaigh Múrmhaisithe do Phobail, clár arna mhaoiniú ag Eoraip Chruthaitheach ar aghaidh go dtí an dara bliain agus an bhliain dheidh. Scrúdaíonn Múrmhaisithe do Phobail an chaoi ar féidir múrmhaisiú a úsáid mar mhodh chun dul i bhfeidhm ar phobail i sochaithe faoi mhíbhuntáiste nó scartha. Is í Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge an príomhpháirtí, ag glacadh freagrachta as bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar an gclár dhá bhliain. Bhí gníomhaíochtaí lena n-áirítear trí fhéile ealaíne múrmhaisithe ar siúl i rith 2020 i bPort Láirge, i Heerlen (an Ísiltír) agus i Kaunas (an Liotuáin). Chuir Tionscadal na mBalláí féilte ar fáil thar ceann CCCPL, agus bhí sé mhúrmhaisiú mar thoradh air. Le haghaidh tuilleadh sonraí, lena n-áirítear Lámhleabhar, modheolaíochtaí, treoracha agus sonraí féile féach [www.muralsforcommunities.eu](http://www.muralsforcommunities.eu).



Íomhá: Múrmhaisiú le Decoy ag Jenkins Lane © WCCC Murals for Communities

Rinne CCCPL iarratas uailmhianach agus chuir sé faoi bhráid an Chiste Forbartha Athghiniúna Uirbí (CFAU) é chun pleananna feabhsúcháin ar an bhfearann poiblí a fhorbairt agus chun roinnt foirgneamh folamh i gceantar Shráid Uí Chonaill a athbheochan, bearta a chuirfidh leis na haidhmeanna áit shármhaith do phobail le bheith ag obair, ag maireachtáil agus ag súgradh inti a dhéanamh de Phort Láirge. Forbraíodh treoir Shlí Chumann na gCarad le linn 2020 agus ceiliúránn sé tionchar phobal Chumann na gCarad ar chreatlach eacnamaíoch agus sóisialta cheantar Shráid Uí Chonaill i bPort Láirge. Déanann an treoir cur síos ar na teaghligh éagsúla a d'fhorbair trádáil i ngloine, grúdaireacht, tógáil long agus miondíol, chomh maith le Brioscóga Uachtar Jacobs agus tá rian siúil ann do mhuintir na háite agus do chuairoteoirí [www.waterfordculturalquarter.ie](http://www.waterfordculturalquarter.ie) Cuireadh bac ar bheochan na sráid-dreacha in 2020 mar gheall ar thionchar na paindéime; tharla roinnt idirghabhálacha, áfach, lena n-áirítear dúnadh sealadach sráideanna ar Shráid Uí Chonaill thar roinnt deireadh seachtaine sa samhradh chun ligean do ghnólachtaí na spásanna lasmuigh a úsáid. Crochadh bratacha ó phoist chun brandáil Cheathrú Cultúrtha Phort Láirge a chur chun cinn tuilleadh agus cóiríodh fuinneoga do Winterval. Chruthaigh Aches agus Maser, ealaíontóirí de chuid Waterford Walls, múrmhaisiú ar 7 Sráid Thomáis, urraithe ag Ceathrú Cultúrtha Phort Láirge. Bhí CreateFest, Féile Cruthaitheachta Phort Láirge ar siúl mar fhéile ar líne agus d'óstáil sé cainteanna ar chruthaitheacht agus ar scrúdú a dhéanamh go háirithe ar an tionchar, na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an bpaindéim.



Íomhá: painéal CreateFest 2020 © Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

Lean an chomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (ITPL) ar aghaidh in 2020 leis na Ranna Ailtreachta agus Dearaidh. Chuir Ceathrú Cultúrtha Phort Láirge, Roinn Eacnamaíochta CCCPL agus ITPL tús le PHD comhurráithe, ag déanamh taighde ar an **Éiceachóras Nuálaíochta i gCeathrúna Cultúrtha**. I R3 2020 cuireadh tús le díospóireachtaí chun ullmhúcháin do Phlean Straitéiseach Cheathrú Cultúrtha Phort Láirge 2021-2025 a chur chun cinn. Rinne Coiste Stiúrtha an Cheathrú Cultúrtha, a bhfuil ionadaithe ó chónaitheoirí, lucht gnó agus daoine cruthaitheacha chomh maith le comhairleoirí agus baill foirne CCCPL mar bhaill de, taighde agus díospóireacht as ar eascair dréachtcháipéis in 2020, atá le glacadh i R1 2021.

### Gairm 2020 Oscailte Port Láirge Ildánach



74

Iomlán na nIarratas oscailte ar an nGairm

15

Líon na dTionscadal ar an Ghairm Oscailte ar éirigh leo

€31,790

Iomlán na ndeontas ar an nGairm Oscailte

### Tionscadail de chuid Fhoireann Phort Láirge Ildánach



15

Tionscadail Fhoireann Cultúir ar tacaíodh leo

€46,570

Maoiniú Iomlán Éire Ildánach do Thionscadail Fhoireann Cultúir

### Tionscadail Bhreise de chuid Phort Láirge Ildánach



11

Tionscadail Bhreise a maoiníodh

15

Maoiniú Iomlán Breise Éire Ildánach

€77,000

Maoiniú Breise Iomlán ó Éire Ildánach

### Éire Ildánach (Port Láirge) 2020

Riar Port Láirge Ildánach Pobail Chruthaitheacha thar ceann Éire Ildánach gach bliain ó 2017. In 2020 tugadh maoiniú do 41 tionscadal san iomlán a rinne iniúchadh ar réimse leathan ábhar lena n-áirítear scrúdú ar úsáid plaisteach athchúrsáilte agus déanamh bodhrán i scoileanna, bailiú cartlainne i Lios Mór, podchraoladh, tuíodóireacht, grianghrafadóireacht, scríbhneoireacht chruthaitheach agus go leor eile



Íomhá: Déanamh Bodhrán © Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Grianghrafadóir: Patrick Browne

Cuireadh maoiniú breise ar fáil freisin chun tacú leis na pobail ealaíon agus chruthaitheacha chun paindéim COVID-19 a iniúchadh agus chun teacht aniar aisti, agus cuireadh cúrsaí ar nós scileanna meán agus cur chun cinn táirgí i bhfeidhm chomh maith le clár a d'fhorbair TV Honan ó Spraio chun scrúdú a dhéanamh ar athléimneacht. D'éirigh go háirithe le sraith ceolchoirmeacha a chuir Mobile Music Machine agus Blackwater Valley Opera Festival ar fáil. Trí mhaoiniú Phort Láirge Ildánach, rinneadar ceolchoirmeacha lasmuigh de 10 dteach cúraim chónaithe i dtithe altranais ó Cheapach Choinn go Dún Garbhán go Port an Chalaigh agus i suíomhanna FSS os comhair lucht féachana a bhí an-bhuíoch.



Íomhá: Mobile Music Machine i mbun ceoil ag Teach Naomh Chárthaigh, Lios Mór © Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Grianghrafadóir: Patrick Browne

**Cruinniú na nÓg 2020**, reachtáladh Féile Cruthaitheachta na hÉireann do leanaí agus don óige ar líne mar gheall ar rialacháin COVID-19 um scaradh sóisialta.

I gcomhpháirtíocht le Leabharlanna Phort Láirge, d'óstáil Port Láirge Ildánach níos mó ná 30 imeacht ar líne ó 2 Meitheamh go dtí 13 Meitheamh lena n-áirítear CoderDojo, Rince, Aireachas do Pháistí agus tionscadail eolaíochta Calmast.

Ba iad príomhaidhmeanna na féile 2020 leanaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i dtionscadail chruthaitheacha chomh maith le bheith ag obair ar a sláinte mheabhrach agus choirp.

**Staitistic: D'fhreastail 1472 leanbh ar cheardlanna ar líne.**



## Seirbhísí Leabharlainne

Tacaíonn ár Leabharlanna le foghlaim, soláthraíonn siad faisnéis agus cuireann siad go gníomhach le folláine shóisialta, eacnamaíoch, agus chultúrtha na bpobal. In 2020, chuir Leibhéal náisiúnta faoi threoir an Rialtais srian ar sheirbhísí Leabharlainne trí na brainsí. Dúnadh brainsí na Leabharlainne ar feadh 19.5 seachtaine agus tairgeadh seirbhís teagmhála agus bailithe ar feadh 6 seachtaine.

## Leabharlanna Ar Líne

Phléasc úsáid acmhainní ar líne ó Leabharlanna Phort Láirge in 2020. Léadh 62,835 eagrán **r-nuachtáin** trí PressReader, breathnaíodh ar 36,737 **seisiún teangacha** trí Theangacha Trédhearcacha agus íoslódáladh **15,132 ríomh-iris** trí RBDigital. Tháinig méadú 109% ar úsáid na **tairsí foghlama ar líne** Universal Class agus breathnaíodh ar 16,211 físeán / ceacht. Thug Leabharlanna Phort Láirge faoi deara gur tháinig méadú 98% ar úsáideoirí BorrowBox, ár **n-aip ríomhleabhair** le 53,506 íosluchtú. Ba léitheoirí thar a bheith gnóthach iad baill Leabharlanna Phort Láirge agus bhaineadar an tríú háit is airde sa tír in aghaidh an cheann daonra amach maidir le ríomhleabhair / closleabhair.

Le linn Eanáir agus Feabhra 2020 léirigh ardáin na **meán sóisialta** i Leabharlanna Phort Láirge cé chomh gnóthach is a bhí ár mbrainsí. Ó dhún doirse na Leabharlainne i lár mhí an Mhárta, d'oibrigh foireann Leabharlann Phort Láirge go crua chun acmhainní ar líne a chur chun cinn, agus nuacht, teachtaireachtaí comhairle agus seirbhísí nua a chur in iúl trí shuíomh gréasáin agus trí ardáin meán sóisialta na Leabharlainne. Bhí an-tóir ar ábhar físe, ina raibh ceoltóirí, staraithe agus teagascóirí áitiúla chomh maith le foireann na Leabharlainne, agus na mílte radharc ann gach mí. Is fianaise é an fás ar bhealaí meán sóisialta na Leabharlainne ar chruthaitheacht agus thiomantas fhoireann na Leabharlainne. Nuair a bhí úsáideoirí leabharlainne ag brath go mór ar sheirbhísí ar líne, siamsaíocht, rannpháirtíocht, ba bhealach iad bealaí meán sóisialta na Leabharlainne chun seirbhísí Leabharlainne a shíneadh amach agus a chur in iúl.

Bhí suíomh Gréasáin na leabharlainne suite go maith freisin chun rochtain ar líne ar fhaisnéis, acmhainní agus imeachtaí a sholáthar. Foilsíodh rannáin nua éagsúla ina raibh ábhar mar dhánlanna físe d'am scéalta, filíocht agus ceol, gníomhaíochtaí in-íoslódáilte, ranganna teagaisc físe, cainteanna, cuir i láthair, ceardlanna agus acmhainní úsáideacha eile. Tugadh 107,182 cuairt ar an suíomh Gréasáin in 2020, méadú foriomlán de 34.84% ó 2019.



152,258

Líon na gcuartheoirí ar Leabharlanna Phort Láirge



€1.85

Caiteachas bliantúil ar stoc / ceann daonra



158,521

Líon na leabhar a eisíodh



945

Líon na n-imeachtaí a reáchtáil Leabharlanna Phort Láirge



7,143

Líon na seisiún Idirlín a úsáideadh



182,114

Líon na n-earraí eile a eisíodh

**Facebook**

5,017

Leantóir

19%

Méadú

85%

Fás ar rochtain

**Twitter**

5,323

Leantóir

7%

Méadú

89%

Fás ar rochtain

**Instagram**

1,668

Leantóir

20%

Méadú

**Líne Chabhrach Glaonna Pobail COVID-19**

D'fhonn na deacrachtaí a bhaineann le COVID\_19 agus na srianta ina dhiaidh sin a mhaolú, bunaíodh an Glao Pobail le Fóram Freagartha Pobail ar leibhéal náisiúnta agus chuir Údarás Áitiúla i bhfeidhm é ar leibhéal áitiúil. D'óstáil Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge an Glao Pobail. Cuireadh de chúram ar bhaill foirne ó Sheirbhísí Leabharlainne, Acmhainní Pobail agus Acmhainní Daonna ar dtús dualgais ionad glaonna a láimhseáil. Thacaigh pearsanra lárnach FSS leis na hionaid freisin. Bhí baint dhíreach ag 32 ball foirne de chuid na leabharlainne le hObair Glaonna Pobail. Láimhseáil oibreoirí Ionad Glaonna iarratais ón bpobal ar réimse saincheisteanna a bhain le COVID-19. D'fhorbair foireann GIS na Comhairle Deais Tacaíochta Pobail chun iarrachtaí oibríthe deonacha a chomhordú ar fud na Cathrach agus an Chontae.

Ó 30 Márta go dtí 20 Meán Fómhair fuarthas 1,158 glao ar na línte gutháin tiomnaithe. Bhain an líon is airde iarratas de réir cineáil le faisnéis ag 25%, tacaíochta FSS ag 20%, Bailiú agus seachadadh earraí riachtanacha ag 19%, obair dheonach ag 12% agus tacaíocht um scoiteacht shóisialta ag 12%.

Leagadh de chúram ar thriúr ball foirne ón Leabharlann glaonna ar chliant leochaileacha de chuid an FSS a láimhseáil. Rinneadh beirt bhall foirne ón Leabharlann a athlonnú chuig FSS.

Comhthionscnamh ab ea **Glao le labhairt** idir foireann na Leabharlainne agus Comhairle na nDaoine Scothaosta a thosaigh i mí an Mhárta 2020 agus a rith go dtí Meitheamh 2020. Freagraíodh 111 glao ó dhaoine fásta leochaileacha ar fud Chathair agus Chontae Phort Láirge.

Reáchtáil Seirbhís Leabharlainne Phort Láirge **Clár Píolótach**

**Seachadta Leabhar** an-rathúil i gCeantar na Trá Móire idir Luan 27 Aibreán agus Aoine 22 Bealtaine 2020 mar fhreagairt ar dhúnadh na mBrainsí Leabharlainne le linn na Chéad Dianghlasála Náisiúnta. Comhordaíodh an Clár ó Leabharlann Charraig Phiarais. Chuir foireann de 4 bhall foirne glaoch ar bhaill Leabharlainne a bhí ag cocúnú agus a thug an deis dóibh leabhair Leabharlainne a bheith seachadta chuig a seoladh baile sa Trá Mhór. Chuathas i dteagmháil le níos mó ná 230 ball Leabharlainne agus bhain 68 leas as an tseirbhís. Seachadadh díreach os cionn 400 earra.

**Buaicphointí Ghníomhaíochtaí Leabharlainne**

Bunaíodh **Club Leabhar** Ar Líne nua trí leathanach Facebook Leabharlanna Phort Láirge agus tá 210 ball ann anois. Cothaíonn poist rialta plé ar leabhair atá ar fáil trí aip ríomhleabhar na leabharlainne agus moltaí leabhar roinnte chun léitheoireacht bhaile a fheabhsú agus taitneamh na léitheoireachta a chur chun cinn.

Reáchtáladh **Ceiliúradh Idirnáisiúnta Lá na mBan de chuid Ionad NCCWN Phort Láirge** agus Taispeántas Stair na mBan Phort Láirge, ina raibh an taispeántas Rósanna ó Bhoinead an Chroí sa Leabharlann Lárnach. Bhí an tlonad ag ceiliúradh 25 bliain i bPort Láirge freisin agus rinne RTÉ scannánú ar an seoladh.

D'oibrigh **WorkMatters sa Leabharlann** le hOifig Fiontar Áitiúil Phort Láirge chun ceardlanna Meán Sóisialta do Ghnó a reáchtáil agus le Seirbhísí Comhtháthaithe Phort Láirge, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge Loch Garman agus Comhpháirtíocht Ceantair Phort Láirge ar chlár fiontar sóisialta Shakti SEAM+ a sholáthar d'imirceigh ban.



Chruthaigh foireann na leabharlainne i bhfad os cionn 80 **físeán scéalaíochta ar líne** agus chuireadar eagar orthu, lena n-áirítear roinnt físeán i nGaeilge agus am scéalaíochta Lámh. Ghin sé seo na mílte radharc ar líne ar Facebook, YouTube agus ar shuíomh Gréasáin na Leabharlainne.

Don tSeachtain um Aosú Dearfach, sheol Méara Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, an Comhairleoir Damien Geoghegan agus Anne Dykes, Curadh na hAoisbhá, **Leabharlann Dhún Garbhán go fíorúil mar an Leabharlann Aoisbháúil**. Ag labhairt dó ag an línseáil, mhol sé na seirbhísí leabharlainne agus chuir sé fáilte roimh Leabharlanna Aoisbháúla.

Seoladh **Mol Digiteach** nua sa Leabharlann Láir le haoichainteoirí a thug aghaidh ar ghnéithe den nuálaíocht, teicneolaíocht, smaointeoireacht dearaidh agus cruthaitheacht. D'éagraigh Europe Direct Waterford an ócáid, i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Institiúid na nDearthóirí in Éirinn agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt.

Reáchtáil **Éire Sláintiúil i do Leabharlann 18** n-imeacht saor in aisce i rith na bliana a chuimsigh gach ábhar ar shláinte agus folláine le 1,904 duine i láthair / amharc. I measc na mbuaicphointí bhí ceardlanna Pilates agus aireachais agus sraith seimineár gréasáin mar gheall ar chothú leis an diáiteiteach, Gillian McConnell.

I mí Dheireadh Fómhair rinne an Leabharlann Lárnach óstáil ar shuiteáil uathúil **Ealaíon na nDaoine** i bhfuinneoga bunurláir an fhoirgnimh. D'éagraigh Ionad Faisnéise Waterford Europe Direct an taispeántas mar chuid de chlár Féile Folláine. Rinne an tsuiteáil ceiliúradh ar dhéanamh ealaíne agus ar dhéantúsóirí ealaíne agus i bPort Láirge agus rinne T.V. Honan coimeádaíocht air.

Chuir Leabharlann na Trá Móire tús le **club Scrabble ar líne**. Cláraíonn na himreoirí leis an leabharlann agus ansin imríonn siad i gcoinne a chéile ar líne, go seachtainiúil.

Chun rogha leabhar pictiúr, ceardaíochta agus leabhar scéalta na Nollag a chur chun cinn, chuir foireann Charraig Phiarais **Málaí Gníomhaíochta Nollag** le chéile do leanaí a thug cuairt ar an leabharlann le linn ár n-athoscailte i mí Nollag 2020.

Thacaigh an clár **Ceart chun Léitheoireachta** le forbairt na litearthachta le 125 cuairt ranga, fuarthas 22,228 leabhar ar iasacht; 27 imeacht ar líne - Léim isteach sa Scéalaíocht le 19,500 amharc; 77 imeacht ar líne de chuid Réalta an tSamhraidh le 36,000 amharc agus 463 rannpháirtí; 10 imeacht ar líne de chuid Fhéile Leabhar na Leanaí le 2,809 amharc; agus chríochnaigh sé le 23 imeacht ar líne de chuid Am Teaghlaigh ag Do Leabharlann le 6,804 amharc.

Chun Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh i mí an Mhárta, d'fhreastail cúig rang (thart ar 145 dalta) ar Leabharlann Phort Lách do **Biongó as Gaeilge**.

Reáchtáladh ceardlanna Litearthacht Nuálach trí Lego ar fud na seirbhíse Leabharlainne chomh maith le clár **piólótach Focail Throdacha** sa Leabharlann Láir tríd an socrúchán **Léitheoir Cónaithe** a mhaoinigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Ciste na gCuntas Díomhaoin.

## For-rochtain / Naisc

Go luath i 2020, seoladh feachtas fógraíochta náisiúnta agus iarradh ar gach duine **breathnú níos géire** ar a bhfuil le tairiscint ag a Leabharlann. Chríochnaigh an feachtas le lá oscailte **Léim isteach sna Leabharlanna** ar 29 Feabhra. Thug Leabharlanna Phort Láirge cuireadh don phobal cuairt a thabhairt ar Dhún Garbhán, Ard Caoin agus an Leabharlann Láir chun fáil amach faoi na seirbhísí go léir atá le tairiscint ag an tseirbhís Leabharlainne. Thug Brenda O'Donoghue agus foireann RTÉ Radio 1 cuairt ar Leabharlann Dhún Garbhán chun agallamh a thaifeadadh le Tracey McEaney agus le húsáideoirí Leabharlann Dhún Garbhán.

Ghlac Teaghlaigh Imirceacha páirt i **gClár Ealaíne** le Sean Corcoran ó The Art Hand. Reáchtáladh na ceardlanna sa Leabharlann Láir, i dTulach an Iarainn, i gCeapach Coinn agus i nDún Garbhán. Mhaoinigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Ciste na gCuntas Díomhaoin an clár.

Chuir foireann Leabharlann Dhún Garbhán leis an tionscnamh **Cófra Folláine** de chuid Chomhlachas Dhún Garbhán agus Iarthar Phort Láirge trí fhíseán a chruthú a roinneadh ar na meáin shóisialta agus a leag béim ar an raon leathan seirbhísí Leabharlainne atá ar fáil don phobal.

Cuireadh tús le **feachtas #LibraryLove** nuair a dúnadh brainsí na leabharlainne tar éis srianta COVID an Rialtais agus bhí físeán ó urlabhraithe na leabharlann áitiúil ann.

Tháinig Europe Direct Waterford, Leabharlanna Phort Láirge agus Seirbhísí Comhtháthaithe Phort Láirge le chéile ar 10 Márta chun an chéad **Chomhdháil Dhomhanda um Mhná** i bPort Láirge a eagrú, ag díriú ar imircigh ban agus ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Chruinnigh beagnach 100 bean in Ionad Ealaíon Garter Lane chun éisteacht le réimse leathan cainteoirí agus chun dul i ngleic le saincheisteanna tábhachtacha a théann i bhfeidhm ar imircigh ban agus a dteaghlaigh. D'oscail Méara Cheantar Chathrach Phort Láirge, an Comhairleoir Breda Brennan an chomhdháil.

D'óstáil Port Láirge Ildánach, i gcomhpháirt le Leabharlanna Phort Láirge, breis agus 30 imeacht ar líne i mí an Mheithimh le haghaidh **Cruinniú na nÓg**. I measc na n-imeachtaí seo bhí CoderDojo, Rince, Aireachas do leanaí agus tionscadail eolaíochta Calmast agus bhí 1472 duine i láthair ar líne.

## Maoiniú

D'éirigh le Leabharlanna Phort Láirge maoiniú a fháil ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail:



€111,050.19

CLÁR OIBREACHA  
CAIPITIL AR SCÁLA BEAG



€25,033.42

TIONSCADAIL MAOINITHE  
AG CISTE NA GCUNTAS DÍOMHAOIN



€15,680.66

ÁISEANNA AGUS  
TREALAMH CÉADFACHA



€4,715.23

BOGEARRAÍ AGUS TEICNEOLAÍOCHT  
UM ÉIRE SLÁINTIÚIL



# DÚSHRAITH LÁIDIR



# Pleanáil

## Plean Forbartha Chathair & Chontae Phort Láirge 2022-2028


Cuireadh tús leis an bpróiseas chun Plean Forbartha aonadach nua Chathair agus Chontae Phort Láirge a ullmhú ar 20 Iúil 2020. Is éard a bhí sa chéad chéim den phróiseas seo tréimhse 8 seachtaine inar féidir aighneachtaí nó barúlacha poiblí i scríbhinn a dhéanamh trí thairseach comhairliúcháin ar líne a forbraíodh chun rannpháirtíocht an phobail leis an bPlean Forbartha Cathrach agus Contae a éascú agus a spreagadh.

Tionóladh sraith seimineár gréasáin ar líne freisin chun comhairliúchán agus rannpháirtíocht phoiblí a uasmhéadú. D'fhreastail thart ar 170 duine ar na himeachtaí seo. In ainneoin srianta reatha COVID-19, fuarthas 283 aighneacht san iomlán a chlúdaigh réimse saincheistanna reatha a bhaineann le hoibríochtaí leathana Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus ábhar an phlean forbartha nua. Mhol Oifig an Rialtóra Pleanála Cathair & Comhairle Phort Láirge as cáilíocht agus cur chuige nuálach a phróisis chomhairliúcháin phoiblí go dtí seo. Mairfidh an próiseas iomlán 104 sheachtain agus tiocfaidh sé chun críche nuair a thiocfaidh an Plean Forbartha Cathrach agus Contae nua i bhfeidhm i mí Lúnasa 2022.


Gníomhaíocht	Fad	Tús	Deireadh
Tréimhse Ullmhúcháin an Phlean Forbartha	Uasmhéid 104 seachtain	Luan 20/07/20	Aoine 15/07/22
Comhairliúchán Poiblí Réamh-Dhréachtphlean	8 seachtaine	Luan 20/07/20	Luan 14/09/20
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a ullmhú ar aighneachtaí agus í a chur faoi bhráid na Comhairle Iomlánaí	8 seachtaine	Luan 14/09/20	Luan 09/11/20
Idirchaidreamh agus plé leis an gComhairle Iomlánach agus Rún a fháil ar Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	10 seachtaine	Luan 09/11/20	Luan 18/01/21
Dréachtphlean Forbartha a ullmhú	12 seachtaine	Luan 18/01/21	Luan 12/04/21
Cuir Dréachtphlean Forbartha faoi bhráid na Comhairle Iomlánaí agus Rún a fháil	8 seachtaine	Luan 12/04/21	Luan 07/06/21
Fógra faoi ullmhúchán an Dréachtphlean Forbartha	2 seachtaine	Luan 07/06/21	Luan 21/06/21
Comhairliúchán Poiblí ar Dhréachtphlean Forbartha	10 seachtaine	Luan 21/06/21	Luan 30/08/21
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a ullmhú ar aighneachtaí a fuarthas agus iad a chur faoi bhráid na Comhairle Iomlánaí lena mbreithniú	12 seachtaine	Luan 30/08/21	Luan 22/11/21
Rún ón gComhairle Iomlánach maidir le Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh agus Dréachtphlean Forbartha	12 seachtaine	Luan 22/11/21	Luan 14/02/22
Fógra faoi Athruithe Ábhartha más gá	3 seachtaine	Luan 14/02/22	Luan 07/03/22
Comhairliúchán Deiridh Poiblí ar Athruithe Ábhartha	4 seachtaine	Luan 07/03/22	Luan 04/04/22
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a ullmhú ar aighneachtaí	8 seachtaine	Luan 04/04/22	Luan 30/05/22
An Chomhairle Iomlánach chun Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a mheas agus Rún a dhéanamh	6 seachtaine	Luan 30/05/22	Luan 11/07/22
Tagann Plean Nua Forbartha i bhfeidhm	6 seachtaine	Luan 11/07/22	Luan 22/08/22


Fuarthas 1020 iarratas pleanála san iomlán in 2020. Cuirtear seo i gcomparáid leis an 1010 iarratas pleanála a fuarthas in 2019. Is ionann líon iomlán na n-iarratas agus an figiúr is airde in aon bhliain amháin ó 2008. Is ionann an figiúr míosúil de 133 iarratas a fuarthas i mí na Nollag 2020 agus an figiúr míosúil is airde a fuarthas ó 2008. Tá an figiúr míosúil seo de 133 iarratas a fuarthas 25% níos airde ná an chéad fhiúir míosúil eile de 107 iarratas a fuarthas sa tréimhse 12 bliana sin.

De bhreis air sin, tugadh cead pleanála do 690 iarratas in 2020. Cuirtear seo i gcomparáid le 725 iarratas a ceadaíodh in 2019.



**Iarratais Pleanála a fuarthas de réir ceantair Eanáir-Nollaig 2019 & 2020**





## Céanna Phort Láirge Thuaidh

Ceadaiódh iarratas pleanála i mí Iúil 2020 chun tailte a fhorbairt ar an láithreán 7.8 heicteár ar a dtugtar Céanna Phort Láirge Thuaidh, Bóthar an Duga, Port an Chalaigh, Port Láirge. Ba é Falcon Real Estate Development Ireland Limited an t-iarratasóir. Baineann an t-iarratas le forbairt i gCrios Forbartha Straitéiseach Céanna Phort Láirge Thuaidh (CFS) agus tá sé faoi réir Scéim Pleanála Céanna Phort Láirge Thuaidh 2018. Cuimsíonn an fhorbairt beartaithe forbairt ilchineálach €400 milliún d'oll-achar urlair 129,302 méadar cearnach agus an fhéidearthacht 2,800 post fadtéarmach a chruthú.

## Suíomh Lochlannach Bhaile na Coille

Foilsíodh Plean Bainistíochta Caomhnaithe do Láithreán Lochlannach Bhaile na Coille agus tá sé ar fáil ar líne le físeán tacaíochta ar chainéal YouTube Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge.


## Bainistíocht Réadmhaoine

Déanann an Roinn Bainistíochta Réadmhaoine bainistíocht ar thalamh agus ar mhaoine (seachas tithe an údaráis áitiúil) ar le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge iad. Oibríonn an rannóg seo le stiúrthóireachtaí éagsúla sa Chomhairle chun seirbhís chuimsitheach bainistíochta talún agus réadmhaoine a sholáthar agus chun an úsáid is fearr a bhaint as Banc Talún na Comhairle agus faigheann sí na cearta talún agus maoine atá riachtanach do thionscadail bhonneagair éagsúla na Comhairle.

**I 2020 i measc tionscadal na Roinne Bainistíochta Réadmhaoine bhí:**

### Orduithe Ceannaigh Éigeantacha 2020

- OCÉ an Aerfoirt
- Síneadh Rian Glas – Carraig na bhFraochán go Túr Cloig
- OCÉ Dhún Garbhán (Tóchar)
- OCÉ Bóthar an Aonaigh
- OCÉ Shráid Mhichíl
- OCÉ Lána an tSéipéil / Chlaise Móire



## Deontais Chaomhnaithe

Fuair Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge deimhniú ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta go bhfuil 16 iarratas ar chúnamh deontais faoin Scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha ceadaithe do chúnamh iomlán deontais de €114,000 agus d'éirigh le 2 iarratas a fuarthas faoin gCiste Struchtúr Stairiúil freisin – €130,000 do Chaisleán an Leasa Mhóir thar 2 bhliain agus €40,000 do Theach an Churraigh Mhóir thar bhliain amháin.

## Orduithe Dílseacháin

Chuireamar 10 nOrdú Dílseacháin i gcrích in 2020 ina raibh 6 theach OCÉ sna suíomhanna seo a leanas - Sráid an Mhargaidh, Trá Mhór, Sráid Nua Bailey, Cé na Paráide agus Cé Frank Cassin.

## Bóithre, Iompar & Bonneagar

### Éadálacha

- Éadail tailte ag Crosaire Chearúill le haghaidh acomhal sábháilteachta feabhsaithe
- Éadail tailte ag Baile an Randalaigh, Baile an Rodaigh don Roinn Tithíochta
- Cuireadh tús le héadail 15 acra ag Riasc Chlais na Lachán
- Éadail tailte ag Crosaire Uí Chadhla chun acomhal a fheabhsú
- Éadail tailte ag Léim Uí Bhriain ar mhaithe le foscadh bus

## Forbairt Eacnamaíochta

- **Tionscadal na gCéanna Thuaidh** – Talamh breise le haghaidh Athailíniú Bhóthar na Mainistreach lasmuigh den OCE
- **Éadail Suíomh Shráid Mhichíl agus Imscrúdú ar Fhíorú Teidil agus OCE Beag Breise dá réir sin**
- **An dá cheann a dhiúscairt chuig Falcon Real Estate Ireland Limited**
- **RRDF – Ciste Athghiniúna Tuaithe** – Leanúint le Clár Athghiniúna Cheapach Choinn

## Tithíocht

- 92 teach, 14 árasán do Thithíocht Shóisialta
- Cuirfear críoch le cuid de na tithe seo de réir a chéile mar shampla forbairt **Mount William** i mBaile Liam
- Láithreáin – Áitribh ag Sráid an Gheata Nua
- Láithreán & Trádstórais, Lána Chuallacht na gCairde
- Talamh, Cois Clochair, An Bóthar Míleata

### 6 ar fad Díolta

- 86 Páirc an Leasa Mhóir
- 14 Sráid Liam
- 46 Páirc San Herblain
- 12 Corrán Ormonde
- 17 Ard na Gréine
- 17 Céide Úlloird

### 7 ar fad don Stoc Tithíochta

- 40 Baile Sheáin
- 21 Radharc an Chnoic, Coill Mhic Thomáisín
- 22 Cnoc Thomáis
- 15 Airde na Trá Móire
- 3 Darby Grove, Earls court
- 75 Páirc Viewmount

### 3 ar fad idir lámha

- 2 Ascaill Naomh Chárthaigh
- 18 Viewmount
- Lána an tSéipéil, Clais Mhór
- 34 An Ghráinseach, Cnoc Eoin

## Gníomhaíocht Réadmhaoine Eile

- **Ruilsí & Díolacháin Feo Simplí** – tá Bainistíocht Réadmhaoine ag próiseáil díolacháin ruilse i gcónaí agus osclaíodh 32 comhad nua in 2020.
- **Cíosanna Iníochta** – Rannóg Bainistíochta Réadmhaoine, thart ar 80 Cíos iníochta a chuimsíonn carrchlóis, airíonna cultúrtha (m.sh.) dánlanna agus leabharlanna agus limistéir fóillíochta ar nós Siúlán Ghleann Shruith Bhun Abha & Siúlóidí Eastát Leasa Móire.

## Léasanna

Déanann an Roinn Bainistíochta Réadmhaoine bainistíocht ar níos mó ná 140 léas reatha, cuid acu a théann siar go Léas Samuel Barker ó 1754.

Tá tailte ar léas againn a chuimsíonn níos mó ná 200 acra d'áiseanna pobail / spóirt ar fud na Cathrach agus an Chontae, gan Cúrsa Gailf Bhaile Liam a áireamh nó an RSC, m.sh. clós súgartha nua a osclaíodh ag CLG Chnoc Sion, Ráth Pháidín.

Chuireamar 17 athbhreithniú cíosa ar Léasanna i gcrích de réir CPI in 2020.

## Ceadúnais

Bhí 140 comhad ceadúnais ag Bainistíocht Réadmhaoine ag feidhmiú in 2020 ó stórais do bhoscaí bruscair, gairdíní pobail, clubanna drámaíochta go réadmhaoine a sholáthar dár gcomhpháirtithe i SIMON & FOCUS.

## \$183 Diúscairtí / Díolacháin Réadmhaoine

- 9 ndiúscairt bheaga
- 2 dhiúscairt mhóra
  - a) An Aird Mhór €270,000
  - b) Céanna Thuaidh & Forbairt Shráid Mhichíl €9 milliún
- 6 Cead Slí
- 4 Léas
- 9 Feo Simplí
- 5 teach trí OCE

## Triantán Lochlannach

Tá Bainistíocht Réadmhaoine ag bainistiú réadmhaoine an TL i gcónaí i gcomhar le bainistíocht saoráidí. Le linn 2020 fuair Bainistíocht Réadmhaoine tionóntaí d'aonaid folamh sa cheantar seo. D'éirigh le Bainistíocht Réadmhaoine socrúchán nua corraitheach a lonnú in "Back to Basics", 126 Cé na Paráide agus The Nest, 127 An Ché, ar an drochuair cuireadh isteach ar an ngnó mar gheall ar COVID 19.

## Seirbhís Dóiteáin Phort Láirge

Freastalaíonn Seirbhís Dóiteáin Phort Láirge ar réimse leathan éigeandálaí chomh maith le monatóireacht agus comhairle a thabhairt ar shábháilteacht ó dhóiteáin sa timpeallacht thógtha.

Tá 137 duine fostaithe sna Seirbhísí Dóiteáin, ina measc Oifigigh, comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus páirtaimseartha, tacaíocht riaracháin agus meicneoir briogáide. Feidhmíonn an tseirbhís ó 10 stáisiún dóiteáin atá faoi rialú an Phríomhoifigigh Dóiteáin.



# 10

LÍON NA STÁISIÚN DÓITEÁIN



# 137

LÍON NA NDAOINE ATÁ FOSTAITHE SA TSEIRBHÍS



# 707

GLAONNA DÓITEÁIN



# 456

SEIRBHÍSÍ SPEISIALTA



# 198

ALÁRAIM BHRÉAGACHA



# 1,451

IOMLÁN NA NGLAONNA



## AMANNA GNÍOMHAITHE

# 4nóim

BRIOGÁIDÍ COINNITHE

# 35Soic



BRIOGÁID LÁNAIMSEARHA



FEARAS DÓITEÁIN NUA AICME B

### Pleanáil Éigeandála

Mar fhreagra ar COVID 19, deineadh forbairt ar áis sealadach chun coirp a choimeád, le cinntiú go mbeadh acmhainn leordhóthanach ar fáil dá mbeadh an iomarca brú ar na háiseanna atá ann. Ullmhaíodh an áis réigiúnach mar fhreagra ar líon mór de bhásanna agus é ar fáil dá mba ghá. Sá dá chás, níorbh gá iad a chur in úsáid.

### Sábháilteacht Dóiteáin

I measc na hoibre a bhaineann le sábháilteacht dóiteáin, tá measúnú ar iarratais do Theastais Sábháilteacht Dóiteáin, comhairle a chur ar úinéirí fhoirgneamh agus ar fhorbróirí maidir le sábháilteacht dóiteáin agus próiseáil iarratais do cheadúnais. Lean an obair seo ar fad ar aghaidh le linn na srianta a bhain le COVID-19 i 2020.

**84** IARRATAIS AR THEASTAS SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN, A DEINEADH MEASÚNÚ ORTHU

**72** INIÚCHTAÍ SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN

**67** IARRATAIS AR CHEADÚNAIS A PHRÓISEÁLADH

### Rialú Tógála

Tá an rannóg Rialaithe Tógála lonnaithe laistigh de Sheirbhísí Éigeandála agus cuirtear ar fáil é ó Stáisiún Dóiteáin Dhún Garbhán. Baineann sé le seachadadh feidhmeanna Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta 2007-2015.

**172** FOIRGINTÍ SCRÚDAITHE

**285** FÓGRAÍ TOSAIGH FEIDHME BAILÍ

**226** TEASTAIS CHOMHLÁNUITHE

**45** TEASTAIS ROCHTANA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

## Cosaint Shibhialta

Eagraíocht phráinnfhreagartha bunaithe ar oibríthe dheonacha is ea an Cosaint Shibhialta. Cuireann Cosaint Shibhialta tacaíocht ar fáil dos na seirbhísí éigeandála, m.sh. ag deileáil le drochaimsir nó ag cuardach do dhaoine atá ar iarraidh agus tugann siad faoi ghníomhaíochtaí chun tacú leis an bpobal chomh maith, m.sh. ag soláthar chlúdach garchabhrach ag imeachtaí áitiúla agus náisiúnta. Feidhmíonn Cosaint Shibhialta ag an leibhéal náisiúnta faoin Roinn Cosanta, le seachadadh na seirbhíse tríd an údarás áitiúil.

## Treorú ar an láthair do Chuardach do Dhaoine atá ar Iarraidh



## Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht

Stiúrtóireacht – Bóithre, Uisce agus Comhshaol / Stiúrtóir Seirbhísí, Fergus Galvin

### Cothabháil agus Feabhsú Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre den Dara Grád

In 2020 rinneadh iniúchadh le haghaidh lochtanna ar líonra iomlán na bPríomhbhóithre Náisiúnta agus na mBóithre Náisiúnta den Dara Grád i bPort Láirge.

Cíliméadar de Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád Neartaithe	6.5
--	-----

### Cothabháil agus Feabhsú Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Cíliméadar de Bhóthar Réigiúnach Neartaithe	12.3
Cíliméadar de Dhromchla Bóthair Réigiúnaigh Cóirithe	15.8
% de na Bóithre Neamh-Náisiúnta a ndearnadh Suirbhé orthu	93%
Líon na nDroichead Deisithe / Athchóirithe (Bóithre Réigiúnacha)	2
Cíliméadar de Bhóthar Áitiúil Neartaithe	37
Cíliméadar de Dhromchla Bóthair Áitiúil Cóirithe	60.1
Líon na nDroichead a Deisíodh / a Athchóiríodh (Bóithre Áitiúla)	4

## Comhlíonadh an trí chleachtadh seo a leanas sa bhliain 2020



Bhain gníomhaíochtaí an Chosaint Shibhialta le linn an chuid is mó de 2020 le 183 dualgais mar fhreagra ar COVID-19.

### Dualgais mar fhreagra ar COVID-19 agus gníomhaíochtaí a bhain leo

- Oilíúint Threalamh Cosanta Pearsanta (PPE)
- Ullmhú Feithiclí
- Glanadh agus Dí-éilliú Feithiclí
- Pleanáil agus Cumarsáid Mhisin
- Iompar Othar (chuig agus ó Thithe Altranais agus coinní Cliniciúla agus Ospidéal)
- Ag cabhrú le Seirbhís Fuilistriúcháin na hÉireann
- Bailiú agus seachadadh oidis dhochtúra don Líne Cabhrach Chúram Custaiméirí.

### Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal

Maoiníonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an scéim seo trínar féidir le húdarás áitiúla oibreacha a dhéanamh atá deartha chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla inar féidir rátaí imbhualte a laghdú nó inar aithníodh guaiseacha. In 2020 chuir an Chomhairle 8 scéim sábháilteachta ar chostas íseal i gcrích ar fud an chontae ar chostas €323,000.

### Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla

Tar éis roinnt blianta thug an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú isteach do scéimeanna feabhsúcháin áitiúla in 2017. Cuidíonn an deontas scéime seo le feabhsúcháin do bhóithre tuaithe neamhphoiblí. Fuair an Chomhairle deontas de €258,000 agus chuir sí 5 scéim i gcrích in 2020 agus ba é an Chomhairle a rinne na hoibreacha seo a chur i gcrích laistigh d'amscála gairid ar caighdeán ard.



## Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Is deis í an Scéim um Rannpháirtíocht Pobail (CIS) do phobail obair dheisiúcháin bóthair a dhéanamh ar chostas measartha beag ar bhóithre áitiúla agus cul-de-sacanna nach n-áireofaí de ghnáth ar phríomhchlár oibreacha bóthair na Comhairle. Chríochnaigh an Chomhairle 5 scéim in 2020 le leithdháileadh de €325,000.

## Clár

Mar chuid de chlár foriomlán an Rialtais um Fhorbairt Tuaithe, leithdháileadh maoiniú de €149,850 ar an gComhairle faoin scéim CLÁR do thionscadail bhonneagair ar scála beag i gceantair ainmnithe tuaithe a d'fhulaing na leibhéil is mó de laghdú daonra. Chuir an Chomhairle saoráidí sábháilteachta ar fáil do scoileanna agus do phobail lena n-áirítear soilse gealánacha scoile a sholáthar, uasghrádú ar mharcáil líne agus comharthaíocht rabhaidh do phobail i gceantair a d'ainmnigh an Chomhairle le haghaidh CLÁR. Chríochnaigh an Chomhairle 3 Scéim in 2020.

## Tionscadail Spreagthachta Post NTA 2020

I mí Iúil 2020 d'fhógair an rialtas pacáiste beart a dearadh chun téarnamh dírithe ar phoist a spreagadh agus muinín eacnamaíoch a thógáil agus ag an am céanna ag leanúint ar aghaidh tionchar COVID 19 a bhainistiú d'údaráis áitiúla. Fuair Comhairle Phort Láirge €4,036,000 le haghaidh bearta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide ar an ngréasán bóithre agus ar thionscadail chun saoráidí agus sábháilteacht do choisithe agus do rothaithe a fheabhsú.

## Comhshaol

### Páirc Láithriúcháin & Spásanna Oscailte

#### Páirceanna Cathracha & Spásanna Oscailte

- Plandáil Chrainn Leath Fásta ar fud ár bPáirceanna agus eastáit Chónaithe.
- Úsáideadh modhanna inmharthana atá neamhdhiobhálach don timpeallacht chun fás fiailí nach bhfuil ag teastáil a choimeád faoi smacht.
- Bainistiú agus rialú ar 180 ciliméadar líneach de chóireáil fiailí ar cholba an chosáin.
- Taispeántas Bláthanna Samhraidh, Bláthchiseáin Chrochta ar fud na cathrach san áireamh.
- Cothabháil agus bainistíocht ar 78 heictéar de spásanna oscailte faoi fhéar, le béim ar an mBithéagsúlacht.
- Tionscnamh Bithéagsúlachta Pháirc Dhúlra Chill Bharra, ag cur bithéagsúlacht i gcluainte chun cinn.
- D'fhan gach páirc oscailte agus seirbhísithe le linn tréimhse dhianghlása COVID-19.

Cuireadh réimse cuimsitheach tionscadal um oiriúnú aeráide agus taisteal gníomhach i gcrích ar fud na 3 cheantar sa Chontae mar chuid den sruth maoinithe seo. Cuireadh tús le hobair dhearaidh ar thionscadail eile agus cuirfear ar aghaidh iad le linn 2021.

## Cothabháil Geimhridh

Mar chuid de Phlean Cothabhála Geimhridh na Comhairle, tá sé mar aidhm ag an gComhairle freagairt éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar chun an tionchar diúltach a bhíonn ag sioc trom nó sneachta trom ar an bpobal taistil a laghdú ar an ngréasán bóithre. Níl sé indéanta gach bóthar poiblí a chóireáil leis na hacmhainní atá ar fáil agus dá bhrí sin ainmnítear bealaí le rátáil tosaíochta idir 1 agus 3 bunaithe ar aicme bóthair, méideanna tráchta agus tábhacht an bhealaigh.

Déantar bealaí Tosaíocht 1 agus Tosaíocht 2 a shailleadh roimh ré tar éis rabhaidh faoi theocht íseal. Déantar bealaí Tosaíochta 3 a shailleadh de réir mar a cheadaíonn acmhainní. Feidhmíonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 6 scaiptheoir salainn in-íosluchtaithe agus 1 scaiptheoir salainn buansuite mar aon le feithiclí cúntacha eile chun an clár seirbhíse geimhridh a sholáthar. I gcás sneachta, cuirtear céachtaí os comhair na scaiptheoirí salainn. Cuirtear grean ar fáil in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae le húsáid ag an bpobal le linn tréimhsí fada de shioc trom. Le linn aimsir fhuar throm nó fhada soláthraíonn suíomh Gréasáin na Comhairle, fógraí raidió, foláirimh léarscáileanna agus postanna meán sóisialta faisnéis cothrom le dáta faoi stáid bhóthar na Contae.

## Láithriúcháin Thrá Mhór

- Plandáil Chrainn Leath Fásta ar fud ár n-eastát Cónaithe agus ar an gCuarbhóthar.
- Taispeántas Bláthanna Samhraidh, ina measc taispeántas nua ar Thimpealláin Somerville agus na Móna Bui.
- Cothabháil agus bainistíocht go himmheánach ar 26 heictéar de spásanna oscailte faoi fhéar.
- Tionscnamh bithéagsúlachta Loch Bádóireachta Thrá Mhór.

## Láithriúcháin Dhún Garbhán

- Plandáil Chrainn Leath Fásta ar fud ár bPáirceanna; Spásanna Poiblí agus eastáit Chónaithe.
- Cothabháil agus bainistíocht go himheánach ar 40 heictéar de spásanna oscailte faoi fhéar.
- 2 heictéar den méid thuasluaite a choimeád mar chluaint de bhláthanna fiáine cois cósta.
- 3 heictéar a choimeád mar thionscnamh bithéagsúlachta
- Ag cur plandáil inmharthana chun cinn laistigh de cheantar an bhaile.
- D'fhan gach páirc oscailte agus seirbhísithe le linn tréimhse dhianghlasála COVID-19.

## Timpeallacht:

### Bainistiú Bruscair – GEAB (Ghnó na hÉireann in Aghaidh Bruscair)

Rangaíodh Port Láirge san 8ú háit as 37 baile - tá Cathair Phort Láirge ar an chathair is glaine in Éirinn i gcónaí.

### Brat Glas do Pháirceanna

Ghnóthaigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge stádas Dhámhachtain an Bhrait Ghlais mar gheall ar dhá áis den scoth i gCathair agus i gContae Phort Láirge. Páirc Dúlra Chill Bharra agus Rian Glas na nDéise.

## Seirbhísí Tréidliachta

Rinneadh cigireachtaí faireachais rialta ar shábháilteacht bia, iniúchadh ar fheoil roimh bhás agus iarbhás, iniúchtaí ar mharú agus leas ainmhithe, seiceálacha inrianaitheachta agus lipéadaithe agus iniúchtaí sláinteachais phearsanta in 2020 de réir threoirilínte FSS agus EDS do chigirí tréidliachta le linn phaindeim COVID-19 agus de réir an chonartha seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (USBÉ). I measc na ngnóthas bia a bhí faoi mhaoirseacht le linn 2020 bhí 4 seamlas agus 7 n-ionad próiseála feola.

Rinneadh 87 iniúchadh ar áitribh. Tógadh 39 sampla ina raibh 12 sampla uisce, 16 sampla d'iarbhar tréidliachta, 3 shampla de bhia micribhitheolaíoch agus 8 sampla feola le haghaidh anailíse ar Níotráit agus Sulfit.

Ba iad líon na maraithe do na trí sheamlas faofa do 2020 ná 27,719 caora, 1,828 eallach, 668 muc agus 11 gabhar.

## Forfheidhmiú Comhshaoil

### Dumpáil neamhdhleathach lena n-áirítear Dramháil T&B

Ba thosaíocht í i gcónaí i 2020 dul i ngleic le dumpáil neamhdhleathach agus diúscairt mhídhleathach. De ghnáth is féidir iad seo a roinnt in dhá chatagóir, scála beag / baile, níos lú ná 5 mhála dramháiola, nó dramháil ar scála níos mó den saghas a dhéanann bailitheoirí dramháiola neamhúdraithe.

- 4 Cigire Comhshaoil fostaithe
- 204 fineáil bruscair eisithe
- 13 chás inar tionscnaíodh imeachtaí dlí nó ina bhfuil siad le tionscnamh
- 191 litir rabhaidh
- 15 treoir faoi Alt 14 den Acht um Bainistiú Dramháiola
- 27 Fógra faoi alt 55
- 2 fhógra faoi alt 18.

### Comhlíonadh Bainistíocht Dramháiola Teaghlaigh (lena n-áirítear An Bosca Bruscair Donn)

Mar chuid d'fhorfheidhmiú na bhFodhlíthe nua um Scaradh, Stóráil agus Láithriú Dramháil Teaghlaigh agus Tráchtála 2018, a tháinig i bhfeidhm i mí na Nollag 2018, scríobhadh chuig 770 teaghlach chun faisnéis a lorg faoin gcaoi a rabhadar ag bainistiú a gcuid dramháiola.

### Feithiclí Deireadh Saoil

Ba thosaíocht náisiúnta forfheidhmiú na rialachán um feithiclí Deireadh Saoil do 2020. De bharr srianta mar gheall ar phaindeim COVID-19 bhí sé deacair tabhairt faoi chuid de na gnáth ghníomhaíochtaí forfheidhmithe. Mar sin féin, rinne foireann CCCPL togra deisce chun dramháil a bhí in easnamh nó nár tuairiscíodh ina hiomláine, d'eascair seo as próiseáil ELVanna a bhí ina dhiaidh sin ina heiseamláir d'údarás áitiúla eile agus an sruth dramháiola seo á fhorfheidhmiú.

### Rialacháin DTLL

Maidir leis na deacrachtaí a bhain le cigireachtaí a dhéanamh mar gheall ar COVID-19, seoladh ceistneoirí chuig 140 áitreabh a sainithníodh mar áitribh ar dócha iad a bheith ag díol Trealamh Leictreach nó Leictreonach, féachaint an rabhadar cláraithe do na rialacháin DTLL. Cuirfidh na freagraí ar an gceistneoir seo bonn le pleanáil cigireachtaí sna blianta amach romhainn.

### Rialacháin Mearcair

Cuireann tabhairt isteach na Rialacháin Mearcair ceanglas ar chleachtas fiaclóireachta deighilteoir malgam fiaclóireachta a úsáid chun dramháil mhearcair ó líonadh fiacla a bhaint dá bhfuíolluisce. Cuireadh ceistneoir chuig 34 cleachtas fiaclóireachta ag lorg faisnéise maidir le suiteáil an deighilteora seo. Úsáidfean an fhaisnéis seo chun cigireachtaí a phleanáil amach anseo.

## Caighdeán an Aeir

### Rialacháin um Breosla Soladach – ‘Gual Deataigh’

Leathnaíodh an cosc ar ‘ghual deataigh’ chun baile Trá Móire agus an ceantar máguaird a chlúdach ó 1 Meán Fómhair 2020. Seoladh litreacha chuig 15 miondioltóirí guail chun iad a chur ar an eolas faoin athrú seo sular tháinig sé i bhfeidhm. Reáchtáladh feachtas fógraí nuachtáin agus raidió ar ghual deataigh freisin. Eisíodh 2 fhíneáil as ‘gual deataigh’ a dhíol i gcrios deataigh ísil in 2020.

### Clár Monatóireachta an Aeir Comhthimpeallaigh

Lean an chomhairle ag comhoibriú le clár Monatóireachta an Aeir Comhthimpeallaigh de chuid an GCC in 2020, ach chuir srianta na paindéime cosc ar rolladh amach stáisiún monatóireachta nua i bPort Láirge. Meastar go ndéanfar é seo a rolladh amach i 2021.

### Cigireachtaí Neamhghnácha

Taifeadh 2982 gearán / tuarascáil comhshaoil ar CRM in 2020 arna miondealú sna catagóirí seo a leanas:

- Bruscar 479 (laghdú de 12)
- Cuimsíonn dramhaíl (neamh-T&B) diúscairt mhídhleathach agus dumpáil neamhdhleathach 2341 (méadú de 42)
- Dramhaíl (T&B) 39 (méadú de 4)
- Aer agus Boladh 48 (méadú de 17)
- Torann 75 (méadú de 13)
- Bainistíocht Dramhaíola

### Athchúrsáil

Soláthraíonn Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge 2 Saoráid Conláiste Chathartha & 66 Láithreán Fág Anseo inar bailíodh 163 tonna teicstíle, 3280 tonna gloine, 42 tonna de Cannáil Alúmanaim agus 1.9 tonna de Bhuidéil Phlaisteacha.

## Feasacht & Oideachas Comhshaoil

### Bailte Slachtmhara

Ní raibh aon chomórtas náisiúnta Bailte Slachtmhara in 2020 mar gheall ar shrianta COVID-19. Leanadh den obair le grúpaí Bailte Slachtmhara nuair ab fhéidir.

### Glantacháin Pobail

Lean Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ag tacú le glantacháin phobail trí na hábhair ghlantacháin a sholáthar agus na málaí bruscair a bhailiú lena ndiúscairt. Ghlac grúpaí beaga páirt i nglanadh a gceantar áitiúil i rith na bliana. Chomhlíon na rannpháirtithe srianta COVID-19 ina n-íomláine.

### Seachtain Náisiúnta na gCrann

Thug Comhairle Crann na hÉireann agus Coillte 400 crann óg dúchasach arís le haghaidh plandála i bpobail áitiúla.

## Cosc dramhaíola

Reáchtáladh ceardlanna comhshaoil ar líne agus tairgeadh iad do ghrúpaí pobail agus do scoileanna i rith mhíonna an fhómhair.

### Bruscar

Cuireadh feachtas ar bun chun dul i ngleic le bruscar ar thaobh an bhóthair ar fud an raidió, na meán sóisialta agus nuachtán, ag spreagadh an phobail chun lucht caite bruscair a cháineadh. Tharraing an feachtas seo aird an phobail agus fuairamar go leor iarratas ar fhaisnéis bhreise maidir leis an tionscnamh.



Thairg Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge cúnamh i rith na bliana don phobal i gcoitinne chun bruscar agus dramhaíl a dumpáladh go mídhleathach a ghlanadh óna dtimpeallacht áitiúil m.sh. bóithre isteach, spotaí áilleachta áitiúla, trána agus limistéir phoiblí i gcoitinne.

Cuireadh feachtas chun cinn in éadan salú madraí ar na meáin shóisialta chun aird a tharraingt ar na fadhbanna a bhaineann le salachar madraí, feasacht a mhúscailt faoin bhfíneáil bruscair agus chun iarraidh ar siúlóirí madraí glanadh suas i ndiaidh a gcuid madraí. Thug an clár Siúlóir Madra Glas bealach ar fáil chun teagmháil a dhéanamh le húinéirí madraí faoin ngá atá le salachar a gcuid madraí a thógáil.



Forbraíodh sraith teachtaireachtaí meán sóisialta chun iarraidh ar dhaoine maisc aghaidhe agus lámhainní a dhiúscairt go freagrach.



## Ceardlanna um Gníomhaíocht Aeráide

Reáchtáladh ceardlanna um gníomhaíocht aeráide ar líne do ghrúpaí pobail, ba é Clár Oibre Áitiúil 21 de chuid an Chiste Gníomhaíochta Comhshaoil a mhaoinigh iad.



### Cosc Dramhaíola

Fuarthas maoiniú LAPN do thionscadal chun dramhaíl péinte a chosc trí fheasacht a mhúscailt faoi leideanna maidir le péint a cheannach, a stóráil agus a dhiúscairt chun an dramhaíl is lú agus is féidir a chruthú. Tá na leideanna seo á roinnt ar líne trí phoist agus físeáin sna meáin shóisialta, ar an raidió agus ag an bpointe díolacháin i siopaí crua-earraí agus péinte.



### Feasacht Dramhaíola

Tionóladh Seachtain Feasachta Dramhaíola ón 23 go 28 Samhain, a sholáthair eolas don phobal ar athúsáid, laghdú agus athchúrsáil dramhaíola. I measc na n-ábhar a clúdaíodh, bhí Dramhaíl Bia, Glantachán Níos Glaise, Péinteáil Níos Cliste, Teicstílí.



Ceann de na bealaí is éifeachtaí chun dul i ngleic le hathrú aeráide

## 2GoCup

Lean obair ar fheachtas chun deireadh a chur le cupáin caife indiúscartha sa Trá Mhór, ag úsáid **2GoCups**. Cuireadh postanna agus físeáin sna meáin shóisialta ar ár leathanaigh meán sóisialta go rialta agus cuireadh comharthaí móra in airde ag na bealaí isteach chuig an mbaile chun úsáid 2GoCups a spreagadh.



### Mí na hAthúsáide

Ba é Deireadh Fómhair Mí Náisiúnta na hAthúsáide agus chabhraigh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge le ranganna teagaisc, ceardlanna, físeáin agus podchraoltaí ar líne a chur chun cinn. Liostáladh na himeachtaí go léir ar [www.mywaste.ie](http://www.mywaste.ie)

### Clár na Scoileanna Glasa

Ghlac 101 scoil páirt i gclár na Scoileanna Glasa. Reáchtáladh Seimineáir na Scoileanna Glasa ar líne le téamaí éagsúla m.sh. bruscar, dramhaíl, fuinneamh, uisce, taisteal, bithéagsúlacht, srl. Cuireadh nuachtlitreacha chuig gach scoil chun rannpháirtíocht sa chlár a spreagadh.

## Biúró Fuinnimh Phort Láirge

Tá Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ag cur tionscadail i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm acu sprioc laghdaithe fuinnimh 33% a bhaint amach faoi dheireadh 2020. Thuairiscigh tuarascáil 2019 gur baineadh laghdú fuinnimh de 23.5% amach i gcomparáid le húsáid fuinnimh 2009.

Chuaigh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge i gcomhpháirtíocht leis na hÚdarás Áitiúla eile i Réigiún an Deiscirt chun tairiscint a ullmhú le soilsiú poiblí a iarfheistiú go LED, chuimseodh seo 15,000 solas i bPort Láirge. Táthar ag súil go dtosóidh ar an obair iarfheistithe go déanach i 2021.

Tá CCCPL tar éis dul le “Tionscnamh Chúnant na Méaraí”, an ghluaiseacht is mó ar domhan le haghaidh gníomhaíochtaí aeráide agus fuinnimh áitiúla. Gheall CCCPL gníomh chun tacú le cur i bhfeidhm sprioc laghdaithe gáis cheaptha teasa 40% an AE faoi 2030 agus glacadh le cur chuige comhpháirteach chun dul i ngleic le maolú agus oiriúnú don athrú aeráide.

Tá straitéis agus iarratas maoinithe ullmhaithe ag CCCPL do SEAI chun pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil i bPort Láirge. Beidh pointí luchtaithe CL lonnaithe in áiteanna straitéiseacha ar fud Phort Láirge agus beidh siad mar chuid den chéad chéim de shuiteálacha pointe luchtaithe CL.

Tá CCCPL ag tacú le pobail a bheith páirteach sa tionscnamh “Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe”, mar a bhfuil maoiniú ar fáil trí SEAI, chun “Máistirphleananna SEC” a fhorbairt.

## Rialú Ainmhithe

### Rialú Madraí



Fostaíonn Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge Coimeádaí Póna agus beirt Mhaor Madraí lánaimseartha chun forálacha an Achta um Rialú Madraí 1986-1992 (arna leasú) a fhorfheidhmiú. Déanann na Maoir Madraí imscrúdú ar ghearáin maidir le madraí nach bhfuil faoi smacht ceart, atá dul ar strae, nó a bhain greim as daoine/ ainmhithe eile. Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar líon na madraí a tógadh isteach sa phána, a bhfuarthas úinéirí nua dóibh, ar thóg a n-úinéir iad agus a ndearnadh eotánaís orthu le linn 2020.

### Rialú Capall



Faoin Acht um Rialú Capaill 1996, tá sé de chumhacht ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge capaill fáin a ghabháil agus a ghaibhniú. Gabhadh 17 gcapall fáin agus fuarthas úinéirí nua dóibh ina dhiaidh sin.



188

**MADRAÍ A TÓGADH  
ISTEACH SA PHÓNA**



116

**MADRAÍ A BHFUARTHAS  
ÚINÉIR NUA DÓIBH**

76 CHUIG CARTHANAS MADRA  
40 CHUIG BAILL DEN PHOBAIL



69

**MADRAÍ  
AR THÓG A  
N-ÚINÉIR IAD**



3

**MADRAÍ A  
NDEARNADH  
EOTÁNAIS ORTHU**

### Ceadúnais Madraí

	Bliantúil	Saoil	Ginearálta	Iomlán
Ceadúnais madraí a ceannaíodh ag Oifig Phoist	6,106	53	0	<b>6,159</b>
Ceadúnais madraí a ceannaíodh ag <a href="http://www.licences.ie">www.licences.ie</a>	2,344	93	0	<b>2,437</b>
Ceadúnais madraí a ceannaíodh ag Oifigí CCCPL	0	0	29	<b>29</b>
	8,450	146	29	<b>8,625</b>

## Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol

Tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol) 2007 go 2011 (IR Uimh. 133 de 2007 agus IR Uimh. 662 de 2011) (dá ngairtear na Rialacháin RFC anseo feasta), cearta dlíthiúla dóibh siúd atá ag iarraidh rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ó údarais phoiblí.

Faighte	Deonaithe	Cuid-Deonaithe	Diúltaithe
5	3	1	1

# Seirbhísí TF

## Cuspóirí

Ardán inrochtana cuimsitheach seirbhíse do chustaiméirí a sholáthar don phobal, do bhaill tofa agus don fhoireann, trí theicneolaíocht na faisnéise a úsáid go héifeachtach.

Na huirlisí, na córais, na réitigh agus an bonneagar a sholáthar chun a chur ar chumas na foirne agus na rannóg gnó a gcuspoirí gnó a bhaint amach.

Seirbhís tacaíochta teicniúla a sholáthar don fhoireann i réimsí Líonraí, Feidhmchlár, Bainistíocht Doiciméad agus Córais Faisnéise Geagrafaí (GIS).

Theicneolaíocht Faisnéise a úsáid chun ár seirbhís don phobal a fheabhsú agus chun próisis ghnó inmheánacha na comhairle a fheabhsú.

## Príomhéachtaí

### Córais Faisnéise Geagrafaí (GIS)

Chun freagairt na Comhairle a chomhordú, rinne Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge Deais Tacaíochta Pobail COVID-19 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go tapa. Ní amháin gur lig an deais seo d'fhoirne lárionad glaonna iarratais ar chúnamh a threorú chuig na grúpaí tacaíochta is oiriúnaí, ach thug sé deis do mhaoirseoirí agus don bhainistíocht léargas iomlán a fháil ar an gcaoi a raibh cúrsaí.

D'úsáid an deais fhíor-ama cairteacha, tomhsairí, léarscáileanna, liostaí teagmhála agus eilimintí amhairc eile chun cabhrú le déanamh cinntí, ar scáileán amháin.



Chuidigh cur chuige struchtúrtha le Grúpaí Deonacha a ghabháil agus a phróiseáil, ag úsáid suirbhéanna ar líne agus deaiseanna riaracháin lena chinntiú nár úsáid an Chomhairle ach grúpaí ceadaithe agus grúpaí a ndearnadh grinnfhiosrúchán orthu le linn na tréimhse seo. Chomh maith leis sin, tiomsaíodh agus cuireadh i láthair faisnéis teagmhála do ghníomhaireachtaí stáit agus áitiúla, mar aon le sonraí agus suíomhanna Dochtúirí Teaghlaigh, Oifigí Poist, Ollmhargaí, Stáisiúin Garda agus seirbhísí riachtanacha eile.

## Deontais Atosaithe

D'úsáid an Rannóg GIS a scileanna anailíse ar shonraí sa dara leath den bhliain chun cabhrú leis an Roinn Airgeadais níos mó ná €15 milliún de dheontais do ghnóthais áitiúla faoi pacáiste tacaíochta COVID19 an Rialtais a phróiseáil agus a íoc. Chuir GIS tacaíocht anailíseach agus próiseála sonraí ar fáil chun muinín a thabhairt d'fhoireann a bhí ag obair go cianda, le linn COVID19, go raibh airgead á íoc leis na hiarratasóirí cearta agus gur íocadh na méideanna cearta. Chuidigh GIS freisin lena chinntiú go ndéileálfai go tapa le hiarratais agus go n-íocfaí deontais go pras nuair a bhí an fhaisnéis a cuireadh isteach sa chóras iarratais ar líne, [Submit.com](#), ceart agus nuair a chomhlíon sé na critéir shocraithe.

## Aerfótagrafaíocht

I rith Aibreán 2020, ghlac Bluesky International Limited Aerfótagrafaíocht don Chontae. Glacadh iomhánna ag taifeach 10cm. Cuireadh na sonraí ar fáil i Meán Fómhair 2020 agus tá siad á n-úsáid cheana ag rannóga éagsúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar rudaí amhail, an Plean Forbartha Cathrach agus Contae, agus chun breathnú ar cheisteanna a bhaineann le dumpáil mhídhleathach.

## Iarratais

### Deasc Chabhrach COVID le haghaidh Freagairt Phobail

Mar fhreagairt ar phaindeim COVID-19 chuir an chomhairle Deasc Chabhrach i bhfeidhm mar chuid den tionscnamh Glaonna Pobail. D'úsáideamar ár n-ardán CRM Dynamics chun feidhmchlár inmheánach a fhorbairt go tapa chun iarratais ar sheirbhís saoránach a thaifeadadh, a rianú agus a thuairisciú. Cuireadh an fhaisnéis a bailíodh (lena n-áirítear geoshuíomh na n-iarratas agus Éirchód) ar fáil i bhfíor-ama dár bhfoireann GIS a d'úsáid í chun na hiarratais a threorú chuig an ngrúpa deonach is gaire a bhí ar fáil agus chun léargas gan ainm a chur i láthair ar láithreacha na n-iarratas.

## Deontais Atosaithe Gnó

Dháil an Chomhairle thart ar €15m ar ghnólachtaí áitiúla sa dara leath de 2020 faoin scéim seo. Réitíomar agus leagamar amach réiteach tríú páirtí go tapa chun an nasc a sholáthar idir na hiarratais ar dheontais ar líne agus ár gCóras Bainistíochta Airgeadais.

## Feidhmchlár COVID-19 Fan i dTeagmháil

Chun teagmháil a choinneáil agus a rianú leis na grúpaí deonacha a chuireann an tionscnamh Stay Connected i bhfeidhm faoi fheachtas 'Go dTé tú Slán' an rialtais, d'fhorbraíomar feidhmchlár inmheánach eile ar ár n-ardán CRM.

## Forbairt Córais Ghinearálta

Chomh maith leis na feidhmchláir a luadh thuas, leanamar lenár n-obair fhorbartha ginearálta ar an ardán CRM, ag cruthú agus ag cothabháil modúl do na ranna comhairle éagsúla. Agus leanaimid orainn ag forbairt córais inti nua, agus á gcothabháil, ar ardán .Net / SQL. Coinnímid agus tacaímid freisin le córais atá rithábhachtach don ghnó a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) chun tacú le príomhfheidhmeanna na Comhairle amhail Airgeadas, Tithíocht, Pleanáil, Clár Toghthóirí, srl.

## Uasghrádú / Ascnamh Córais

Le linn na bliana rinneamar uasghrádú agus ascnamh (chuig freastalaithe nua) ar roinnt córais criticiúla GBRÁ agus tríú páirtí do Phleanáil, Clár na dToghthóirí, Tithíocht, srl.

## Feidhmchlár Shoghluaiste

I rith na bliana d'fhorbraíomar roinnt aipeanna / foirmeacha soghluaiste saincheaptha a chomhtháthaigh go díreach le feidhmchláir a forbraíodh ar ár n-ardán CRM.

## Líonraí & Slándáil

### Cibearshlándáil

Tá cibearshlándáil, cosaint ár gcórais TF, seirbhísí sonraí agus líonraí cumarsáide, rithábhachtach. Cuireadh tús le slándáil logála isteach feabhsaithe chuig córais a rolladh amach.

### Bonneagar

- Soláthraíodh an uasmhéid maidir le haga fónaimh agus feidhmíocht Líonraí, Córais Ghnó agus Córais TF i ngach oifig do gach Úsáideoir.
- Choinníomar ár Líonra, Córais agus Sonraí slán sábháilte.
- Leanamar le Rialachas Slándála Faisnéise agus forbairt polasaithe.
- Uasghrádú ar fhreastalaithe chun ardán slán seasmhach a sholáthar do sheirbhísí Digiteacha na Comhairle.

## Feabhsú Leanúnach

Le linn 2020, lean an rannóg le cur chuige lúfar comhtháite maidir le bealaí níos éifeachtaí a fhorbairt chun seirbhísí a sholáthar dár gcustaiméirí inmheánacha agus seachtracha. Ag freagairt do phaindeim COVID-19, cuireadh iallach ar an gComhairle an bealach a eagraítear gníomhaíochtaí a athrú agus bealaí nua seachadta seirbhíse a fhorbairt go tapa.

## MS Teams

Mar fhreagairt ar an oiread sin dár bhfoireann a bheith ag obair go cianda, suiteáladh Microsoft Teams ar ríomhairí glúine ar fud an chontae agus níos faide i gcéin. I rith na bliana d'oibrigh Feabhsú Leanúnach le níos mó ná 20 rannán chun cabhrú le cur i bhfeidhm agus úsáid.

## Seachtain na Nuálaíochta



Reachtáladh an dara seachtain nuálaíochta ar fud na Seirbhíse Poiblí i mí Dheireadh Fómhair le ceardlanna ar líne agus seimineáir ghréasáin ag oileadh agus ag spreagadh foirne. Le linn na seachtaine seo roinnt foirne ón Leabharlann, Seirbhísí Uisce, IS agus Seirbhísí do Chustaiméirí a gcleachtas agus a scéalta nuálacha féin, ag léiriú ár dtiomantas chun nuálaíocht a mhéadú ar fud na Comhairle. Ag na dámhachtainí nuálaíochta náisiúnta d'éirigh linn maoiniú de €15,000 a fháil chun tionscnamh na cathrach cliste agus tástáil braiteoirí IoT a chur chun cinn.

## Iarratais Ar Líne

Le linn 2020 rinneadh píolótú agus cur i bhfeidhm ar thionscnamh um chlaohlú digiteach a chuireann córas ar líne in áit iarratas ar pháipéar. Chomh maith le foirmeacha iarratais a bhogadh ar líne, rinneadh gach céim den phróiseas a mhapáil agus rinneadh feabhsúcháin. Laghdaigh an réiteach seo páipéar agus am agus chuir sé feabhas ar an tseirbhís dár gcustaiméirí.

Tá na bogearraí bainistíochta aighneachtaí a bhailíonn, a bhainistíonn agus a mheasann gach cineál aighneachta agus iarratas ar fáil anois ar láithreáin ghréasáin na Comhairle agus LEO.

Tá iarratais ar líne ar an gcóras faoi láthair ar thacaíochtaí airgeadais ón Oifig Fiontair Áitiúil, Scéimeanna Dreasachta Eacnamaíochta, Ealaíona agus Féilte.

## WIRE App



D'oibrigh Feabhsú Leanúnach i dteannta le Foireann Tionscadail ó Acmhainní Daonna agus Ranna Inmheánacha eile chun cumarsáid agus rannpháirtíocht fostaithe le linn COVID-19 a fheabhsú.

Cuideoidh an aip (Acmhainn Faisnéise Phort Láirge d'Fhostaithe) a seoladh i mí na Nollag le fostaithe a mhothaíonn go bhfuil siad scoite níos mó teagmhála a dhéanamh le comhghleacaithe agus leis an eagraíocht.

## Tionscnaimh Dhigiteacha

Chuir paindéim COVID-19 béim ar thábhacht seirbhísí leathanbhanda iontaofa lena chinntiú gur féidir le saoránaigh ar fud na tíre cianobair, oideachas agus seirbhísí riachtanacha eile a fháil agus a chur i gcrích ar líne.

### Leathanbhanda

Tá Port Láirge tiomanta do thacaíocht a thabhairt don phlean Náisiúnta leathanbhanda agus rochtain uilíoch ar leathanbhanda ardluais a chinntiú.

Beidh an chéim thógála do MD Chathair Phort Láirge ar siúl go luath i 2021. Tosóidh suirbhéireacht ar cheantar an Chomaraigh i mí Feabhra 2021.

### Wi-Fi Poiblí saor in aisce

D'fháiltigh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge roimh rolladh amach Wi-Fi Poiblí Saor in Aisce ar fud Phort Láirge. Tá an tseirbhís ar fáil anois do shaoránaigh i spásanna poiblí lena n-áirítear cearnóga, leabharlanna, ionaid phobail, páirceanna poiblí, ionaid fóillíochta, ionaid spóirt, áiseanna ealaíne, agus áiseanna pobail agus Comhairle.



## Seoladh Mol Sonraí Oscailte Phort Láirge

Sheol Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge an tionscnamh Sonraí Oscailte le haghaidh Cathair Cliste 2021. Ag cur Nuálaíochta agus trédhearcachta chun cinn trí shonraí Earnáil Phoiblí na hÉireann a fhoilsiú i bhformáidí oscailte, saor in aisce agus in-athúsáidte.


Tá dhá aidhm ag Sonraí Oscailte; ar thaobh amháin ag éascú trédhearcacht na hEarnála Poiblí agus ar an taobh eile ag soláthar acmhainn luachmhar ar féidir léi nuálaíocht a spreagadh. Féadann infhaighteacht Sonraí Oscailte cumhacht a thabhairt do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.

Spreagann agus tacaíonn an tionscnamh seo le fás agus forbairt Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) i bPort Láirge agus dá réir sin Cathair Chliste a fhorbairt dá saoránaigh. Dearfar Cathair Chliste Phort Láirge chun caighdeán beatha a saoránach agus a pobal a fheabhsú - ó iompar agus oideachas go huisce, dramhaíl agus fuinneamh. Éilíonn na bonneagair chliste seo cultúr oscailte a bheidh le leas gach duine.



## Nascphointe leathanbhanda

Tá leathanbhanda ardluais ar fáil anois ar fud 4 Nascphointe leathanbhanda ar fud Phort Láirge. Tá Wi-Fi saor in aisce ar fáil ag na suíomhanna seo. Tá roinnt bunscóileanna le nascadh go luath i 2021.







# CÚRSAÍ AIRGEADAIS



## Cuntais Airgeadais – 2020

In ainneoin na ndúshlán urghnách a chruthaigh an phaindeim in 2020, lean Stiúrthóireacht Airgeadais na Comhairle ag cur maoirseachta agus rialaithe iomchuí ar airgeadas na heagraíochta chun cinn trína chinntiú go gcoinníonn gach rannóg agus stiúrthóireacht fócas láidir ar bhainistíocht airgeadais stuama agus bailiú / bainistíocht fiach. Bhí tionchar drámatúil agus láithreach ag tosú na dianghlásála i mí Mhárta 2020 ar ioncam na Comhairle, go háirithe i réimsí mar pháirceáil, pleanáil, ceadúnais oscailt bóithre, srl. Bhí tionchar tubaisteach aige seo, agus ag dianghlásálacha a tháinig ina dhiaidh sin, ar go leor dár n-íocóirí rátaí agus custaiméirí tráchtála eile ar cuireadh iallach orthu a gcuid gníomhaíochtaí a dhúnadh nó a chiorrú go suntasach. Ar dtús bhí an tionchar ar shreafaí airgid na Comhairle an-suntasach freisin agus ar feadh tréimhse ama, ba chosúil go gcaithfeadh an Chomhairle a seachadadh seirbhíse a chiorrú go suntasach chun a seasmhacht airgeadais a choinneáil. Mar sin féin, tugadh isteach roinnt tacaíochtaí Rialtais agus bearta eile ina dhiaidh sin i rith na bliana de réir mar a lean an phaindeim ar aghaidh agus chabhraíodar seo ceann ar cheann an tionchar ar airgeadas na Comhairle agus ar ár n-íocóirí rátaí, iasachtaithe iasachtaí tithíochta, srl. a mhaolú. Soláthraítear cuid de na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil d'íocóirí rátaí agus do chustaiméirí neamhtráchtála sna hait seo a leanas.

Ba é €0.6m an barrachas ioncaim do 2020, dá réir sin ag laghdú easnamh an chúlchiste ioncaim carntha ag deireadh 2020 go €5.2m. Cuireann seo le clú na Comhairle maidir le barrachais a bhaint amach gach bliain ó cruthaíodh í in 2014. Léiríú an-dearfach is ea barrachas a bhaint amach arís in 2020 ar na baill tofa agus ar iarrachtaí leanúnacha fhoireann Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge acmhainní a uasmhéadú, luach níos fearr ar airgead a bhaint amach, ioncam a uasmhéadú agus éifeachtúlachtaí foriomlána a mhéadú.

## Rátaí tráchtála

Tá rátaí tráchtála iníoctha ar raon éagsúil réadmhaoine tráchtála mar mhonarchana, oifigí, siopaí, óstáin agus bialanna. Cinneann an Oifig Luachála an luacháil atá le cur i bhfeidhm ar réadmhaoine rátáilte. Tar éis bhuiséad na Comhairle a bhreithniú gach bliain, socraíonn na comhaltaí tofa an ráta atá le tobhach ar an luacháil seo. Ba é an ráta a cuireadh i bhfeidhm in 2020 ná € 0.2648.

Mar thacaíocht d'fhiontar mar aitheantas ar thionchar COVID19, cuireadh tarscaoileadh 100% i bhfeidhm ar rátaí tráchtála ar feadh tréimhse 9 mí in 2020 d'fhorhmór na gcáiniocóirí cé is moite de líon beag catagóirí. Ní raibh próiseas iarratais i gceist. Fuair íocóirí rátaí Phort Láirge luach €14.8 milliún san iomlán i dtarscaoileadh rátaí. Ina theannta sin, cuirfear tarscaoileadh rátaí tráchtála eile i bhfeidhm sa chéad ráithe de 2021 maidir leis na gnóthais is mó a dtéann srianta an Rialtais i bhfeidhm orthu.

Laghdaigh géarchéim COVID 19 raon feidhme na Comhairle chun rátaí a bhailiú agus leigheasanna dlí a úsáid go mór. Ní dheachthas sa tóir go gníomhach ar bhailiúcháin i laethanta luatha na ngéarchéimeanna. Rinneadh fócas na foirne rátaí a atreorú chuig próiseas na deontas atosaithe ó Bhealtaine go Samhain 2020. Chuaigh rannóg na rátaí sa tóir ar rátaí ó na hearnálacha nach ndeachaigh na srianta i bhfeidhm orthu go suntasach ag pointe níos déanaí sa bhliain. Mar thoradh ar na bailiúcháin seo agus na bearta rialtais ar tagraíodh dóibh thuas.

## Deontais Atosaithe

Chuir Deontais Atosaithe cúnamh deontais díreach ar fáil do ghnólachtaí a ndeachaigh paindeim COVID19 i bhfeidhm orthu. Bhí na deontais bunaithe ar an mbille rátaí tráchtála gnó ó 2019. Íocadh breis agus €15.5 milliún de chúnamh deontais in 2020. Íocadh na deontais le 1,440 gnóthas a bhí ag trádáil sa Chontae agus chabhraíodar le gnóthais a chothú tríd an tréimhse nach bhfacthas a leithéid riamh. Íocadh na Deontais de €15.5 milliún thar dhá scéim / chéim Deontais ar leith. Bhí difríochtaí sna critéir cháilíochta idir na céimeanna le critéir éagsúla. Ní beag na hacmhainní comhairle a infheistíodh sa tionscadal seo.

## Iasachtaí Tithíochta

Leanamar ag tairiscint réiteach d'iasachtaithe i riaráistí agus d'éascaíomar athstruchtúrú ó comhúinéireacht go blianacht 100%.

## Achoimre Airgeadais 2020 – Faoi Réir Iniúchta

Achoimre ar an gCuntas Ioncaim	2020	2019
	€M	€M
Iarmhéid Tosaigh ar an 1 Eanáir	-5.8	-6.7
<b>Caiteachas don Bhliain</b>	<b>173.6</b>	<b>134.0</b>
Aistrithe chuig Chúlchistí	6.9	4.6
	<b>180.5</b>	<b>138.6</b>
<b>Ioncam don Bhliain</b>		
Deontais ón Stát	93.5	53.3
Earraí agus Seirbhísí	35.1	36.3
Cáin Mhaoine Áitiúil	18.9	18.9
Rátaí Tráchtála	33.6	31.0
	<b>181.1</b>	<b>139.5</b>
Farasbarr (Easnamh) don Bhliain	0.6	0.9

Achoimre ar an gClár Comhardaithe	2020	2019
	€M	€M
Sócmhainní Seasta	2,253.2	2,232.9
Obair idir Lámha	39.3	30.6
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	66.0	68.7
Sócmhainní Reatha	47.2	51.6
Easnamh Reatha	-44.9	-50.4
<b>Fo-iomlán</b>	<b>2,360.8</b>	<b>2,333.4</b>
<b>Creidiúnaithe Fadtéarmacha</b>	<b>-115.5</b>	<b>-120.5</b>
	<b>2,245.3</b>	<b>2,212.9</b>

Ionadaíocht ag:		
Cuntas Caipitlithe	2,253.2	2,232.9
Obair idir Lámha	30.3	23.0
Cúlchistí Ioncaim Ghinearálta	-5.2	-5.8
Iarmhéideanna Eile	-33.0	-37.2
<b>Cúlchistí Iomlán</b>	<b>2,245.3</b>	<b>2,212.9</b>



Waterford  
City & County Council  
Comhairle Cathrach  
& Contae Phort Láirge